Comhairle Chontae Laoise

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Comhairle Chontae Laoise
I bPáirt leis an bPobal
Áras an Chontae, Portlaoise, Co. Laois,
Tel: 057 8664000
Fax: 057 8622313
www.laois.ie
email: corpaffairs@laoiscoco.ie

CONTENTS

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Brollach Bainisteoir an Chontae	3
Ráiteas Misin	4
Comhaltaí na Comhairl	5
Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	7
Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha	15
Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae	33
Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce	38
Polasaí Pleanála agus Iompair	55
Bord Forbartha Contae Laoise	65
Bainistíocht Airgeadais	69
Comhairle Baile Phort Laoise	72
Comhairle Baile Mhóinteach Mílic	73
Gníomhaíochtaí Eile	76
Eolaire Úsáideach	77

Ráiteas an Chathaoirligh

Cuireann sé an-áthas orm mar Chathaoirleach Tuairisc Bhliantúil de chuid Chomhairle Chontae Laoise le haghaidh 2008 a sheoladh.

Leanann Comhairle Chontae Laoise ag soláthar ceannasaíochta chun an saol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha an chontae a chur chun cinn agus a fhorbairt agus tugann an Tuairisc Bhliantúil seo seans éachta na Comhairle i 2008 a imlíniú.

D'osclaíodh an Chearnóg Shibhialta nua le hais Áras an Chontae le linn na bliana agus soláthraíonn sé fócas amhairc tábhachtach ag an suíomh lárnach seo i mol sibhialta agus trádála i bPort Laoise. D'osclaíodh Stáisiún Tine nua, chomh maith, i Mainistir Laoise le linn na bliana faid is gur lean an Chomhairle, chomh maith, le h-áiseanna Leabharlanna agus áiseanna Faiche Imeartha an chontae a chur chun cinn.

Soláthraíonn an Chomhairle réimse leathan seirbhísí chun tairbhe saoránach uile an chontae agus ba mhaith liom obair chrua na mball tofa eile, atá ina gcomhaltaí agam, agus an fhoireann, i seachadadh na seirbhísí seo a lua. Uasghrádaíonn oscailt na n-oifigí ceantair nua i nGráig Uí Chuilinn agus i gCúil an tSúdaire soláthar na seirbhísí ag an leibhéal áitiúil.

Lean an Chomhairle ag cur Laoise chun cinn le linn 2008, chomh maith, mar áit bhreá chun cuairt a thabhairt air agus cuireadh go mór le próifíl an chontae trí réimse na n-ócáid náisiúnta agus domhanda a bhí ar siúl sa chontae i rith na bliana. Bhí an Fleadh Domhanda, Comórtais Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí, Rith Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett agus Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise i measc na bpríomh rudaí ins na hócáidí seo.

Táim muiníneach go bhfuil Comhairle Chontae Laoise ullamh go maith chun teacht slán ó aon dúshlán a éiríonn le linn tréimhse deacrachtaí agus le h-éiginnteacht eacnamaíochta.

Thomas Jacob,
Cathaoirleach.



Brollach Bhainisteoir an Chontae

Lean Comhairle Chontae Laoise ag déanamh dul chun cinn i 2008 chun Contae níos cruthaitheach agus níos inchothaithe a fhorbairt in ainneoin na deacrachtaí móra eacnamaíochta.

Bhí dul chun cinn mór déanta le linn 2008 ag cur bonneagar criticiúil mór chun cinn mar Scéim na Mótarbhealach M7/M8, Scéim Draenála Phríomha Phort Laoise agus tionscnaimh mhóra eile. Do dhein an Chomhairle seachada ar chlár maith tithíochta sóisialta agus in-acmhainn agus chuireadar tús le Céim 1 de Thionscnamh Athghiniúna Chnoc Maí i bPort Laoise.

Is féidir leis an gComhairle bheith bródúil as a sholáthar buacach bhonneagair shóisialta trasna an Chontae agus bhí a gcéad bliain den scoth ag an dá choimpléasc fóillíochta mhóra dár gcuid i bPort Laoise agus i gCúl an tSúdaire. Lean seoladh an chláir uaillmhianaigh leabharlanna le críochnú leabharlann Mhainistir Laoise agus le tús a chur le leabharlann Mhóinteach Mílic. Lean breis dul chun cinn le linn 2008 le soláthar leanúnach na bhfaichí imeartha trasna an Chontae.

Bhí soláthar Oifigí Ceantair nua i nGráig Uí Chuilinn agus i gCúil an tSúdaire san áireamh, chomh maith, i bhfeabhsúchán na seirbhísí do chustaiméirí, rud a chabhraigh go mór leis na saoránaigh áitiúla. Lean an Chomhairle ag obair le gníomhaireachtaí eile chun caighdeán na beatha san Chontae a uasghrádú. Lean forbairt eacnamaíochta mar thosaíocht mhór agus bhí críoch Ionad Fiontair Phort Laoise mar ghné nótála eile i 2008. Lean an Chomhairle ag tacú go leanúnach, chomh maith, le Clár Díláraithe an Rialtais go raibh athshuí cúpla céad post go dtí Contae Laoise mar thoradh air cheana féin.

Cé go bhfuil sé tábhachtach, áfach, an dul chun cinn atá déanta a lua, níl aon dabht ann go bhfuilimid ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin eacnamaíochta an-mhór ins na blianta atá le teacht. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtugann an Chomhairle ceannasaíocht deimhneach chun ár n-eacnamaíocht áitiúil a chur chun cinn agus é a dhéanamh níos buanseasmhach agus níos inmharthana.

Táim ag súil le leanúint ag obair i bpáirtíocht leis na Baill tofa, lenár bhfoireann, le gníomhaireachtaí poiblí eile, leis an earnáil gnó agus lenár bpobail áitiúla chun Contae Laoise a fhorbairt agus a fheabhsú sa todhchaí.

Peter Carey,
County Manager.

Ráiteas Misin

"Soláthróimid ceannsaíocht, déanaimid ár gContae a fhorbairt, a chur chun cinn, a chosaint agus a rialú agus seachadfaimid seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán ionas go dtreiseofar

Sainordú

Tá Comhairle Contae Laoise mar an Phríomh-Údarás Tofa go Daonlathach i gContae Laois. Soláthraíonn Comhairle Contae Laoise raon leathan agus éagsúil de sheirbhísí a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagracha, turasóireachta, tionscalaíocha agus cultúrtha an Chontae. I measc na seirbhísí seo tá soláthar agus cothabháil tithe, soláthar agus cothabháil bóithre soláthar agus cothabháil sholáthar uisce agus scéimeanna séarachais, seirbhísí pleanála agus forbartha, bainistíocht dramhaíola,cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aim-sire, leabharlanna, forbairt cultúrtha agus pobail lena n- áirítear caitheamh aimsire agus spórt.

Oibríonn líon mór oibrithe ar an gComhairle, lena n-áirítear an Bainisteoir Contae, fostaithe agus conraitheoirí gairmiúla, teicniúla,dlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus lasmuigh.

Comhaltaí agus Cruinnithe Comhairle

Tá 25 Comhalta Tofa i gComhairle Contae Laoise ceithre chomhalta an duine ó Thoghcheantair Mhoointeach Milie, Ioma agus Log an Churraigh, sé chomhalta ó Thoghcheantar Phort Laoise agus seacht gcomhalta ó Thoghcheantar Bhuiríos Mór Osraí. Tionóladh Cruinnithe Comhairle 2008 ar an Luan deireanach de gach mí de ghnáth i Seomra na Comhairle ag Áras an Chontae.

Bhí cruinniú Márta 2008 na Comhairle ar siúl i gCaisleán Darú mar chuid de Cheiliúradh 300 Dharú.

Ní raibh cruinniú ar bith i Lúnasa.

Baill agus foireann na Comhairle leis an Uachtarán Mary Mac Giolla Íosa ag Caisleán Darú

Grúpa Polasaí Corparáidigh (G.P.C.)

Tá an Grúpa Polasaí Corparáidigh deartha chun an sainordú daonlathach agus ról déanta polasaí na gcomhaltaí tofa a threisiú.Tá an G.P.C. tacaithe ag an mBainisteoir Contae agus cuimsíonn sé Cathaoirleach na Comhairle agus ceithre Chathair na gCoistí um Polasaithe Straitéiseacha. Is í príomhfhei-dhm G.P.C. ná obair na C.P.S difriúla a chomhordú agus fóram a sholáthar ina ndéantar cinntí polasaí a mbíonn tionchar acu ar an gComhairle go léir a chomhshocrúle cur faoi bhráid na Comhairle iomláin ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh. Tháinig an G.P.C. le chéile 12 uair i 2008.

. : Mountmellick Electoral Area : .
. : Emo Electoral Area : .
. : Portlaoise Electoral Area : .
David Goodwin MCC
Michael Moloney MCC
Paddy Bracken MCC
Seamus McDonald MCC
James Deegan MCC
Paul Mitchell MCC
Raymond Cribbin MCC
John D. Turley MCC
Mointeach Milic
PORT LAOISE
Buirios Mór Darai
Log an Chumaigh
William Aird MCC
Mary Sweeney MCC
Tom Jacob MCC
Catherine Fitzgerald MCC
Brian Stanley MCC
Jerry Lodge MCC

. : Borris-in-Ossory Electoral Area : .

Laurence Jnr. **Kavanagh** MCC

Brendan **Phelan** MCC

John **Bonham** MCC

Geraldine **Delaney** MCC

Michael **Lalor** MCC

Martin **Phelan** MCC

John Joe **Fennelly** MCC

Council Chamber
Áras an Chontae



. : Luggacurren Electoral Area : .

Dick **Miller** MCC

James **Daly** MCC

John **Moran** MCC

Michael **Rice** MCC

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Stiúrthóir Seirbhísí:	Anna Marie Delaney
Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Gnóthaí Corparáideacha:	Carmel McNicholl
Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna:	Michael Rainey
Ceannaire ar Chórais Faisnéise:	John Forde

Gnóthaí Corparáideacha

Plean Corparáideach 2004 – 2009

Clúdaíonn an Plean Corparáideach atá ann faoi láthair an tréimhse 2004 go 2009. Beidh an Chomhairle ag leanúint leis na mionstraitéisí is gá chun na cuspóirí atá liostáilte sa phlean a bhaint amach. Beifear ag cur tuarascáil bhliantúil faoin dul
chun cinn chuig na Comhaltaí in am trátha.

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí ag Comhairle Contae Laoise a leagann amach an chaoi ina bhféachann an Chomhairle le plé lena custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig Chomhairle phoiblí agus ar ár suíomh idirlín www.laois.ie . Mar chuid den Chairt tá Nós Imeachta maidir le Gearáin, ar féidir le haon duine áis a bhaint as mura bhfuil sé sásta le caighdeán na seirbhíse a fhaigheann sé.

Buaic Phointí

- 7ú Márta, 2008 – Síniú an Chomhaontais Nasctha idir Contae Laoise agus Franklin, Williamson County, Tennessee, SAM.
- 7ú Bealtaine, 2008 – Fáiltiú an Chathaoirligh ag onórú Scoil Phobail Heywood – buaiteoirí Corn Náisiúnta Cispheile na hÉireann faoi 19
- 18ú Meitheamh, 2008 – Fáiltiú Sibhialta ag onórú Comóradh 30 Bliain Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann
- 28ú Meitheamh, 2008 – Fáiltiú an Chathaoirligh ag onórú an 54ú Teacht le Céile ag Clann Uí Mháille
- 17ú Meán Fhómhair, 2008 – Fáiltiú an Chathaoirligh ag onórú Seamus Graham – Traenálaí buaiteoir Derby na gCon i Sasana 2008
- 19ú Meán Fhómhair, 2008 – Fáiltiú an Chathaoirligh ag onórú foirne Cluichí Corr an Fhraoigh Mhaighe – Buaiteoirí Laighean agus Uile Éireann

Deontais Ard Oideachais

Bronnann Comhairle Chontae Laoise Deontais Ard Oideachais faoi Achtanna an Údaráis Áitiúil (Deontais Ard Oideachais), 1968-1992, ar son an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Caithfidh iarrthóir na riachtanais a shásamh mar atá siad leagtha amach sa Scéim chun bheith intofa do dheontas faoin Scéim. Tá an Scéim á fógairt ar bhonn bhliantúil agus is é an dáta deiridh chun glacadh leis na hiarratais líonta ná an 31ú Lúnasa gach bliain. Tá sonraí na Scéime agus na foirmeacha iarratais ar fáil de ghnáth in Iúl ó Rannóg Deontais Ard Oideachais ag heg@laoiscoco.ie, Fón: (057) 8664137, nó ar ár Suíomh Idirlín ag www.laois.ie/heg.

Bhronn Comhairle Chontae Laoise 179 deontas nua agus bhí 306 deontas athnuaite faoin Scéim Deontais 2008. Bé €3420 uasmhéid an deontais cothabhála agus méadaíodh an táille Cláraithe go dtí €900. Méadaíodh Ráta Speisialta an Deontais Chothabhála iníoctha go dtí €6690.

Cháiligh 33 duais nua agus 41 duais athnuachana le haghaidh íocaíochta an deontais seo.

Bé an méid iomlán a díoladh amach i 2008 ná €2,375,408.09

Fáiltiú Sibhialta in onóir 30ú Comóradh
na gCluichí Oilimpeacha Speisialta

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Páirtíocht

Bhíodar seo a leanas mar bhaill Choiste Páirtíochta an Láthair Oibre ar an 31ú Nollag, 2008.

Ainmnithe na Bainistíochta

John Daly,
Chomh-chathaoirleach

Anna Marie Delaney
Angela Mc Evoy
Ian McCormack
Gerry Maher

Ainmnithe an Cheard Chumainn

Bill Devoy
Chomh-chathaoirleach

Geraldine Campion
Tom Saunders
Wes Wilkinson
Valerie O'Reilly

Bhí 9 gcinn de chruinnithe ag an gCoiste Páirtíochta le linn 2008.

Gníomhaíochtaí 2008

Polasaithe Aontaithe

- Polasaí Bainistíochta Freastail
- Polasaí Taistil & Cothabhála
- Polasaí Tiománaithe Údaraithe
- Éagsúlacht ag an láthair Oibre – Daoine le Míchumas Orthu
- Éagsúlacht Cultúrtha – Daoine de gach dath, náisiún nó de bhunús eitneach nó náisiúnta (cine)
- Athbhreithniú ar an bPolasaí Iasachta

Gnéithe Eile

- Scéim Moltaí Reatha ó Fhostaithe – 15 aighneachtaí faighte – le bheith luacháilte ag an gCoiste Iniúchta Eachtrach
- CBFF críochnaithe le haghaidh 2008.
- Cuairt ar Shuíomh ag an nGrúpa Riar Oibre ar an 2ú Aibreán, 2008
- Duaiseanna Fad-seirbhíse bronnta ar 18 fostaí i Meitheamh, 2008

Gníomhaíochtaí Páirtíochta Ceantair

Áiseanna Leasa

Soláthar aonaid leasa nua ag: -

Doire Ghaill, Móinteach Mílic; Baile Mhuiris, Cúil an tSúdaire; Oibreacha Séarachais Mhaighean Ráth; Iostaí Nua i nGráig Uí Chuilinn agus Oifigí Ceantair Nua i nGráig Uí Chuilinn agus i gCúil an tSúdaire

Oifig Ceantair Nua i nGráig Uí Chuilinn

Oifigí Ceantair Nua i gCúil an tSúdaire

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Ag Láimhseáil Athrú Mór Trí Pháirtíocht

Bhí dhá chruinniú de chuid "Ag Láimhseáil Athrú Mhóir Trí Ghrúpa Stiúrtha Páirtíochta" ar siúl i 2008.

Cistíocht

Fuarthas €29,000 i gcistíocht ó LANPAG le haghaidh Tionscnaimh Páirtíochta.

Grúpa Riartha Oibre

Ghlac an Coiste Páirtíochta páirt ins an mbronnadh don Grúpa Riartha Oibre i 2008, ag tabhairt sonraí faoin dul chun cinn déanta in obair an Choiste Páirtíochta le linn an dá bhliain deiridh.

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Iarratais a fuarthas/próiseáladh i 2008

Iarratais ar láimh ag 31/12/2007	0
Iarratais a fuarthas le linn 2008	33
Breitheanna a déanadh le linn 2008	31
Breitheanna a diúltaíodh	0
Iarratais a tarraingíodh siar	1l
Iarratais ar láimh ag 31/12/2008	1

Nádúr an Eolais a Lorgaíodh

Pearsanta (don iarrthóir)	16
Neamh-Phearsanta	17

Achomhairc

Achomhairc don Coimisinéir Eolais	0
Achomhairc don Ard Chuairt	0

Foinse na n-Iarratas

Iriseoirí	2
Gnó	0
Baill Oireachtais	0
Baill an Údaráis Áitiúil	0
Eile/An Pobal Ginearálta	31

Sláinte & Sábháilteacht

Comhairleoir Sábháilteachta: Jim Bolger

Thug Comhairle Chontae Laoise aghaidh ar úsáid a bhaint as 'Plean Oibre an Chórais Sábháilteachta' (POCS) de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (USS) dóibh siúd uile a bhí ag obair ar na bóithre. Soláthraíodh clár traenála forleathan chun deimhin a dhéanamh de go raibh na scileanna riachtanacha ag na fostaithe cuí go léir chun an POCS a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go bhfriothálfaidh sé chun cur chuige náisiúnta níos comhsheasmhach a dheimhniú le haghaidh bainistíocht sábháilteachta ar shuímh oibreacha bóthar.

Soláthraíodh clár ionaclaithe forleathan, chomh maith, le haghaidh fostaithe cuí le linn 2008. Bhí an clár seo an-bhuacach de bharr go raibh iontógáil an-mhór ann ós na fostaithe go rabhadar dírithe orthu. Soláthraíodh dífibrileoirí ag a lán ceantair Comhairle, ach go háirithe ag ceantair go n-úsáideann baill an phobail iad go rialta, ach go háirithe, m.sh. Cáin Gluaisteán, an Chearnóg Phoiblí, Leabharlanna agus araile.

Bhí Céim 1 de sheoladh an 'Chórais Chosanta Phearsanta' críochnaithe i 2008 agus friothálfaidh an córas seo chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe a 'oibríonn ina n-aonar' nó a oibríonn in 'áiteanna iargúlta' a uasghrádú.

Bainisteoir an Chontae agus Baill na Comhairle le Mr. John Bruton, Coimisinéir AE do SAM, le linn turas go SAM le haghaidh an Chomhaontais Nasctha a shíniú.

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Clár na dToghthóirí 2008/2009

Tá an Chomhairle freagrach as cur le chéile Chlár na dToghthóirí do Chontae Laoise a thagann i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain. Chun a bheith i dteideal a bheith curtha ar Chlár na d-Toghthóirí ní foláir duit a bheith ar a laghad 18 bliain d'aois ar an lá go dtagann an clár i bhfeidhm agus níorbh fholáir duit bheith id' ghnáth-chónaí sa stát ar an 1ú Meán Fómhair sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm don gClár.

Togh-Roinn na Dála	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí na Dála
Laois - Uíbh Fháilí	52,043	52,563

Togh-Roinn Pharlaimint na hEorpa	Eorpacha Toghthóirí	Eorpacha Dóighiúla Toghthóirí
Cúige Laighean	52,719	177

Togh-Roinn Cheantar Áitiúil	Líon na d-Toghthóirí
Buiríos Mór Osraí	14,151
Ioma	8,948
Log an Churraigh	8,818
Móinteach Mílic	8,053
Port Laoise	13,305
Iomlán	53,275

Toghthóirí Rialtais Áitiúil na gComhairle	Bhuirg nó na gComhairle Bhaile
Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic	2,859
Comhairle Bhaile Phort Laoise	7,369
Iomlán	10,228

Toghthóirí Poist agus Toghthóirí Speisialta	Togh-Roinn na Dála Laois - Uíbh Fháilí
Gardaí	1
Fórsaí Cosanta	167
Taidhleoirí	4
Iad siúd le Máchail choirp	17
Post	0
Toghthóirí Speisialta	105

Comhdhálacha ar Freastalaíodh orthu i 2008

D' fhreastal Baill Chomhairle Chontae Laoise ar na Comhdhálacha seo a leanas i 2008

Sár-thaispeántas na hÉireann	Baile Átha Cliath	21 Eanáir
Athrú Aeráide GCC	Baile Átha Cliath	22ú Eanáir
Scoil Geimhridh Merriman	Cathair na Mart	1ú – 3 Feabhra
Údarás Réigiúnach an Láir Iarthair	Baile Átha Fhirdia	7 – 8 Feabhra
Cumann na nÚdarás Cathracha	Baile Átha Troim	15 – 16 Feabhra
Na Trí Imircigh is Nuaí	Litir Cheannainn	21 – 23 Feabhra
Nuálaíocht Skillnets	Luimneach	28 Feabhra
Ócáid Bhainistíochta Fuíll		
Athchúrsáil na hÉireann	Baile Átha Cliath	5 Márta
Iontaobhas Oidhreachta Cholm Cille	Litir Cheannainn	29 Feabhra – 2 Márta
Seimineár Traenála le haghaidh Chomhairleoirí	Cluain Meala	7 – 9 Márta
Cumann Ball an Údaráis Áitiúil	Áth Troim	27 – 28 Márta
Cumann Oidhreachta Ráth Tó	Baile an Bhuineánaigh	2 – 6 Aibreán
Kadenza	Litir Cheannainn	4 – 6 Aibreán
Cairde Éanlaith Éireann	Baile an Chinnéidigh	4 – 6 Aibreán
Stáisiún Muirí Éireann Inis Arcáin	Corcaigh	17 – 18 Aibreán
Féile Inmharthana Coinbhéirseachta	Baile Átha Cliath	18 Aibreán
Slí Eile – Bealach Eile do Athshlánú	An Ráth	18 Aibreán
Comhdháil Tithíochta	Corcaigh	24 – 25 Aibreán
Údarás Réigiúnach B.M.W. – Ag Infheistiú id' Thodhchaí	Port Laoise	1 Bealtaine
Iompar Poiblí sa 21ú Chéad	Trá Lí	14 – 15 Bealtaine
Rialtas Áitiúil & an Comhshaoil	Baile Uí Bheacháin	16 Bealtaine
Scoil Cruchan – Cultúr na hÉireann & Oidhreacht	Ros Comáin	16 – 18 Bealtaine
Comhdháil an Mhoil Náisiúnta	Mala	29 Bealtaine
Seirbhís Tithíochta an Rialtais Áitiúil	Baile an Ghearlánaigh	6 - 8 Meitheamh
Seimineár Réigiúnach ar an bPáipéar Glas	Átha Luain	11 Meitheamh
Comhar Tras Teorainn	Dún Dealgan	12–13 Meitheamh
Bith-fhuinnimh	Baile Átha an Rí	19 Meitheamh

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Comhdhálacha ar Freastalaíodh orthu i 2007 (cont):

Scoil Samhraidh Byrne Perry	Guaire	27–29 Meitheamh
Scoil Samhraidh Synge	Ráth Droma	29 Meitheamh – 5 Iúil
Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil	An Sciobairín	4 – 6 Iúil
Fiontar Pobail Bhaile an Mhóta	Baile an Mhóta	10 - 12 Iúil
Lá Náisiúnta Cuimhneacháin	Baile Átha Cliath	13 Iúil
An Rialtas Áitiúil agus Spóirt	Uachtar Aird	30 Iúil – 1 Lúnasa
Scoil Samhraidh Parnell	Ráth Droma	10 – 15 Lúnasa
Scoil Samhraidh Mac Giolla Meidhre	Inis	17 – 23 Lúnasa
Scoil Samhraidh Humbert	Béal an Átha	21 – 24 Lúnasa
Na Bailte Slachtmhara	Baile Átha Cliath	8 Meán Fhómhair
Comhdháil Comhairle Náisiúnta Comhairleach – Ag Luacháil ár gcuid Uisce	Cill Chainnigh	18 Meán Fhómhair
Comhdháil Idirnáisiúnta An Saoránach i dtús Áite	Inis	25 - 26 Meán Fhómhair
Ag Tabhairt Tacaíocht d'ár FBM Ag teacht timpeall ar bhacainní ar a bhforbairt	Átha Luain	29 – 30 Meán Fhómhair
An lámh uachtair a fháil	Cill Airne	2 – 3 D' Fómhair
Seimineár Uachta La Touche 2008	Na Clocha Liatha	3 – 5 D' Fómhair
Dí-áitiú – Fíor nó Samhlaíoch	Co. Bhaile Átha Cliath	6 D'Fómhair
An Eoraip – Cumhacht Inmheánach	Corcaigh	8 D'Fómhair
An Cor Creidmheasa	Baile Átha Cliath	9 D'Fómhair
4ú Seimineár Frank McCann	Béal na mBuilí	9 – 12 D'Fómhair
Ag Cosaint ár Fhoinsí Uisce	Uachtar Aird	9 – 12 D'Fómhair
Comhdhálacha TJK	Luimneach	10 – 11 D'Fómhair
Airgeadú an Údaráis Áitiúil	Neidín	16 – 18 D'Fómhair
21ú Dr. Dubhghlas de h-Íde	Bealach a' Doirín	17 – 19 D;Fómhair
Comhaontas Aoine an Chéasta – 10 mbliain ar aghaidh	An Clochán	24 – 25 D'Fómhair
Cúrsa Ghaeilge do Chomhairleoirí	An Ghaillimh	26 – 29 D'Fómhair
Plean Expo	Baile Átha Cliath	4 – 6 Samhain
Scileanna Caidreamh Poiblí &Cumarsáide le haghaidh na gComhairleoirí	Litir Cheannainn	14 – 16 Samhain
Tionchar an Fhoréigin Teaghlaigh	An Tulach Mór	22 Samhain
CCUA – Seimineár Bhliantúil an Gheimhridh	Caisleán a' Bharraigh	26 - 27 Samhain

Acmhainní Daonna

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 540 duine fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise ar an 31ú Nollaig, 2008.

Le linn 2008, bhí 42 comórtas ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise agus tógadh na staitisticí seo a leanas astu:

Méid Iomlán na n-iarratas a fuarthas: 1086

	Fir	Mná
Iarrthóirí	586	500
Iarrthóirí Gur Éirigh Leo	137	135

Ceapacháin Seasta/Arduithe Céime 2007:

	Fir	Mná
Ceapacháin	22	19
Ardú Céime	11	1

Tionscnaimh Cothromaíochta an t-Saoil Oibre

Ag deireadh na bliana, bhí 9 bhfostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Ghairme, bhí 25 fostaí ag baint úsáid as an scéim roinnte poist/oibre, bhí 24 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Tuismitheoirí agus bhí 10 fostaí ag baint úsáid as Am Téarma.

Caidrimh Thionsclaíocha

Leanann dea-cháil Chomhairle Chontae Laoise i leith a dea-chaidrimh tion-sclaíoch. Níor cailleadh aon lá de bharr aighnis tionsclaíoch i 2008.

Traenáil & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise dírithe ar ár bhfostaithe go léir a thraenáil agus a fhorbairt i gcomhthéacs spriocanna agus aidhmeanna na Comhairle a chur i gcríoch agus scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise ag déanamh a díchill feabhas leanúnach a bheith i seachadadh na seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a chuid fostaithe.

Tá an clár traenála bliantúil bunaithe go h-áirithe ar riachtanais traenála

an duine aonaraigh a aithnítear trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid den bpróiseas CBFG. Tá gnéithe san Clár, chomh maith, mar Riachtanais Sláinte & Sábháilteachta, Clár Filleadh ar an Fhoghlaim, Clár Foghlamtha Oscailte an Tríú Leibhéil agus Seimineár/Saotharlanna éagsúla de réir mar a dtagann siad.

Bhí caiteachas de €382,000 ar an dtraenáil. Bhí clár traenála an-chuimsitheach seachadta le linn 2008.

Tá sampla des na cláir thraenála a sholáthraíodh mar seo a leanas:

- CTPE & CTPE Ard Céime
- Traenáil Mheabhraíochta ar Mhíchumas
- Traenáil Ionduchtaithe
- Roth Scríobaigh
- Oiliúint Pas Sábháilte
- Traenáil Bhainistíochta Tráchta
- Gar Chabhair
- Pleanáil don Scor
- Soilsiú Comharthaí & Slándáil
- Traenáil do Mhion Tochaltóir

Cúrsa Teagascóra & Measúnóra ar Láimhseáil Láimhe

Chríochnaigh 8 n-oibrí san eagraíocht Cúrsa Teagascóra & Measúnóra ar Láimhseáil Láimhe go rathúil. Thosaigh na traenálaithe seo clár traenála rolla-amach trasna na heagraíochta.

Clár Foghlamtha Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise a dícheall fostaithe a éascú go dteastaíonn uatha Cúrsaí Foghlamtha Oscailte Tríú Leibhéal a dhéanamh, a bhaineann leis, agus a chabhraíonn le forbairt ghnó na Comhairle, agus le gnó agus le freagracht an oibrí, chomh maith. Sampla des na cláir Fhoghlamtha Oscailte atá éascaithe iad seo a leanas:

- Teastas IRP, Dioplóma & Céim i Staidéar Rialtais Áitiúil
- Dioplóma sa Ghaeilge, ONÉ na Gaillimhe
- IT Átha Luain Ard Dioplóma i d-Teicneolaíocht Innealtóireachta na Mór-Bhóthar
- Teastas IRP i mBainistíocht an Athruithe
- Dioplóma ONÉ Mhaigh Nuadhat sa Bhainistíocht san Líne Tosaigh
- COB – Teastas i Sláinte agus Sábháilteacht ag an Ionad Oibre

Ag Tacú le h-Éagsúlacht

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht do fhostaíocht daoine le míchumas orthu agus baineann sí amach a sprioc mar atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. D'éascaigh Comhairle Chontae Laoise, i dteannta le Gníomhaireacht Fostaíochta Lár na Tíre roinnt áiteanna taithí oibre do dhaoine le míchumas orthu le linn 2008.

Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine

Tá an creidiúnú Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine mar chaighdeán náisiúnta na hÉireann le haghaidh fhorbairt Acmhainn Daonna. Tá an duais bainte amach ag eagraíochtaí go bhfuil na córais Acmhainn Daonna is fearr cleachtais ar bun acu, go háirithe ins an aicme traenála agus forbartha foirne, cumarsáid, agus rann-pháirtíocht na bhfostaithe i bpróiseas na mbreitheanna san eagraíocht. Bhuaigh Comhairle Chontae Laoise an duais seo ar dtúis i 2005. Bronnadh an duais seo i 2008 do thréimhse breise 2 bhliain agus tá athbhreithniú le bheith déanta air i 2010. Tá an duais ard stádais seo mar éacht iontach ag na fostaithe. Is bailíochtú eachtrach é rite ag FÁS agus déanann sé imlíniú ar thiomantas agus ar iarracht na bhfostaithe go léir i dtaobh a gcuid fhoghlama féin agus a bhforbairt phearsanta i dteannta lena rannpháirtíocht, mar dhaoine aonaracha agus mar chuid de fhoireann, san fheabhsú leanúnach in oibríocht seirbhísí agus aidhmeanna na n-eagraíochta.

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Polasaithe Foirne

D'fhorbair Comhairle Chontae Laoise réimse polasaithe foirne i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr i m-Bainistíocht Acmhainn Daonna – tugadh iad seo a leanas isteach le linn 2008 - Polasaí Ardú Céime Sealadaigh, Treoirlínte le haghaidh Leanaí a Chosaint, Polasaí Bainistíochta ar Thinreamh agus Polasaí Taistil agus Cothabhála

Tionscnamh AD, Pá Rolla agus Aois Liúntais

Tá an tionscnamh AD, Pá Rolla agus Aois Liúntais i gComhairle Chontae Laoise mar chuid de thionscnamh náisiúnta á chur i bhfeidhm ag 27 gcinn de údaráis áitiúla agus ag a gComhairlí Baile. Tá an tionscnamh á chur i bhfeidhm ar bhonn céimithe le Laois i dtonn a haon de cheithre thonnta cur-i-ngníomh. Déanfaidh an córas nua comhtháthú agus caighdeánú ar riaradh an AD, an Phá Rolla agus an Aois Liúntais ins na húdaráis áitiúla a chuireann i bhfeidhm é. Tá foireann tionscnaimh Laoise ann ó Lúnasa, 2008, ag déanamh cleachtas gabhála sonraí mar ullmhú don cur-i-ngníomh atá ag tosú in Aibreán, 2009. Críochnóidh an tionscnamh i Meitheamh 2010.

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta

Chuaigh an Chomhairle thar an teorainn 3% den Comhartha Náisiúnta Comhlíonta le haghaidh caiteachais ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pa rolla iomlán 2007. Bé 4.61% an toradh. Caiteachas ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pá rolla iomlán.

2007	2008
5.5%	4.61%

Indáil leis na laethanta oibre a cailleadhmar gheall ar shaoire dheimhnithe agus neamhdheimhnithe sead iad na staitisticí.

	2007	2008
Le Teastas	3.93%	4.75%
Gan Teastas	0.41%	0.38%

Comhartha na Seirbhíse Áitiúla - Méid Laethanta Traenála soláthraithe don bhfoireann – 1330

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

I 2008, lean an Roinn TFC ag cur Comhairle Chontae Laoise chun cinn in úsáid teicneolaíocht nua aimseartha agus choimeádadar a n-áit mar cheann des na údaráis phríomha áitiúla san ghné seo sa tír. Tá na tionscnaimh phríomha go raibh an Roinn TFC gafa leo rangaithe thíos faoi thrí cheannteideal i.e. Córais Eolais Geografach (C.E.G.), Forbairt Bhogearra agus Riaradh Gréasáin.

Córais Eolais Gheografacha (C.E.G.)

Córas teicneolaíochta é C.E.G. atá ag éirí níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí in údaráis áitiúla i dtaobh anailís a dhéanamh ar shonraí le gné geografach iontu. Baineann 80% den eolas a úsáidtear san údarás áitiúil le geografaíocht.Bhí rolla amach an chórais CRPF (córas réamh-phleanála féinseirbhíse) ar siúl i 2008 ar ár shuíomh idirlín http://193.178.1.1.178/laois ssps/. Ceadaíonn an córas seo don úsáideoir a shuíomh forbartha molta a tharraingt ar mhapáil LO. Aighnítear an suíomh isteach sa chóras ansin, agus ceistíonn sé sraitheanna de CEG agus iar sin cuireann sé tuairisc ar fáil gur féidir a úsáid i gcruinniú réamh-phleanála. Is féidir measúnú a dhéanamh ar shean-iarratais sa cheantar áitiúil, ar eolas creasa agus faoi shoghontacht uisce agus araile Is féidir leis an úsáideoir an tuairisc seo a phriontáil nó a stóráil sa chóras ag baint úsáid as uimhir thuairisce agus pasfhocal uathúil gur féidir measúnú a dhéanamh ar níos déanaí i gcruinniú réamh-phleanála.

Bhí forbairt brabhsálaí corparáideach nua FIS nó Fearas Inlíon Spásúil ar siúl i 2008, chomh maith. D'fhorbair BSRRA é, agus tógfaidh sé áit an chórais bhrabhsálaithe reatha. Beidh sé seolta ins na míonna atá le teacht chun go mbeadh sé comhfhreagrach le seoladh an Inlíon nua. Is córas níos cairdiúla don úsáideoir é an SIA le níos mó roghanna iarratais ann agus fuinneog léarscáile níos mó, gur féidir a úsáid chun féachaint ar a lán sraitheanna CEG ó gach rannóg i dteannta le réimse iomlán de mhapaí de chuid Léarscáileanna Ordanáis na h-Éireann.

Forbairt Bhog Earra & Idirlíon/Inlíon

Bronnadh duais aitheantais ar Laois.ie mar an suíomh idirlín is fearr de chuid an údaráis áitiúil i searmanas na nduaiseanna e-Rialtais in Aibreán, áit gur aithníodh an dul chun cinn i rochtain laistigh den suíomh, chomh maith.

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá sa bhreis ar 80 fostaí de chuid na Comhairle traenáilte chun an córas bainistíochta ábhair a úsáid don suíomh idirlín www.laois.ie. Déanann gach aicme a ábhar féin agus na míreanna nuachta is déanaí a uaslódáil. Tá an suíomh idirlín á chothabháil ar bhonn leanúnach le feabhsúcháin leanúnacha ann chun an rochtain agus an úsáid a uasghrádú. Bhí ár n-íocaíochtaí ar líne an-bhuacach le 10 seirbhís ar fáil ann go bhfuil Táillí Uisce, Cíos Tithíochta agus Iasachtaí Tithíochta san áireamh ann.

Tá an suíomh Inlíon nua faoi fhorbairt i Sharepoint 2007. Beidh dearadh rochtana uasghrádaithe aige agus feabhsóidh sé cumarsáid ins an eagraíocht uile agus ceadóidh sé don fhoireann níos mó comhoibriú a bheith eatarthu i dtionscnaimh roinnte. Ceadóidh sé, chomh maith, sruthanna oibre nua a thabhairt isteach a leanfadh go mbeadh bainistíocht níos fearr ar thionscnaimh le níos mó roinnt digiteach ann agus i bhfad níos lú rian páipéir. Mar thoradh air seo beidh sé mar shiopa aon stad d'ár gcuid feidhmchlár inlíon/eachtrach agus doiciméid briste síos ag na rannóga éagsúla.

Tá rannóg CCM i Laois.ie anois a chabhróidh le h-úsáideoirí an tsuímh leis an nascleanúint i dteannta leis na fiosrúcháin is comónta a fhreagairt atá faighte ós na rannóga. Tá físeán ins an suíomh anois do úsáideoirí chun féachaint ar sheirbhísí na comhairle mar conas cur isteach ar dheontais ard oideachais ins na téarmaí is simplí agus is féidir. Is é an aidhm leabharlann de fhíseáin a chur leis faoi na seirbhísí soláthraithe don bpobal tríd an suíomh idirlín. Tá ábhar nua á chur leis an suíomh idirlín i gcónaí agus tá níos mó úsáideoirí á thraenáil ins an bhainistíocht ábhair.

Riaradh Gréasáin

Críochnaíodh roinnt Tionscnamh Bonneagair le linn 2008 go bhfuilid seo a leanas san áireamh ann:

- Thángamar ar chomhaontas le Gréasáin Maighnéid chun ár gCeangal Gréasáin 2Mb de chuid an Rialtais a aistriú le ceangal 50 Mb ar an bpraghas céanna. Níos déanaí sa bhliain d'athraíomar an ceangal le Oifig Chánach na ngluaisteán chuig an VRU sa tSionainn go dtí an líne seo, rud a d'ísligh an costas ar Chomhairle Chontae Laoise.
- Críochnaíodh uasghrádú ar ár ngréasán ceantair leathan i Leabharlanna i Maighean Rátha, i gCúil an tSúdaire, i Ráth an Domhnaigh, i Móinteach Mílic, in Oifig na Comhairle i dTeach Cúirte Mhóinteach Mílic, an Bhuiríos agus áis séarachais Cúil an tSúdaire.
- Críochnaíodh leabharlann Mhainistir Laoise i 2008 le suiteáil thart ar 20 ríomhaire sa ghréasán i dteannta le guth nua aimseartha thart ar an gcóras gutháin SI, idirlíon poiblí agus áiseanna priontála daite.
- Críochnaíodh leabharlann an Darú, chomh maith, i 2008 le suiteáil póití sroichte idirlín poiblí agus áiseanna priontála daite.
- Críochnaíodh oifig ceantair Ghráig Uí Chuilinn, chomh maith, i 2008 le suiteáil gréasán ríomhaire nua aimseartha agus córas fóin SI guth in airde le haghaidh foireann na comhairle.
- Corraíodh oifig an Chomhairle Bhaile go sealadach isteach i bhfoirgneamh na leabharlainne i mBaile na nGael, Móinteach Mílic.
- Thosaigh obair ar áiseanna nua le haghaidh Oifig Cheantair Cúil an tSúdaire, Oifig Cheantair an tSráidbhaile agus aonaid Leasa Foirne i gCúil an tSúdaire agus i Móinteach Mílic.
- Soláthraíodh áiseanna oibre iargúlta in Ionad Pobail Mhóinteach Mílic chun go ligfí do fhoireann na Comhairle oibriú níos cóngaraí dá custaiméirí.
- Dhearnamar ár mbog earra Frithvíreas a uasghrádú le linn 2008 chuig an leagan is déanaí chun a dheimhniú go bhfuil sonraí na Comhairle cosanta go cuí ó ionsaithe mailíseacha. Déanadh obair breise ar chosaint sonraí le uasghrádú ar ár ngréasán ceantar Stórais agus ar ár gcóras cúltaca leabharlann Téip.
- Chuireamar isteach Freastalaí Bainistíochta Córas Microsoft go luath i 2008 a cheadaíonn don fhoireann sa TE RP, córais feidhmiúcháin agus uasghrádaithe a sheoladh ag ráta i bhfad níos tapúla ná mar a bhí ann cheana.
- Dhearnamar ár gcóras Helpdesk agus siopa oibre a uasghrádú chun teacht ar na foirne agus ar chuairteoirí le míchumas orthu a fheabhsú.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Cathaoir:	Brian Stanley MCC
Comhaltaí:	Earnálach:
William Aird, M.C.C.	Mary Wheatley
Laurence Kavanagh Jnr, M.C.C.	Pat Culleton
Paddy Bracken, M.C.C.	John Grace
Seamus McDonald, M.C.C.	Mick Dowling
Catherine Fitzgerald, M.C.C.	
Marc Connolly, T.C.	
Stiúrthóir Seirbhísí:	Anna Marie Delaney
Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin:	Martin Daly
Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin:	P.J. Dempsey
Oibrí Sinsearach Sóisialta:	Fionnuala Daly
Leabharlannaí Contae:	Gerry Maher

Seirbhísí Tithíochta

Sé príomhaidhm Chomhairle Chontae Laoise ná infhaighteacht lóistín a dhéanamh chomh mór agus is féidir chun na ranganna difriúla riachtanais a shásamh agus chun an réimse iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Buaic Phointí le linn 2008

- Bhí seachadadh 249 aonad tithíochta toisc cur i bhfeidhm slán eagraithe Cuid V, faoi réir ag na hAchtanna Pleanála & Forbartha agus faoin Straitéis Tithíochta.
- Seachadadh rathúil 149 aonad tithíochta sóisialta
- Seachadadh rathúil 185 aonad tithíochta in-acmhainn le praghsanna ag tosú ó €140,000.
- Críoch curtha le 92 aonad tithíochta deonacha i Móinteach Mílic, i bPort Laoise, sa Bhuiríos, agus i Mainistir Laoise.
- Tosaíodh ar obair ar scéim €6m chun Plás na Duilleoige Daraí, Cnoc Maí, Port Laoise a athnuachan agus a athghiniúint.
- Pleananna agus dearadh críochnaithe den áis pobail i gCnoc Maí i bpáirtíocht leis an bpobal.

Tuairisc ar Choiste Polasaí Straitéiseach (C.P.S.)

Bhuail an C.P.S. Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha le chéile i Márta, Meitheamh, Meán Fhómhair agus Nollaig le linn na bliana 2008. Fuarthas agus pléadh tuairiscí agus moltaí ón Rannóg Tithíochta, ón Rannóg Ealaíona, ón Rannóg Oidhreachta, ón Rannóg Spóirt & Fóillíochta agus ón Rannóg Leabharlainne ag na cruinnithe seo.

Thug na Baill isteach polasaithe ar Dheontais Athraithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas orthu, Deontas Cúnaimh So-ghluaiseachta agus Cúnamh Tithíochta don Scéim do Dhaoine Anonn i mblianta. Thugadar isteach polasaí, chomh maith, ar Aonaid Aistrithe Lóistín Don Lucht Siúil, Fo-Dhlite maidir le Smacht ar Chapaill, moladh go mbeadh gach spás oscailte gur chuathas i gceannas orthu a chomharthú mar cheantair con-láiste, Plean Súgradh Chontae Laoise 2008-2010 agus an Dréacht Clár Lóistín Don Lucht Siúil 2009-2013. Do phléadar, chomh maith, gnéithe príomha a bhaineann leis an Scéim Sealúchais a Chur Amach ar Chíos agus táillí bainistíochta comhlachta agus comhtháthú tithíochta sóisialta agus tithíochta in-acmhainn.

Scéim do Lóistín ar Cíos

Is tionscnamh rialtais é an Scéim do Lóistín ar Cíos chun riachtanais na ndaoine a shásamh atá ag fail liúntas cíosa thar thréimhse fhada agus go bhfuil gá le tithíocht thar thréimhse fhada acu. Tá i gceist go soláthróidh an scéim foinse breise lóistín d'ard chaighdeán ar chíos le haghaidh daoine intofa agus freagra Comhairle Chontae Laoise a fheabhsú i dtaobh riachtanas tithíochta fhad téarma a shásamh.

Tá obair leanúnach ar siúl ar mheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarratas le haghaidh iniamh ins an scéim agus tá tiarnaí talún ag glacadh páirt. Tá breis eolais maidir leis an scéim le fáil ar www.laois.ie.

Tógáil & Ceannach Tithíochta

Críochnaíodh 149 teach faoin gClár seo le linn na bliana. Tá an briseadh síos mar seo a leanas:

Tithe Tuaithe	4 aonad
Naomh Ciaráin, Eiréil	10 n-aonad
Ard Éireann, Cam Ros	8 n-aonad

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Cluain Rúisc Mór	7 n-aonad
Lána an Mhuilinn, Bóthar Baile Finne Maighean Rátha(Cuid. V)	1 aonad
Halla Rush, Maighean Rátha (Cuid V)	16 aonad
Cúirt Oscair, an Bhuiríos (Cuid V)	1 aonad
Garrán Mhainéar,An Móinteach Mílic (Cuid V)	4 aonad
Geata an Chaisleáin, Cúil an tSúdaire	8 n-aonad
Lansdún, Cúil an tSúdaire	12 aonad
Cúirt Bhaile Mhuiris, Cúil an tSúdaire (C V)	4 aonad
Doire Chorréisc, Cúil an tSúdaire (Cuid V)	6 aonad
Sráidbhaile Laoise, Port Laoise (C V)	40 aonad
Cnoic na n-Eiscear, Port Laoise	25 aonad
Siúlóid an Cheannraigh, Port Laoise	1 aonad
Ceannach aonaid singil	2 aonad
IOMLÁN	149 aonad

Bé €20,000,610 an méid iomlán a fuarthas ón Roinn le haghaidh an Chláir Chaipitil i 2008.

Achoimre ar an gClár

Tithe á dtógáil ag 01/01/08	111
Tithe a tosaíodh i 2008	99
Tithe a chríochnaíodh i 2008	149
Tithe á dtógáil ar an 31/12/08	61

(Tá idir tithe in-dí-shuite, tithe á gceannach dara lámhach agus éadáil Cuid V san áireamh san achoimre thuas.)

Tionscnamh Forbartha Cnoc Maighe

Tá Comhairle Chontae Laoise ag tabhairt faoi ath-fhorbairt a chosnóídh na milliúin ar Eastáit Chnoc Maighe i bPort Laoise. Clúdaíonn ceantar Cnoc Maighe, i bPort Laoise, timpeall 30 acra talún agus tá sé déanta suas de sé eastáit údarás áitiúil aonaracha le 217 tigh ann, tógtha agus i seilbh thar thréimhse 17 bliain ó 1980 go 1997.

Tá Máistir-Phlean ullmhaithe agus h-aontaíodh leis tar éis comhairliúcháin fhorleathan le gach scairshealbhóir cuí agus seoladh é do mhuintir na háite go léir ag cruinniú speisialta a bhí ar siúl ar an 3ú Iúil, 2006. .

Táthar ag súil go ndéileálfaidh Tionscnamh Forbartha Chnoc Maighe, atá molta, lena lán des na fadhbanna le dearadh tosaigh na n-eastát agus leis na fadhbanna sóisialta a bhíonn ann.

Thosaigh Céim 1/Clár Píolóta ag Plás na Duilleoige Daraí i mBealtaine, 2008 agus tá sé go maith chun cinn. Tá feabhsúcháin ar na tithe, tithe nua in áit sean-thithe, deireadh a chur le lánaí, athdhearadh spásanna oscailte agus ballaí teorainn a thógáil san áireamh ins na hoibreacha fisiceacha. Tá Comhairle Chontae Laoise agus na Scairshealbhóirí ag forbairt moltaí, chomh maith, le haghaidh ionad pobail agus crèche a thógáil.

Síniú na gConradh le haghaidh Céim 1 de Athghiniúint Chnoc Maighe

Tá Comhairle Chontae Laoise an-dearfach mar gheall ar an dtionscnamh seo agus táid tar éis foirne tiomnaithe a shannadh chun déileáil le gach cuid den chur i ngníomh. Oibreoidh an fhoireann, chomh maith, le muintir na háite chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na foinsí úsáidte go cuí agus go bhfuil an tairbhe is fearr bainte as an athfhorbairt ar son an phobail.

Clár Cothabhála Pleanáilte

Lean an clár Cothabhála Pleanáilte Céim a 4 ar aghaidh le linn 2008. Tá obair glónraithe dúbailte agus éadain déanta ar thimpeall ar 244 tigh, obair aibhléise ar 149 tigh agus aláram deataigh príomhlíonra á sholáthar

do thimpeall 285 tigh. Críochnaíodh na hoibreacha seo i Nollag, 2008.

Clár Teasa Lárnaigh

Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil clár teasa lárnaí nua ar fáil i 2004. Is é an ciste atá le fáil ná €5,600 per teach nó 80% den gcaiteachas, pé acu is lú. Ó 2004 soláthraíodh teas lárnach do timpeall 490 teach le timpeall 20 díobh seo críochnaithe i 2008. Tá an Clár críochnaithe anois.

Cothabháil Stoc na nÚdarás Áitiúil

Bhí 1,948 tigh i stoc ar chíos ag an gComhairle ag an 31ú Nollag, 2008 agus bhí 98% díobh amuigh ar chíos ag deireadh na bliana. Le linn na bliana 2008, bhí 3,138 iarratas deisithe faighte ag an Rannóg Cothabhála agus bhí 2,894 díobh críochnaithe (92.2%).

Cuid V – Straitéis Tithíochta

Bhí 258 aonad tithíochta (125 sóisialta agus 133 in-acmhainn) críochnaithe timpeall an chontae i 2008 i gcomhréir le Cuid 5 den Straitéis Tithíochta. Tá 91 aonad (54 sóisialta agus 37 in-acmhainn) ar siúl faoi láthair i mBaile Uí Laighneáin, i Maighean Rátha, i bPort Laoise, i Ráth Domhnaigh agus sa tSráidbhaile. Ina theannta san, tá líon comhaontais ar bun le haghaidh níos mó aonad Cuid V a sholáthar ins na bailte seo. Tá cainteanna leanúnacha ar siúl, chomh maith, faoin Straitéis Tithíochta, le haghaidh aonad breise a sholáthar ag roinnt áiteanna timpeall an Chontae.

An Earnáil Tithíochta Deonach

Tá ról tábhachtach i gcónaí ag an Earnáil Deonach ag cabhrú chun na riachtanais lóistín a shásamh i Laois. Chríochnaigh Cumann Tithíochta Respond! obair ar 22 aonad i 2008 i bPort Laoise agus 8 gcinn de aonaid i Mainistir Laoise agus táid ag obair ar 20 aonad faoi láthair i Maighean Rátha. Críochnaigh Cumann Tithíochta Abhainn Easa do Dhaoine Le Míchumas Intleachtacha orthu obair ar aonad 6-leaba i Móinteach Mílic, chríochnaigh Cumann Tithíochta an Chlúid obair ar 47 gcinn de aonaid i bPort Laoise agus 9 gcinn de aonaid sa Bhuiríos agus táid ag obair faoi láthair ar 40 aonad i gCúil an tSúdaire.

Tithíocht In-acmhainn

Críochnaíodh aonaid tithíochta in-acmhainne i rith na bliana ag na háiteanna seo a leanas:

• Cúil an tSúdaire	36 aonad
• Cluain na Slí	8 n-aonad
• Eiréil	4 aonad
• Cam Ros	4 aonad
• Cuid V	133 aonad
Iomlán	185 aonad

Tá obair ar siúl ar 8 n-aonad i Maighean Rátha agus tá tithe ar díol faoi láthair i ngach ionad le daonra mór iontu. Tosaíonn praghsanna ag €140,000 agus ísliú mór é sin seachas praghas an mhargaidh.

Tithíocht ag Sráidbhaile Eiréil

Scéim na Suíomh Príobháideach

Bhí líon suíomh príobháideacha curtha ar fáil i mBaile an Chaisleáin tar éis do Bhaill Chomhairle Chontae Laoise Scéim Díolachán Suíomh a thabhairt isteach i 2006. Is é costas ceannaithe na suíomh seo ná: Bhaile an Chaisleáin - €55,500, Bhaile Ruadháin - €57,000 agus Cluain na Slí €48,000, ach d'fhéadfadh roinnt iarrthóirí bheith in ann iad a cheannach ar €23,700 má táid i dteideal fhóirdheontas suímh.

Ba chóir dóibh san go bhfuil suim acu ina leithéid teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Tithíochta le haghaidh sonraí.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Gníomhaíocht faoi Scéimeanna Éagsúla

Síntí le Tithíocht Údarás Áitiúil:

Tosaithe	-	14
Críochnaithe	-	9

Oibreacha Feabhsaithe in ionad Tithíocht Údaráis Áitiúil:

Tosaithe	-	2
Críochnaithe	-	2

Deontais do Dhaoine le Míchumas Orthu

Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	-	76
(Iomlán €)		€907,869

Deontais na n-Deisiúchán Riachtanach:

Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	-	62
(Iomlán €)		€465,884

Deontas d' Athrú Tithíochta le haghaidh Daoine le Míchumas Orthu:

Iarratais faighte	-	100
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	-	20
(Iomlán €)		€397,639

Scéim Deontais Tithíochta :Cabhair Shoghluaiste

Iarratais faighte	-	33
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	-	12
(Iomlán €)		€48,390

Scéim Cúnamh Teaghlaigh le haghaidh Daoine Níos Sine:

Iarratais faighte	-	200
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	-	23
(Iomlán €)		€143,200

(nóta: tugadh isteach na trí deontais seo i Samhain, 2007, chun áit Deontas na n-Daoine le Míchumas Orthu agus Deontas na n-Deisiúchán Riachtanach) a thógáil.

Scéim Ceannaithe do Thionóntaí:

Iarratais Faighte	-	23
Tithe Díolta	-	8

Iasachtaí Úinéireacht Roinnte:

Iarratais Faighte	-	17
Idirbhirt Chríochnaithe	-	5

Scéim Liúntais Morgáiste

Iarratais Faighte	-	10

Cíos Tithíochta

Déanann an Chomhairle athbhreithniú ar a Scéim Cíos Difreálach ar bhonn bhliantúil. Cuireadh an Scéim is déanaí i bhfeidhm i Dheireadh Fómhair, 2008. Tá an cíos seachtainiúil ar an meán ná €40.50, faoi Scéim 2008. Fuarthas ioncam cíosa iomlán de €3.6m.

Lóistín don Lucht Siúil

Ghlac an Comhairle leis an gClár Lóistín don Lucht Siúil Ceithre Bliana 2005-2008 in Aibreán 2005. Tá dul chun cinn mór déanta maidir le lóistín d'fháil do Phobal an Lucht Siúil i gContae Laoise le háit faighte do 13 gclann i 2008. Ghlac an Chomhairle le Clár Lóistín Don Lucht Siúil 2009 – 2013 cúig bliana in Eanáir, 2009.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Bainistíocht Eastáit

Bhí forbairt leanúnach ar siúl ar pholasaí na Comhairle sa bhliain 2007 ar rannpháirtíocht na gcónaitheoirí i m-Bainistíocht Eastáit agus déileáladh le gnéithe mar:

- Bainistíocht Eastáit
- Cothabháil Ghinearálta
- Modhanna Ceansaithe Tráchta
- Iompar frith-shóisialta

Soláthraíodh réamh-chúrsaí agus lámhleabhair tionónta do gach tionónta nua.

Comórtas don Eastát is Fearr

Aicme A: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte sa bhreis ar 10 mbliain

An Chéad Duais: Radharc na Coille, An Sráidbhaile

An Dara Duais: Corrán Parnell, Port Laoise

Aicme B: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte idir 3-10 mbliana
Duais: Radharc Sliabh Bladhma, an Bhuiríos

Aicme C: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte níos lú ná 3 bhliain
Duais: Ardáin Pháirc na h-Eaglaise, Bhaile an Chaisleáin

Chuaigh duais speisialta don eastát a chuir an feabhas is mó ar an áit, Clós Chlann Mhaoilíre, Cúil an tSúdaire

Leanann Oifigeach Idirchaidrimh Tionónta agus Feidhlí Faire soghluaiste do Shean Daoine agus do Dhaoine le míchumas orthu ag obair sa Roinn Tithíochta le hOifigeach Idirchaidrimh Tionónta difriúil do cheantar Chnoc Maighe i bPort Laoise. I 2008 bhí 63 Comhchaidreamh Áitreabhach ag fáil tacaíochta ón Roinn Tithíochta.

Comharthaí Feidhmithe

Comhartha Feidhmithe	2007	2008
Líon iomlán d'áiteanna cónaithe i stoc údarás áitiúil	1,819	1,891
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh	4%	1.81%
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh agus faoi réir mórscéimeanna athshlachtaithe	12.3%	0%
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh agus nach bhfuil ar fáil ar chíos	45.70%	34.31%
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh agus ar fáil ar chíos	42%	65.69%
Méid ama a thóg sé, ar an meán, na lóistíní ar fáil le haghaidh ath-chíosa a chur amach ar chíos arís		
(a) am tógtha ó fhógraíocht an dáta scoir go dtí an dáta go bhfuil gach deisiú riachtanach déanta atá measta a bheith déanta chun an lóistín a chur amach ar chíos arís		9 seach-tainí
(b) am tógtha ó oibreacha ag (a) a bheith críochnaithe suas chuig dáta an chéid dochar cíosa	1.09 seachtain	2 seach-tainí
Líon athchóirithe a cuireadh i gcrích mar chéadatán líon na n-iarratasbailí a fuarthas	92.93%	92.22%
Meántráth a ghlac sé chun iarrthóirí a chur ar an eolas maidir le cinneadh an údaráis áitiúil ar iarratais do:		
Scéim Tithíochta Comhroinnte	6.25 days	N/A
Scéim Iasachtaí Tithíochta	19 days	N/A
Tithíocht Údarás Áitiúil	28.1 days	N/A

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

	2007	2008
Líon iomlán na dteaghlach taistil a fuair cóiríocht mar chéadatán na spriocanna i gClár Cóiríocht um an Lucht Táistil Áitiúil	125%	72.22%
Céatadán Riaráistí Cíosa		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid dlite (Ioncam Cíosa)	88%	93.31%
4-6 seachtain d'aois	7.07%	10.47%
6-12 seachtain d'aois	8.45%	11.85%
Tharr 12 seachtain d'aois	75.70%	81.41%
Deontais chun tithíocht a athrú le haghaidh riachtanais na ndaoine le míchumas orthu		
(a) Méid ama tógtha, ar an meán, (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoi Scéim deontais Cúnaimh So-ghluaiseachta ón uair a fhaightear iarratas bailí		4
(b) Méid ama tógtha (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas Orthu nuair a bhfaightear iarratas bailí		8
Traenáil do Thiontaithe – Fán gcéad iomlán na dtionóntaí áitiúla nua a chríochnaigh traenáil réamh-tionóntactha		43.45%
Cur-i-bhfeidhm na gcaighdeán ins an earnáil phríobháideach ar chíos		
(a) Méid iomlán na dtionóntaí cláraithe		2202
(b) Méid na n-aonad cónaithe gur déanadh cigireacht orthu		101
(c) Méid na cigireacht déanta		101
(d) Méid na lóistíní gur déanadh cigireacht orthu mar % des na tionóntachtaí cláraithe		4.59%

www.laois.ie

Déan é ar líne

Bhfuil fhios agat gur féidir leat úsáid a bhaint as a lán des na seirbhísí ar líne ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Chontae Laoise?

San áireamh iontu seo tá:

- Díol Ar-Líne: Fíneálacha Páirceála, Athnuachan Cáin Gluaisteán, keyfob Líonta Talún, Múiríneoir, Fíneálacha do Bhruscair, Táillí Tine agus níos mó.

- Pleanáil ar líne – Féach ar iarratais phleanála agus na doiciméid a théann leo.

- Seiceáil Clár na dToghthóirí chun a fheiceáil an bhfuil tú cláraithe chun vótáil.

- Déan athnuachan agus féach le haghaidh leabhar ar líne.

- Féach ar na poist reatha agus íoslódáil na riachtanais, na foirmeacha iarratais agus an doiciméadú tacaíochta.

- Féach ar na Foilseacháin.

- Féach ar an Nuacht is Déanaí.

- Tá réimse foirmeacha iarratais le fáil le híoslódáil.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Ealaíon

Scoil Ceoil Laoise

Choimeád Scoil ceoil Laoise a h-uimhir mac léinn de 350 dalta, 18 múinteoir páirt-aimseartha agus comhordanáidí lán-aimseartha slán i 2008. Seoladh Banc Ionstraim Bunscoileanna Laoise i Márta, i dteann ta le h-Ionad Ealaíona Dhún Másc agus ceithre urraí gnó áitiúla, ag soláthar 20 Veidhlín agus 4 Dordveidhil do dhá Bhunscoil sa chontae ar feadh tréimhse 2 bhliain. Bhí an Ceolfhoireann LSM ag seinm sa Helix, Baile Átha Cliath, do Cheolchoirm ar son Achainí Leanaí Chernobyl i b-Plás Pobail Phort Laoise le haghaidh Rogha Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí i measc ócáidí áitiúla eile. Dhein clanna ón Scoil Ceoil óstaíocht ar chuairteoirí Francacha ó nasc-bhaile Phort Laoise, Colouneix-Chambeirs, an Fhrainc, i mí Iúil. Bhí bunú Cóir Cuislín LSM agus Ensemble Daoine Fásta LSM i measc tionscnaimh ceoil nua sa bhliain seo. D'oscail ionad nua, chomh maith, sa Darú i Samhain, 2008, ar bhonn píolótach, le ranganna ann i gCeolkinder, Pianó, Méarchláir agus Giotár.

Seoladh an Bhainc Ionstraim in Ionad Ealaíona Dhún Másc

Amharclann Óige Laoise

Bhí bliain an-ghnóthach ag 5 Grúpaí Amharclanna Óige Laoise – Port Laoise, an Sráidbhaile, Maighean Rátha, Cúil an tSúdaire agus Ráth Domhnaigh. Léirigh Amharclann Óige Phort Laoise an dráma "Understanding Marcus" i Ros Comáin i Mí na Samhna mar chuid den gCumann Náisiúnta de Fhéile Réigiúnach an Óige NEW STAGE. Bhí fáiltiú deireadh na bliana ar siúl in Áras an Chontae go raibh teastais rannpháirtíochta bronnta ar gach ball de amharclann na h-óige.

Scríbhneoir Cónaithe

Chríochnaigh an Scríbhneoir Cónaithe, Caroline Barry a sé mhí ina cónaí i 2008. D'eagraigh sí siopaí oibre do scríbhneoirí níos óige lena lán daoine ag freastal le linn a cuid ama i Laois agus d'oibrigh sí, chomh maith, lena lán grúpaí scríbhneoirí, le Leabharlannaí, le Scoileanna agus le Príosún Phort Laoise i dteannta le cabhair a thabhairt do scríbhneoirí aonaracha. Cuireadh Díolaim 'Óir' Laoise le chéile agus atheagraíodh é mar chuid den gclár agus tá cóipeanna den leabhar nua ar fáil anois ó shiopaí leabhar áitiúla, ó Ionad Ealaíona Dhún Másc agus ón Oifig Ealaíona.

An Picnic Aibhléise

D'oibrigh an Oifig Ealaíona i dteannta le grúpa Ceardglas ar thionsc namh le 7 ealaíontóirí Laoise ann ag déanamh lúbra comhshaoil ag an bhféile agus i dteannta le potaireacht Éireann dearadh tionscnamh le haghaidh aicme an Fhocail Labhartha inar léiríodh drámaí bunaithe ar shaothair ealaíne liteartha.

Cistíocht Insroichte

Bhí cúnamh dheontais faoin scéim SROICHTEACHT II de mhéid €440,000 (uasmhéid) ceadaithe ag an Aire, Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta, le haghaidh costas Tionscnamh an Teach Ealaíona i Sráidbhaile. Beidh an sean teach cúirte á athrú ina áis ealaíona nua mar chuid des na hoibreacha.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Clár Ealaíona an t-Samhraidh

D'éirigh go hiontach le Clár Ealaíona an t-Samhraidh, le iomlán de 24 siopa oibre, de fhaid seachtaine, difriúla ann agus iad deartha le haghaidh leanaí, daoine fásta agus daoine óga. Bhíodar seo ar siúl le linn tréimhse an tsamhraidh agus bhí Ealaíon, Potaireacht, Scríbhneoireacht Cruthaitheach, Dráma, Rince agus Ceolkinder ann.

Siopa Oibre Rince – Clár Ealaíona an t-Samhraidh

Siopaí Oibre i gClár Ealaíona Samhraidh Swan

"Duilleoga" – Deireadh Seachtaine Litearthachta Laoise

D'eagraigh an Oifig Ealaíona, i dteannta le ionad Ealaíona Dhún Másc Féile litearthachta ar an 12ú, 13ú agus 14ú Meán Fhómhair, 2008. Bhí Díolaim Laoise nua a ghlaoitear "Óir" air seolta ag Jane O'Hanlon ó Fhilíocht na hÉireann ag an ócáid. Bhí roinnt léitheoireachta, ceol, agus siopaí oibre in Ionad Ealaíona Dhún Másc san áireamh sa bhFéile agus beidh sé mar ócáid bhliantúil.

Tionscnamh Ealaíona UNIT: Samhain – Feabhra

Is tionscnamh cónaitheach do Ealaíontóirí é UNIT atá ar siúl i bPort Laoise ó Shamhain go Feabhra 2009. Tá cúig ealaíontóirí agus ceithre coimeádaí ag obair le chéile in ionaid difriúla agus le grúpaí éagsúla, ag déanamh fiosrú agus imlíniú ar ghnéithe an tsaoil ó lá go lá trí oibreacha ealaíona comhshaolach agus cleachtas. Tá an Ealaíontóir Theresa Nanigan ag obair le 25 mac léinn ar theanga an Bhéarla san

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

CGO a tháinig anseo le déanaí ó gach cúinne den domhan – chun tais céal agus léiriú a dhéanamh ar Choincheap Ghairdín Éidin agus pharthais trí chomhrá agus trí agallaimh. Tá Dóchas Dúchasach (Aisteoirí Tara Kennedy agus Jennie Moran) ag obair agus ag teagmháil le príosúnaigh Phort Laoise trí litreacha ag déanamh iarracht timpea-llacht athruithe na bpríosúnach a thuiscint. Tá an Ealaíontóir Ruth Lyons lonnaithe sa tSean-Mhuileann, Port Laoise, i stiúideo sealadach faid is a dhéanann sí fiosrú faoin mbaile agus ar a chomhthéacs ina bhfuil sé mar núicléas do bhruachbhailte agus do fhorbairtí tithíochta nua. Tá Ruth ag obair ar léaráidí, ar scála mór, ó léarscáileanna an bhaile teilgthe ins an studio. Tá an Ealaíontóir, a oibríonn le cúrsaí fuaime agus ins na meáin bheoga, ag obair ar thionscnamh ag Ospidéal Ginearálta Phort Laoise mar a thugann sé tacaíocht don bpobal le linn a shaolré iomlán. Foilseofar toradh ar iarmhartaí agus ar fhreagraí an tionscnaimh shuimiúil seo i 2009.

RTÉ Mórthimpeall na Tíre

Bhí 'Nationwide' de chuid RTÉ á chraoladh ó Phort Laoise ar an 18ú Feabhra 2008 agus thaispeáin sé dealbhóireacht James Fintan Lalor; Portráidí ag Ealaíontóirí Laoise sa bh-Fhoirgneamh Link, Áras an Chontae; Siopaí Oibre Scríbhneoireachta do Leanaí leis an Scríbhneoir Cónaithe de chuid Laoise; Taispeántais agus agallaimh le baill Scoil Ceoil Laoise; cuairt chuig Ionad Ealaíona Dhún Másc agus agallamh leis an Oifigeach Ealaíona, Muireann Ní Chonaill. Bhí clár eile craolta ó Shléibhte Bladhma i Márta agus thaispeáin sé an Cumadóir Cónaitheach Brent Parker le Ceolfhoireann an Scoil Ceoil.

Sparánachtaí agus Duaiseanna

Bhí Deontais Gníomh Ealaíona, Duais Pátrúnachta Laoise, Sparánacht Lárionad Tyrone Guthrie agus Scoláireacht Scoil Samhraidh Sraith Dráma na hÉireann san áireamh ins na duaiseanna ealaíona 2008.

Clár Aisteoirí i Scoileanna

Bhí ealaíontóirí cónaithe ar siúl i 9 scoil sa Chontae i 2008.

San áireamh sna gníomhaíochtaí eile bhí

- Féile na Bealtaine – do Dhaoine Níos Sine
- Taispeántais
- Comhlacht Dráma ar Chuairt go Scoileanna
- Seanchas i Scoileanna
- Siopaí Oibre scríbhneoirí
- Tionscnamh Gréasán Ealaíona an Oir Dheiscirt
- Tacaíocht na bh-Féilte
- Iris Leabhar cultúrtha agus ealaíona lár na tíre
- Máistir-Ranganna Lár na Tíre

Táscairí Feidhmíochta Áitiúla 2008

Méid Iomlán na nDeontas Ealaíona	€208,242.25
Daonra	67,012

Deontais Ealaíona

Méid Deontas Ealaíona Leithdháilte	43
Luach Iomlán na nDeontas Ealaíona leithdháilte per daonra 1,000	€3,107.53

Táscairí Feidhmíochta	2006	2007	2008
(1) Méid na nDeontas Ealaíona leithdháilte	43	43	43
Per Daonra 1,000	2,809	2,781	3,107
Méid Amharclann Óige	5	5	5
Siopaí Oibre Ealaíona an t-Samhraidh	15	20	21
Siopaí Oibre Dráma	1	1	1
Méid na Mac Léinn – Scoil Ceoil Laoise	300	350	400

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Spórt & Fóillíocht

Chuir Earnáil Spóirt agus Fóillíochta Chontae Laoise ócáidí agus gníomhaíochtaí an-rathúil ar siúl i 2008. B' iad na cinn phríomha ná:

Soláthar Imeartha

laíodh Páirc na himeartha go hoifigiúil ag Ionad Pobail An Chillín ar an 29ú Meitheamh, 2008 ag an Cathaoirleach Comhairleoir John Moran. Bhí aonad il-imeartha le sleamhnán, luascán Sóisearach 2 Bhá, siúlóid lomáin, clár longadáin, eangach tolláin, cuing chothromaíochta, agus crandaí-bogadaí pónaí san áireamh in áiseanna faiche imeartha na leanaí.

Marcanna san Fhaiche Imeartha

Bhí Marcanna ar Fhaiche Imeartha na Scoile forbartha níos mó i 2008, le naoi scoil breise i Laoise ag baint úsáid as an gcistíocht. Is é aidhm scéim mharcanna an fhaiche imeartha leibhéal gníomhaíocht fhisiceach agus imirt bunaithe sa scoil a mhéadú i dteannta líon na leanaí atá gníomhach a mhéadú. Tugann marcanna an fhaiche imeartha deis do leanaí a bheith gníomhach go fisiceach le linn a lá scoile agus moladh do leanaí páirt a ghlacadh i gcluichí gníomhacha a chabhródh leo forbairt go fisiceach. Soláthraíodh traenáil do mhúinteoirí agus do leanaí chun cluichí a imirt ar na marcanna nua.

Clár Gníomhach do Leanaí

D'eagraigh agus dhein Comhairle Chontae Laoise seachada ar chlár gníomhach Cásca agus Samhraidh an-bhuacach i 2008 mórthimpeall an Chontae. Bhí Páirceanna Leadóige Cásca & Samhraidh seachadta ag Mainistir Laoise, Maighean Rátha, Port Laoise & Cúl an tSúdaire, lenár gclár Samhraidh Campa Co Co á sheachadadh ag Cúl an tSúdaire, Baile an Bhiocáire, Cam Ros, Ráth Domhnaigh, Baile Uí Ruáin agus Port Laoise.

Campaí do Dhéagóirí Gníomhacha

Bhí trí campaí Gníomhacha do Dhéagóirí eagraithe i bPort Laoise & i gCúl an tSúdaire le linn saoire an tSamhraidh agus um Shamhain. Bé an chúis a bhí leis na campaí ná déagóirí a thabhairt isteach go siopaí oibre giom-náisiam & aclaíochta maidir lena riachtanais sláinte agus aclaíochta. Tugadh deis do rannpháirtithe a chláir aclaíochta a dhearadh agus monatóireacht a dhéanamh air agus páirt a ghlacadh i ranganna aclaíochta agus snámha le linn na seachtaine. Bhí teagascóirí ar fáil chun comhairle shaineolach agus traenáil a thabhairt mórthimpeall an champa do dhéagóirí.

Forbairt na gClub

Lean Clár Forbartha Club na Comhairle i 2008, ag cur chun cinn agus ag tabhairt tacaíochta do fhorbairt clubanna nua agus reatha i gContae Laoise, ag seachadadh siopaí oibre/seimineáir agus ag tabhairt cúnamh chun cistíocht a shlándáil trí an Clár Deontais Caipitil Spóirt. Bé an dáileadh iomlán do Laois ins an Clár Deontais Caipitil Spóirt 2008 ná €799,000, agus é dáilte go 18 club éagsúil mórthimpeall Contae Laoise.

Ag Spaisteoireacht i bPort Laoise

Is comhthionscnamh é Ag Spaisteoireacht i bPort Laoise de chuid Rannóg Spóirt, Fóillíochta & Imeartha Chomhairle Chontae Laoise agus tá Páirtíocht Spóirt Laoise le bheith ag cur siúlóid chun cinn. Tá sé dírithe go háirithe ar dhaoine ná siúlann chun go mbuailfidh siad le daoine nua, páirtí

siúil a fháil, a bheith mar chuid de ghrúpa gníomhach nó tosú nó athnuachan a dhéanamh ar shuim sa t-siúlóid.

SÁBHÁILTEACHT UISCE

LAPAÍ & GIALLA

Lean an clár sábháilteachta uisce LAPAÍ & GIALLA i 2008, ag cur na cleachtais sábháilteachta uisce is fearr chun cinn do dhaltaí bunscoile agus meánscoile i gContae Laoise. Tá eilimint bunaithe sa tseomra ranga san áireamh sa chlár, go múineann múinteoirí leanaí faoi cleachtais sábháilteachta sa bhaile, ar an bhfeirm, ag uisceb-healaigh oscailte agus ar an dtrá. Ionchorpraíonn Ionad Fóillíochta Phort Laoise & Cúil an tSúdaire na scileanna snámha agus na cleachtais sábháilteachta seo isteach ina seisiúin snámha scoile ansin.

Ranganna Sábháilteachta Uisce

Tá cáil thar na bearta ag Comhairle Chontae Laoise i leith shábháilteacht uisce a chur chun cinn agus tá sé seo imlínithe trí na ranganna sábháilteachta uisce sóisir agus sinsir a thosaigh arís i 2008. Tá na ranganna seo dearthá chun cumas na snámhaithe agus a scileanna sábhála saoil a fheabhsú agus táid tógtha timpeall ar an dtéama 'gach leanbh ina shnámhaí, gach leanbh ina tharrthálaí'.

Cumann na d-Tachrán

Gné nua ab ea Cumann na d-Tachrán i 2008. Bunaíodh an club do shnámhaithe óga idir chúig agus dhá bhliain déag d'aois chun na scileanna bunúsacha snámha agus sábháilteachta a fhoghlaim. d' Éirigh an-mhaith leis mar chumann do dhaoine óga agus bhí oíche ceiliúradh dá gcuid iarrachtaí i rith na bliana. Tugadh lá amach do bhaill an Chumainn i gCuan an Bhriotáis, Co, Chill Mhantáin áit ina raibh Comórtas Náisiúnta na dTonn ar siúl. Chonaic na baill go gléineach chomh tábhachtach is atá sábháilteacht na beatha agus an méid cleachtais a chaithfear a dhéanamh chun bheith ina tharrthálaí.

Oscailt Oifigiúil na nIonad Fóillíochta

D'oscail An t-Uas. Martin Cullen TD, Aire Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta Ionad Fóillíochta Cúil an tSúdaire Teo., Ionad Fóillíochta Phort Laoise Teo., agus Mion-Pháirc Swan go hoifigiúil, faoi choimirce Chomhairle Chontae Laoise ar an 6ú Meitheamh, 2008. Tá na háiseanna go léir in úsáid go forleathan ag an bpobal agus na huimhreacha freastail sa bhreis ar mar a bhíodar ag súil leo.

Dhein Comhairle Chontae Laoise ceadúnú ar áis in Eanáir 2008 don FAI chun frio-tháil mar Ionad Forbartha Réigiúnach le haghaidh sacair, a sholáthróidh deiseanna do imreoirí agus do thraenálaithe a scileanna a fhorbairt agus Nicole Dunphy ceaptha mar Oifigeach Forbartha Pobail Sacair FAI.

Oscailt Oifigiúil Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire

Oscailt Oifigiúil Ionad Fóillíochta Phort Laoise

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Duaiseanna

Duais Barr Feabhais Éireann Chambers

Fuair Comhairle Chontae Laoise duais gradaim ag 5ú Barr Feabhais Bhliantúil Chambers Éireann i nDuaiseanna an Rialtais Áitiúil ar an 6ú Samhain, 2008. Tá i gceist ag na duaiseanna nuálaíocht agus an cleachtas is fearr a aithint agus a mholadh i measc Údaráis Áitiúla na hÉireann. Bhí an duais ins an rannóg Spóirt & Caitheamh Aimsire do Ionad Fóillíochta Phort Laoise agus tionscnaimh Raon Lúthchleasach Phort Laoise. Bhí na tionscnaimh ainmnithe ar dtús ag an gCumann Lucht Tráchtála áitiúil agus bhí gearr-liosta déanta ins na haicmí rannóige éagsúla agus breith tugtha orthu de réir chumas an tionscnaimh a léiriú cé chomh tairbheach is atá sé don bpobal.

Duais Comhlachais Barr Feabhais Chambers Éireann

Duais LAMA an Rialtais Áitiúil

Fuair Comhairle Chontae Laoise Duais LAMA le haghaidh Ionad Fóillíochta Laoise nuair a bronnadh an Áis Chaitheamh Aimsire Is Fearr Dóibh ó ghearrliosta de ocht gcinn de áiseanna. De thairbhe na nduaiseanna bhí freagra iontach ar an nglaoch go nglacfadh gach Comhairle Chontae páirt iontu a bunaíodh chun iad san go raibh a gcuid oibre an-thairbheach don bpobal a cheiliúradh. Bhí dhá thionscnamh eile de chuid Laoise ar an ngearrliosta, chomh maith, leis an Áis Spóirt Is Fearr – Ionad Fóillíochta Cúil an tSúdaire agus an Foirgneamh Eco Is Fearr – Ionad Pharóiste Phort Laoise san áireamh.

Duais Rialtais Áitiúil LAMA

Lá Clanna Cumaisc Idirchultúrtha Chomhairle Chontae Laoise/an FAI

Bhí Ionad Fóillíochta Phort Laoise, Ionad Forbartha Réigiúnach an FAI i Laois mar an ósta do Chéad Lá Spóirt Bhliantúil an Chlanna Cumaisc i Nollaig, 2008. D'eagraigh Contae Laoise, Páirtíocht Spóirt Laoise agus an FAI, i dteannta le Rugbaí Laighean agus CLG Laoise an lá idirchultúrtha chun díriú ar na mílte eachtranach nach Gaeil iad go bhfuil cónaí orthu i Laois. Bhí gach gníomhaíocht saor ar an lá agus bhí úsáid na linne snámha, an sauna agus an seomra gaile san áireamh, chomh maith. Bhain leanaí óga taitneamh as na nithe le aer iontu faoi dhian agus allamuigh, an tais-peántas puipéid, péinteáil aghaidh agus seanchas i dteannta le húsáid na linne agus an fhaiche imeartha. Gníomhaíochtaí eile le blas eitneach leo ab ea ju-jitsu na Brasaíle agus drumaí na h-Afraice. Bhí bia le blas eitneach ar fáil, chomh maith, ag Bialann an áiléara ag an Ionad Fóillíochta.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Sacar i gClár an Phobail

Sraith Mion Pháirc Swan

Rith an FAI/Oifigeach Forbartha Chomhairle Chontae Laoise, Nicole Dunphy, sraith Mion Pháirc Swan thar tréimhse sé seachtaine

Sraith Sacar Déanach Istoíche an FAI/Comhairle Chontae Laoise

D'eagraigh an FAI, Comhairle Chontae Laoise, i dteannta le SSS Laoise, Tionscnamh Bloc, CGO Laoise, Foróige agus An Garda Síochána sraith shacair déanch is t-oíche a ritheadh ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Bé aidhm an chláir gníomhaíocht déanach is t-oíche a thabhairt do dhéagóirí agus iompar frith-sóisialta a laghdú i gCeantar Phort Laoise.

Clár Eastáit Comhairle Cnoc Maí

Ghlac leanaí páirt i gclár 12 seachtaine ó Aibreán go Meitheamh, le gníomhaíochtaí sacair san áireamh ann chun cabhrú lena scileanna sacair agus chun cabhrú leo foghlaim conas imirt mar fhoireann. Bhí dhá ghrúpa traenáilte le linn an dá sheachtain déag, a bhí ó 3 bhliain suas go ceithre bliana déag d'aois.

Sacar do Naíonáin

Rith Comhairle Chontae Laoise clár sacar a bhí dírithe ar leanaí de aois 3-6 bliana d'aois.

Siúracha Sacair, an Darú

Clár é Siúracha Sacair chun iarracht as dhéanamh moladh do chailíní idir 7-12 bliana d'aois páirt a ghlacadh i sacar ag súil le foirne a fhoirmiú ón ngrúpa. Faigheann na rannpháirtithe traenáil ó thraenálaithe Cáilithe ón FAI.

Scoileanna Sacar an t-Samhraidh

Scoileanna Sacar an t-Samhraidh ian clár is mó de chuid an FAI agus tá sé ag rith i Laois le roinnt blianta anuas. Bhí 6 champa príomha agus campa amháin do chúlbháire á rith trasna an chontae á rith trasna an Chontae i bPort Laoise, i Mainistir Laoise, i Móinteach Mílic agus i Ráth Domhnaigh i 2008.

Oidhreacht

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun meabhraíocht agus tuiscint ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise a chur chun cinn. Tugtar faoi seo le cabhair na Comhairle Oidhreachta, trí na tionscnaimh atá sonraithe i bPlean Oidhreachta Laoise.

Plean Oidhreachta Laoise 2007-2011

Chuaigh Plean Oidhreachta Contae Laoise isteach ina dara bliain dá chur i bhfeidhm i 2008. Tá 50 gníomhaíocht, a bheidh á gcur i bhfeidhm le linn na mblianta atá le teacht sa phlean agus tá ceithre cinn de aicmí táb-hachtacha ann mar a leanas: Eolas a bhailiú ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae; Meabhraíocht a ardú i dteannta le taitneamh a bheith bainte as an oidhreacht;An Cleachtas is fearr sa bhainistíocht oidhreachta a chur chun cinn i dteannta le caomhnú gníomhach ar an oidhreacht i Laois.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Baineann an t-eolas seo a leanas le tionscnaimh ó Phlean Oidhreachta Laoise a tugadh faoi le linn 2008 leis An gComhairle Oidreachta. Tá tuairiscí suirbhé agus taighde iomlána ar fáil ó Oifigí Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, nó ar fáil le híoslódáil ag www.laois.ie/heritage.

Bailigh eolas ar Oidhreacht Chontae Laoise

An chéad chéim riachtanach i gcaomhnú agus ar imlíniú na h-oidhreachta seo ná eolas a bhailiú ar oidhreacht Laoise. Bhí na suirbhéanna seo a leanas déanta le linn 2008:

- Suirbhé ar oidhreacht ailtireachta Phort Laoise
- Céim IV den suirbhé páirc ina dhiaidh páirce de ghnáthóga an Chontae;
- Suirbhé ar sciatháin leathair ag baint úsáid as sealúchais Chomhairle Chontae Laoise;
- Suirbhé ar oidhreacht forbartha agus nádúrtha de reiligí an Chontae.

Meabhraíocht a ardú agus taitneamh as oidhreacht Laoise a chur chun cinn

D'oibrigh an t-Oifigeach Oidhreachta lena lán daoine, le grúpaí pobail agus le Fóram Pobail an Chontae chun tionscnaimh oidhreachta a phleanáil agus comhairle a thabhairt ar conas teacht ar cúnamh dheontais agus ar thacaíocht do thionscnaimh. Bhí gach tuairisc agus foilseacháin a foilsíodh le linn na bliana curtha isteach i rannóg an staidéir áitiúil de chuid Leabharlann Chontae Laoise agus cuireadh ar fáil iad le híoslódáil ar shuíomh idirlín Comhairle Chontae Laoise. Bhíodar seo a leanas san áireamh ins na gníomhaíochtaí gur tugadh aghaidh orthu le linn 2008 chun meabhraíocht faoi fhadhbanna oidhreachta a ardú:

- Bhí clár seachtaine de ócáidí clainne, siúlóidí treoraithe, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta spraoi eagraithe le haghaidh na Seachtaine Oidhreachta náisiúnta;
- Foilsíodh leabhar ar oidhreacht tógtha agus nádúrtha sean-Chanáil Mhóinteach Mílic, bunaithe ar thorthaí an t-suirbhé a déanadh i 2006;

- Chuaigh sraith siopaí oibre agus turais páirce "Fionnachtana Fiabheatha Laoise" isteach ina dara bliain, le siopaí oibre praiticiúla agus turais páirce ann ar ábhar bithéagsúlachta agus fiabheatha;

- Bhí sraith ócáidí fiabheatha ar siúl le linn Seachtain na Bithéagsúlachta i Mí Bealtaine, le siúlóidí Sciathán Leathair san áireamh i gCúirt Iomagh, le cabhair ó Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus ó Sheirbhís na bPáirc Náisiúnta agus Fiabheatha;
- Bhí comhdháil bhliantúil "Ag Ceiliúradh Oidhreacht Laoise" ar siúl in Iarsmalann Mhóinteach Mílic sa tSamhain chun a chur in iúl don bpobal faoi fhadhbanna a bhaineann le hoidhreacht, agus faoi thaighde agus suirbhéanna a bhí ar siúl le linn na bliana;
- Bhí siúlóidí le h-éirí gréine i gCluain na Slí agus i n-Darú eagraithe chun Lá Cór Bhreacadh lae na n-Éan bliantúil a cheiliúradh i mBealtaine;
- Bhí Bailiúchán Laoise de agallaimh staire seanchais gur déanadh

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

taifeadadh orthu le linn 2006 craolta mar shraith clár ar raidió áitiúil 103 Lár Tíre;

- Bhí taispeántas des na hiontrálaithe ar an dtéama "Ár n-Oidhreacht Forbartha" ar siúl in Áras an Chontae le linn na Seachtaine Oidhreachta tar éis an chomórtais a bhí ar siúl i 2007.

Buaiteoirí Comórtais Grianghrafadóireachta

An cleachtas is fearr i mbainistíocht oidhreachta a chur chun cinn agus caomhnú gníomhach na h-oidhreachta a chur chun cinn

Bhí seimineár fad lae do úinéirí foirgnimh stairiúla agus tuí ar siúl i Mainistir Laoise i gcomhoibriú leis an rannóg Pleanáil ar Aghaidh. Dhein an ócáid eolas agus comhairle phraiticiúil a sheachadadh faoin a lán ábhair a bhí ag déanamh tinnis do úinéirí na bhfoirgneamh seo, mar cothabháil, árachas, deontais agus cistíocht.

Bhí oscailt oifigiúil Ionad Cultúrtha Teach Cúirte Darú ag an údar Deirdre Purcell ar siúl i Meitheamh, 2008. Fuair an foirgneamh oidhreachta táb-hachtach seo, a bhí nach mór tréigthe, saol nua mar leabharlann agus mar áis cultúrtha pobail, le tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ón gComhairle Oidhreachta, ag taispeáint an cleachtais is fearr i gcaomhnú foirgnimh stairiúil.

Comharthaí Comhlíonta

Comharthaí Comhlíonta	2007	2008
An méid gníomhaíochtaí ó Phlean Oidhreachta Laoise curtha i bhfeidhm	8	8
(Tá uasmhéid de 8 ngníomhaíocht sa bhliain maoinithe i gcuid ag an gComhairle Oidhreachta).		
Líon cruinnithe de Fhóram Oidhreachta Laoise ar siúl	3	3
Líon suirbhé bithéagsúlachta déanta	3	3
Líon suirbhéanna oidhreachta forbartha/cultúrtha déanta	2	2
Líon foilseachán ar Oidhreacht Laoise foilsithe/tacaithe	1	1
(Is breis na foilseacháin seo ar thaifid tionscnamh foilsithe tar éis suirbhéanna &rl.)		
Líon Cainteanna ar an Oidhreacht/Cúrsaí Traenála/ Seimineáir eagraithe	12	39
(Le hócáidí a bhí ar siúl le haghaidh Seachtaine na h-oidhreachta san áireamh)		

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Leabharlann

Brollach

Tá ról an-thábhachtach ag seirbhís na leabharlainne poiblí inár bpobail ag soláthar slí chun eolais, eolas, foghlaim fad saoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire ar bhonn iniamh. Tá Seirbhís Leabharlann Laoise á sheachadadh trí ghréasán 8 brainse páirt-aimseartha agus 4 bhrainse amháin lán-aimseartha. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair i gclár forbartha bhonneagair mór.

Tá an tseirbhís gafa faoi láthair le clár forbartha bonneagair mór ag comhlíonadh na n-aidhmeanna atá leagtha amach i bPlean Forbartha na Leabharlanna 2007-2011.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Críochnaíodh tógáil na leabharlainne nua agus áiléar ealaíona i mBealtaine agus d'osclaíodh an leabharlann don bpobal i Meitheamh. Bhí an oscailt oifigiúil déanta ag John Gormley, T.D., Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá an leabharlann ag comhlíonadh ról lárnach sa phobal áitiúil, le ballraíocht reatha ann de 1,455, agus tá méid na gcuairteanna ó Bhealtaine ag seasamh ag 23,706.

Bhí an leabharlann ainmnithe do dhuaiseanna DFCA le haghaidh an Fhoirgnimh Phoiblí Is Fearr agus don Ailtireacht Is Fearr.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Leabharlann Darú

Críochnaíodh athnuachan Teach Cúirte Darú i mBealtaine 2008 agus glaoitear Ionad Cultúrtha Darú air anois, ina bhfuil leabharlann páirt-aimseartha, atá oscailte don bpobal ar feadh ceithre uaire cloig déag sa tseachtain.

Feidhmíonn an t-ionad mar lár ionad do chruinnithe pobail, chomh maith, le haghaidh grúpaí agus clubanna áitiúla.

Oscailt Oifigiúil Leabharlann Darú

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Bhí an conradh do leabharlann nua ag iar-fhoirgneamh an Teach Cúirte ag Sráid Uí Mhordha, Móinteach Mílic, sínithe ar an 4ú Meán Fhómhair agus chuaigh an conraitheoir isteach sa t-suíomh le linn na seachtaine dár gcionn. Beidh athnuachan ar chuid den dTeach Cúirte agus síneadh ar chúl agus ar thaobh an fhoirgnimh reatha san áireamh sa bhforbairt, go mbeidh 690 méadar cearnach ann.

Stair/Staidéar Áitiúil

D' Fheabhsaigh foireann na leabharlainne agus chuireadar cuid bhreise leis an suíomh idirlín stairiúil www.askaboutireland.ie. Tá rogha mór ann de chártaí poist Chontae Laoise m.sh. sean scéimh sráide agus díol suntais cáiliúla. Tá insint nua ann, chomh maith, faoi chustaim agus faoi bhéaloideas áitiúil. Is é an ceangal ó Leathanach Idirlín an Leabharlainne

ná: www.laois.ie/leisureandculture/libraries/localresearch.

Seirbhísí Ar-Líne

Soláthraíonn Leabharlannaí Chontae Laoise rochtain idirlín saor in aisce dos na suímh idirlín seo a leanas: itsyourmoney.ie, laois.ie, www.change.ie

Tá WIFI ar fáil anois i Leabharlanna Phort Laoise, Maighean Rátha, Mainistir Laoise, Cúil an tSúdaire agus Ráth Domhnaigh.

Ciste leabhar

Bé an Ciste leabhar do 2008 ná €219,000, méadú €31,000 ón bhliain deiridh. Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta €37,643 chun leabhair a cheannach do bhunscoileanna laistigh de cheantar an údaráis áitiúil.

Staitisticí

Ballraíocht	9,202
Gnéithe	231,799
Seisiúin Idirlín	12,547

Táscairí Feidhmíochta 2008

L. 1 Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal

Méid uaireanta cloig oscailte ar an meán do leabharlanna lán-aimseartha.	33.34
Méid uaireanta cloig oscailte ar an meán do leabharlanna páirt aimseartha (nuair is cuí).	7.52
Fán gcéad na leabharlanna lán aimseartha go bhfuil oscailtí Am Lóin acu.	100%
Fán gcéad na leabharlanna páirt aimsire go bhfuil oscailtí tráthnóna acu.	100%
Fán gcéad na leabharlanna lán aimsire go bhfuil oscailtí acu ar an Satharn.	100%
L. 2 Méid na gcuairteanna leabharlanna lán aimsire per daonra 1,000.	58.48
L. 3 (i) Caiteachas bliantúil ar stoc per duine sa daonra timpeall an chontae.	3.27
(ii) Méid na n-earraí eisithe per duine sa daonra timpeall an chontae le haghaidh:	
- leabhair	2.71
- earraí eile	0.75
L. 4 Méid na seisiún Idirlín soláthraithe per daonra 1,000	187.1

Táscaire Áitiúil: Ballraíocht Leabharlanna 9,202

Ócáidí agus Gníomhaíochtaí

Bhí réimse mór ócáidí agus gníomhaíochtaí ar siúl ag Leabharlann Chontae Laoise i ngach Leabharlann Brainse mórthimpeall an chontae i 2008. Bhain Leanaí agus Daoine Fásta mórthimpeall an chontae taitneamh as an réimse ócáidí agus gníomhaíochtaí a bhí eagraithe ag foireann na leabharlanna. Bhí clár na bliana seo gnóthach agus lán de spórt le cuairteanna ó údair, comórtais ealaíona, ceadail ceoil, clubanna leabhar agus seanchas ann.

Bhí seachtain Leabharlanna na hÉireann, Seachtain na Gaeilge agus Féile Leabhair na Leanaí san áireamh i mbuaic phointí na bliana.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Dhein Leabharlann Mhaighean Rátha a chéad breithlá a cheiliúradh i mBealtaine le maidin caife do gach duine a úsáideann é. Tá ranganna ríomhaire ag dul ar aghaidh go leanúnach le mic léinn C.G.O. ag úsáid ríomhairí leabharlanna le haghaidh traenála. Bíonn Ealaíon agus Ceardaíocht ar siúl don Samhradh agus don Samhain agus bíonn clubanna Cluichí agus clubanna Leabhar ar siúl go rialta ins an leabharlann. Bhí lá oscailte ar siúl i Meán Fhómhair le cuairt ón údar Geraldine O'Neill. Bhí bronnadh duaiseanna ar siúl i Nollaig do Ealaíon Iomlán na Leabharlanna agus do Chomórtas Gearrscéal.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Leabharlann Ráth Domhnaigh

Bhí lá oscailte buacach ag Leabharlann Ráth Domhnaigh i Meán Fhómhair, leis an scéalaí áitiúil Michael Creagh ag insint scéalta do leanaí scoile áitiúla. Bhí taispeántais de sheirbhísí na leabharlanna sa leabharlann.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Bhí Féile Leabhair do Leanaí an-bhuacach ag Leabharlann Mhainistir Laoise le cúirteanna Údair ag Don Conroy, Tom McCaughren agus cuairt ag Animal Magic. Bhí siopa oibre Samba le haghaidh déagóirí ar siúl i nDeireadh Fómhair. Bhí clár lán ag an leabharlann le haghaidh an tseachtain Oidhreachta, bé an buaic-phointe ná an staraí áitiúil Tom Cox, a labhair faoi baile Mhainistir Laoise agus a oidhreacht. Bhí sé thaispeántas ealaíona ins an Áiléar ón am a osclaíodh é i Meitheamh.

Leabharlann Phort Laoise

Bhí bliain an-ghnóthach ag Leabharlann Phort Laoise de ócáidí agus bhí cuairteanna údair ó Aubrey Flegg agus ó Gabriel Fitzmaurice san áireamh le haghaidh Féile Leabhar na Leanaí. Bhí seisiún faisnéise ar siúl ag an staraí, Michael Moylan, ar stair na hÉireann inar ghlac sé páirteanna éagsúla chuige féin. Thóg taispeántas Draíocht na nAinmhithe buafa, ulchabháin agus nathracha nimhe agus bhain leanaí áitiúla an-taitneamh astu. Bhí léitheoireacht dán ó Fr. Roche agus caint ag cartlannaí Sinead Holland san áireamh i mbuaic phointí na seachtaine oidhreachta.

Leabharlann Phort Laoise

Seirbhís sa Phríosún

Leathnaigh Leabharlann Chontae Laoise an tseirbhís leabharlainne a bhí á soláthar i Príosún Lár na Tíre chun Príosún Phort Laoise a chlúdach, chomh maith. Cé go bhfuil áiseanna agus riachtanais an dá phríosún difriúil, tá soláthar leabhar, páipéar nuachta agus iris leabhar agus earraí ilmheá-nacha éagsúla san áireamh ins an dá sheirbhís.

Tá an leabharlann an-thábhachtach laistigh den phríosún mar spás dírithe ar fhoghlaim neamhspleách. Oibríonn an leabharlann le foireann eile den phríosún, chomh maith, chun déileáil le leibhéil ísle litearthachta, rochtain níos fearr ar eolas a sholáthar agus foghlaim, ealaíon agus cultúr a dhéanamh níos insroichte do úsáideoirí na leabharlanna.

Sholáthar an Roinn Cirt, Comhionannais agus Leasú Dlí €12,000 chun stoc leabharlanna a cheannach agus bhí thuarastail beirt oibrí leabharlanna an phríosún forchúitithe do Comhairle Chontae Laoise.

	Príosún Lár na Tíre	Príosún Phort Laoise
Uaireanta Cloig Oscailte	1014	1276.5
Cuairteanna	3276	3941
Earraí Ar Iasacht	4112	1820

Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae

Coiste Polasaí Straitéiseach Forbartha Eacnamaíochta & Cur chun cinn an Chontae

Aidhm: Forbairt chothrom agus inmharthana a mholadh, a éascú agus a chur chun cinn laistigh den gContae.

Cathaoir: Séamus ó Diagáin

Baill
Mary Sweeney, M.C.C.
Martin Phelan, M.C.C.
Paul Mitchell, M.C.C.
Tom Jacob, M.C.C.
Michael Moloney, M.C.C.
Brendan Phelan, M.C.C.
Rotimi Adebari, T.C.

Ranna
John Finlay
Margaret Ryan
Kathleen Gorman

Stiúrthóir Seirbhisí: Declan Byrne
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinseartha: Ian McCormack

Tuairisc ar Choistí Polasaí Straitéiseacha:

Bhí na doiciméid seo a leanas foilsithe ag an gCoiste agus aontaithe ag Baill Chomhairle Chontae Laoise i 2008.

- Ag forbairt Cultúr Turasóireachta i gContae Laoise.
- An Contae & an Baile a Nascadh i gContae Laoise.

Forbairt Eacnamaíochta

Tá páirt ghníomhach ag Comhairle Chontae Laoise agus tá ról lárnach acu i bhforbairt eacnamaíochta an chontae. Tá an Chomhairle dírithe ar infheistíocht a mhealladh isteach ag tabhairt isteach spioraid féin-fhorbairt inmharthana agus táid dírithe ar deimhin a dhéanamh de go bhfuil forbairt chothrom ar siúl mórthimpeall an chontae.

Cómhalartú Phort Laoise

Beidh forbairt suíomh 250 acra in Acomhal Phort Laoise ann chun an tairbhe is fearr a bhaint as féidearthacht Forbartha Eacnamaíochta pasáiste iompair tábhachtach a ritheann trí an Chontae. Tá an tionscnamh mar thoradh díreach ar an Straitéis Náisiúnta Spásúil a thugann buntáiste as an gnáth do Laois agus do Phort Laoise i dtaobh é a chomharthú mar Nód Iompair agus Calafort Intíre.

Buaic Phointí 2008:

Iosta Cúram na dTraenacha Laoise

D'oscail an t-Aire John Moloney Iosta Cúram na dTraenacha Laoise ar an 25ú Iúil, 2008. Thug an áis seo de luach €65 milliún a bhí tógtha don cúis seo go speisialta 51 post go ceantar Phort Laoise. Tá an iosta suite ar shuíomh 39 acra soir ó Phort Laoise agus déanfaidh sé freastal ar thraenacha Idirchathracha le haghaidh bhealach Bhaile Átha Cliath/Corcaigh agus na traenacha reatha comaitéara de chuid Chill Dara, Chorcaí agus Luimnigh.

Iosta Cúram na dTraenacha Laoise

Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae

Energyst

Críochnaíodh obair ar dhá aonad trádstórais/tionsclaíocha éadroma le oifigí ag an Tóchar. Beidh Energyst ag athrú cuid dá ghnó chuig an suíomh seo.

Oibreacha Bonneagair

Tá an obair ag céim ar aghaidh go mór, chomh maith, ar Cheangal Bhóthar An Tóchair agus ag Séarach Idir-cheapóir an Iarthair, agus déanfaidh sé friotháil ar an suíomh ar fad.

Bainfidh siad seo, agus forbairtí an todhchaí, tairbhe as féidearthachtaí suíomh geografach Phort Laoise i lár na tíre.

Ionaid Fiontair

Ionad Fiontair Phort Laoise

Tá obair críochnaithe don gcuid is mó ar an dtionscnamh seo. Beidh meascán de lóistín oifige agus aonaid goradáin ag an suíomh seo le méid iomlán de 20,184 tr. cr. ann. Tá Bord Fiontair Chontae Laoise mar an tionóntaí ancaire don Ionad Fiontair nua.

Ionad Fiontair Chúil an tSúdaire

D'oscail Ionad Fiontair Chúl a' t-Súdaire i Meán Fhómhair, 2005, leis an gcuspóir spás 'beoga' nua-aimseartha laistigh de chreatlach tacaithe a sholáthar do fhiontraithe lonnaithe go háitiúil, agus ag an am gcéanna forbairt mhion-thionscail féin-chothaithe a ghriogadh laistigh de cheantar Chúl a' t-Súdaire.

Thug Comhairle Chontae Laoise cead pleanála i 2008 chun foirgneamh fiontair nua a thógáil ar shuíomh in aice leis an Ionad Fiontair Reatha. Beidh an t-ionad nua molta roinnte i 9 n-aonad. Bhí €140,000 ceadaithe do Ionad Fiontair Chúil an tSúdaire Teo. faoi Ionad Fiontair Pobail (IFP) Fiontar Éireann le haghaidh fhoirgnimh nua.

Suímh Thionsclaíocha

Leanann Comhairle Chontae Laoise ag coimeád a ról díreach ag éascú forbairt eacnamaíochta/cruthú post trí chur de láimh leanúnach suíomh mórthimpeall an chontae. Leanann an Chomhairle ag fáil talún le haghaidh fhorbairt tionsclaíoch de bharr féidearthacht an Chontae do bhreis forbartha agus a chumas le haghaidh fhiontar nua.

Bunachar Sonraí na Scileanna

Bhí Comhairle Chontae Laoise ag déanamh athchóiriú ar bhunachar sonraí a scileanna le haghaidh comaitéirí a fhágann an chontae chun oibriú i gContaethe eile. Is é an aidhm atá leis an dtionscnamh seo ná doiciméadú a dhéanamh ar phróifíl scileanna na linne oibre atá ar fáil don bhfiontar a roghnódh a bheith lonnaithe i gContae Laoise.

Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae

Expo Laoise 2008

Glacann Comhairle Chontae Laoise páirt gníomhach le gach Gníomhaireacht Forbartha Áitiúil agus Náisiúnta chun forbairt sóisialta agus eacnamaíochta an chontae a chur chun cinn. Dhein an Chomhairle chomh-urraíocht ar Expo Gnó Laoise 2008 a sholáthar deis uathúil do lucht taispeántais chun:

- Teagmhálacha agus treoracha a ghiniúint agus díolacháin a dhéanamh
- Táirgí nua a sheoladh nó a léiriú
- Teagmháil le lucht taispeántais eile
- Suim i dtáirgí agus i seirbhísí a ghiniúint agus brandaí a chur chun cinn isteach in áit an mhargaidh

An Flea Domhanda

D' Éirigh thar bharr ar fad arís le h-ócáid na bliana seo, a fuair tacaíocht ó Chomhairle Chontae Laoise, i measc an phobail áitiúil agus cuairteoirí chuig an chontae. Tháinig 30,000 duine ó chian is ó chóngar as Éirinn agus ón Domhan go dtí Port Laoise don bhféile 3 lá. Léirigh an ócáid Chontae Laoise ina eiseamláir agus chabhraigh sé chun an contae a chur ar an léarscáil mar an príomh ionad do ócáidí in Éirinn. Lean a lán buntáistí eac-namaíochta agus cultúrtha an ócáid don gcontae.

An Fleadh Domhanda

TURASÓIREACHT

Ócáidí & Féilte

Leanann an Rannóg Turasóireachta i gComhairle Chontae Laoise ag cur Contae Laoise chun cinn go gníomhach mar phríomh ionad ócáidí in Éirinn. Déanann suíomh geografach breá an Chontae agus an bonneagar bóthar agus iarnróid, i dteannta le h-ionaid d'ard chaighdeán agus bonn dea-lóistín é mar áit iontach chun óstaíocht a dhéanamh ar ócáidí móra.

Bhí ról lárnach ag an Rannóg Turasóireachta ag eagrú agus ag cabhrú leis na hócáidí seo a leanas i 2008:

Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise

Bhí Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise ar siúl ón 19ú go 22ú Bealtaine. Bhí an dúshlán ar oscailt do gach galfaire cleamhnaithe le club nó le cis GUI (nó a chomh-shamhail). Mheall an Dúshlán galfairí ó timpeall na hÉireann go léir, ó Thuaisceart na hÉireann, ón Bhreatain Bheag, ó Shasana agus ón tSualainn. Dhein Comhlacht Mórdhíola 4 Aces agus Comhairle Chontae Laoise urraíocht ar an ócáid. Ba iad Kenneth Farrell agus Damien Delaney ó Chlub Gailf Maighean Rátha ón gceantar áitiúil buaiteoirí iomlán ócáide 2008. Beidh ócáid 2009 mar ócáid níos mó fós le roinnt taispeántais cur chun cinn gailf ar siúl i dTuaisceart na hÉireann, sa Bhreatain Bheag, sa Ghearmáin agus sa Bheilg.

Buaiteoirí Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise

Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae

Cruinniú Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett

Bhí Cruinniú Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett ar siúl i nDeireadh Seachtaine Saoire Bainc an Mheithimh agus thosaigh sé le Fáiltiú i gComhairle Chontae Laoise tráthnóna Dé hAoine. Thiomáin na rannpháir-tithe ar Bhealach Gordon Bennett gur cuireadh comharthaí air i 2006. Tá an ócáid tar éis dul ó neart go neart le méid mór cuairteoirí ag freastal ón R. A., ach go háirithe. Déanann an ócáid comóradh ar an Ócáid Spóirt Is Mó ag an am san agus ritheann sé trí na Contaetha Laois, Ceatharlach agus Cill Dara.

Cruinniú Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett

Is mealladh turasóireachta gan luach é Ócáid agus Bealach Gordon Bennett ina cheart féin agus nascann sé a lán suíomh turasóireachta agus oidhreachta.

Rogha Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí

Bhí Rogha Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí ar siúl don dara uair riamh lasmuigh de Thrá Lí agus bhíodar ar siúl i bPort Laoise i 2008. D'éirigh go hiontach leis agus bhí sé mar deis iontach an chontae a chur os comhair an phobail tíre. Oibríonn eagarthóirí Rós Thrá Lí Idirnáisiúnta i dteannta leis an Oifigeach Turasóireachta agus leis na h-urraí agus le tithe ósta in eagrú na ngníomhaíochtaí go léir le linn na h-ócáide 5 lá. Ghlac na Rósanna páirt i dturais timpeall an chontae chun féachaint ar radhairc thurasóireachta i Laois. Do nasc roinnt tithe tábhairne áitiúla go hoifigiúil leis na rósanna agus chuireadar siamsaíocht ar fáil do chlanna agus do chairde.

Rogha Ceannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí

Bhí fáiltiú ar siúl i Halla an Chontae nuair a chuir An Cathaoirleach, An Comhairleoir John Moran, fáilte roimh na Rósanna agus an fhéile go Contae Laoise. Bhí Paráid Gluaisteán Clasaiceach agus Seanré ar siúl ar an Sathairn a bhí eagraithe le Cumainn Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett & Bhaile na Cille. Beidh Rogha Ceannais Réigiúnacha Éireann Rós Thrá Lí ar ais i bPort Laoise do 2009 agus níl aon dabht go mbeidh sé mar ócáid iontach arís i bhféilire Turasóireachta Laoise.

Glamanna na Samhna

Bhí Féile Glamanna Grinn na Samhna ar siúl i bPort Laoise le linn deireadh seachtaine Saoire Bainc na Samhna. Tá féidearthacht mhór ag an bhféile seo agus bíonn sé ar siúl ins an dtréimhse turasóireachta beag-éilimh rud go bhfuil an-fháilte roimhe ins an contae. Oibríonn rannóg Turasóireachta Chomhairle Chontae Laoise ar thionsc-naimh straitéiseacha chun níos mó cuairteoirí a mhealladh chuig an Chontae. Oibríonn an t-Oifigeach Turasóireachta le gníomhaireachtaí stáit, an

earnáil gnó maidir le tionscnaimh oiriúnacha a phiocadh amach do Chontae Laoise. Tionscnaimh eile a críochnaíodh i 2008 ab ea:

Bróisiúr Comhdhála Laoise

Bhí an tionscnamh seo tosaithe i 2007 ag Comhairle Chontae Laoise i dteannta le Tasc Grúpa na n-Ostán agus críochnaíodh é i 2008. Déanann an Bróisiúr Comhdhála aibhsiú, chomh maith, ar na háiseanna go léir chun óstaíocht a dhéanamh ar comhdhálacha móra i Laoise. Déanann an bróisiúr imlíniú, leis, ar shuíomh geografach breá an chontae agus an rochtain iontach atá chuige trí bhóithre agus trí iarnród. Tá an Tasc Grúpa ag súil le oibriú go comhoibritheach chun Gnó Comhdhála i Laoise a chur chun cinn os comhair Eagraithe Comhdhála agus Laois a chur chun cinn mar an príomh ionad do ócáidí agus do comhdhálacha in Éirinn.

Tionscnamh Cuimsitheach Comharthaí Sliabh Bladhma Laoise/Uíbh Fháilí

Dhein Comhairle Chontae Laoise, i dteannta le Comhairle Chontae Uíbh Fháilí iniúchadh ar chomharthaí turasóireachta i Sléibhte Sliabh Bladhma, le cistíocht á fháil ó Fháilte Éireann faoin gCiste Bonneagair (PNF 2007-2013). Críochnaíodh an tionscnamh seo i 2008 nuair a soláthraíodh comharthaí chun turasóirí a dhíriú ar thrí bhealach tiomána ciorclacha tim-peall Sléibhte Bladhma. Bhí comharthaí curtha in airde ó 10 mbaile las-muigh – Baile an Chaisleáin, Cill Chormaic, Móinteach Mílic, an Bhuiríos, Maighean Rátha, Port Laoise, An Tulach Mór, An Paidhc, Ros Cré agus Biorra. Bhí 9 gcinn de shráidbhailte geata inmheánacha aitheanta, chomh maith, agus bhí boird eolais a aithníonn siúlóidí, lóistíní agus áiseanna curtha in airde i Ros an Fhionn Ghlaise, i gCluain na Slí, i gCionn Eitigh, sa Cláirín, i mBaile Mhic Ádhaimh, i gCam Ros, sa Bhaile Mór agus i mBaile Bhriotáis.

Sléibhte Sliabh Bladhma

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Cathaoir: Mary Sweeney, M.C.C.

Baill
James Daly, M.C.C.
Ray Cribbin, M.C.C.
John Moran, M.C.C.
Geraldine Delaney, M.C.C.
Dick Miller, M.C.C.
Denis O'Meara, T.C.

Rannach
Ger Lynch.
Chris Uys

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly
Innealtóir Sinsir Seirbhísí Uisce: Brendan Clarke
Innealtóir Sinsir An Chomh-shaol: John O'Donoghue

Tuairisc ar an gCoiste Polasaí Straitéiseach

Bhí ceithre cruinniú ag Coiste Polasaí Straitéiseach (C.P.S.) Na Seirbhísí Comhshaoil & Uisce le linn 2008. Bhí Polasaí Tabhair Ar Ais agus Polasaí ar Fhuíoll a Dhó molta ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach agus ina dhiaidh san thug an Chomhairle ina iomlán isteach é. Bhí an Polasaí Bainistíochta Bruscair ceadaithe ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach i Meitheamh agus thug an Chomhairle isteach é ina dhiaidh san. Bhí Fo-Dhlite Dréachta, siad san Truailliú Uisce (Rialú Feidhme Talún de Fhuíoll Tionsclaíoch Orgánach) Fo-Dhlite Athraithe 2008 agus Stórais, Cineál Soláthair, Fo-Dhlite Leithscaradh agus Bailiúchán Fuíoll Teaghlaigh 2008, ceadaithe ag an gCoiste agus ag an gComhairle Iomlán. Bhí Plean Náisiúnta Bainistíochta Fuíoll Guaise, Plean Bainistíochta na n-Abhantrach, Clár Oibre Áitiúil 21, Athrú Aeráide, Polasaí Cur-I-bhFeidhm Fuíoll agus Fo-Dhlite Tanc Seipteach mar Dréacht san áireamh i gcainteanna agus i léiriúcháin eile.

Páirceanna agus spáis oscailte ghlasa

Críochnaíodh siúlóid líneach Abhainn na Trioge, ó Pháirc an Phobail le hais Choill Raincín, ag ceangal Ascaill JFL leis an Leacht ag Radharc an Mhuilinn agus síos go dtí Páirc na Trioge amach chomh fada le talamh an Mhuilinn Ghlais. Tá trealamh aclaíochta nua amuigh ann do dhaoine fásta i ngach páirc ag tabhairt deis do chuairteoirí agus do úsáideoirí na páirce aclaíocht bhog a dhéanamh a fheabhsóidh solúbthacht, réimse gluaiseachta, cothromaíocht agus comhordú. Críochnaíodh scéim Urraíocht na d-Timpeallán ar gach timpeallán i nGráig Uí Chuilinn. D'úsáideadh an chistíocht a fuarthas ó urraithe chun cabhrú le costais leanúnacha cothaithe na dtimpeallán tírdhreachtaithe seo a chlúdach. Leanann ár dtimpealláin ag fáil mholadh i dtuairisc comórtas na mbailte slachtmhara. Fuair Bailte Slachtmhara Phort Laoise cabhair le haghaidh bleibeanna a ullmhú do shéasúr an tsamhraidh.

Trealamh Acalaí ag Páirc Triog

Mar ar tharla ins na blianta atá caite, d'oibrigh an rannóg Comhshaoil le Pleanáil maidir le Seachtain Náisiúnta na gCrann le scoileanna, sráidbhailte agus le grúpaí cónaitheoirí áitiúla ag baint úsáid as crainn a bhí maoinithe ag Comhairle Chontae Laoise agus Comhairle Crann na hÉireann mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann.

Bainistíocht Bruscair

Bhí 734 fíneálacha ar an spota eisithe i 2008 de bharr cionta éagsúla le 488 fíneáil díolta chuige seo. Chuir an Rannóg seo tús le 132 ionchúiseamh le haghaidh neamh-íocaíocht fíneálacha le 15 ciontú agus 14 Rannóg 9 (litir rabhaigh) curtha ar úinéirí talún príobháideacha. Molfaidh an fhoireann rannpháirtíocht an phobail arís i 2009 i dtuairisciú gearáin bruscair, trí ábhair a scaipeadh mar fáinne eochair, luaithreán pearsanta, boscaí bruscair, araid bhruscair ghluaisteáin agus comharthaí, agus ag cur an bheolíne rúnda saor chun cinn.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Fiabheatha i mbaol ó thruailliú bruscair

Tionscnaimh Frith-Bhruscair

Leanfaimid ag comhoibriú leis an Oifigeach Meabhraíochta Comhshaoil ag cur chun cinn, ag moladh agus ag glacadh páirt i dtionscnaimh le linn na bliana chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn leanaí & daoine fásta gafa go gníomhach leis an dtábhacht atá le timpeallacht saor ó bhruscair a chothabháil ina gceantair áitiúla m.sh. Comórtas Slachtmhar na mBunscoil, Dúshlán Bruscair Idir-Phobail, Clár Gníomhaíochta Bruscair an Phobail, gníomhaíochtaí PAL agus Seachtain Glanta Laoise. Ina dteannta san, rachaidh Comhshaoil ar thóir thionscnaimh fhríth-bhruscair i 2009 mar laethanta frith-bhruscair a chur chun cinn agus feachtais mhe-abhraíochta shonracha m.sh. salú ag madraí. Is féidir buaiceas an chomór-tais a bheith tomhaiste níos fearr leis an méadú mór ins na pointí dáilte dos na bailte a ghlacann páirt i gComórtas na mBailte Slachtmhara Náisiúnta. Aithníonn an Rannóg Chomhshaoil a ról gníomhach leis na pobail atá páirteach agus cabhraíonn sí trí thacaíocht agus trí earraí frith-bhruscair a sholáthar m.sh. comharthaí, lucht bailithe bruscair, stubbis, agus araile.

Bruscar ar Thaobh an Bhóthair

Leanfaidh an Rannóg Chomhshaoil ag fostú conraitheora chun bruscar a bhailiú i spotaí dubha sonracha ins an iarracht dul i ngleic leis an fhadhb atá ag dul i méid le bruscar ar thaobh an bhóthair ar bhóithre aitheanta. Ina theannta san, leanfaidh an Rannóg seo ag déanamh méid áirithe seiceála ar an spota le linn 2009 i dteannta le baill Forfheidhmithe Fuíoll agus na Gardaí, mar aon le leanúint ag cur modhanna diana i bhfeidhm ag an líonadh talún chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn custaiméirí atá ag iompar fuíoll chuig an áis inlíonta modhanna cuí chun a gcuid fhuíoll a choimeád slán ar an slí. Tá líonta leantóra ar fáil do chustaiméirí na suíomh inlíonta talún chun a cheannach ag an mbunphraghas ag an suíomh.

Oifigigh Fhorfheidhmithe(Maoir Bruscair)

GECB

Bhí baile Phort Laoise ins 12ú áit as 55 baile i suirbhé Gnó na hÉireann i gCoinne Bruscair (GECB) a bhí fógartha i Nollaig, 2008. Chur an suirbhé, atá bunaithe ar neamhláithreacht/láithreacht bruscair, an baile síos mar "Glan de réir Chaighdeán na hEorpa". Beidh gach iarracht déanta le linn 2009 ár n-áit sa tsraith seo a choimeád.

Tionscnaimh Phobail

Seachtain Ghlantacháin Laoise

Thosaigh Seachtain Glantachán Laoise ar an 7ú Aibreán, 2008 agus d'éirigh chomh maith san leis gur chuaigh an tionscnamh isteach ins an tríú seachtain. Soláthraíodh lucht bailithe bruscair, málaí agus lámhainní do 120 grúpa, scoileanna agus daoine a bhí ag glacadh páirt i nglanadh suas ina gceantar áitiúil féin. Bailíodh 17.5 tonna bruscair ó áiteanna éagsúla timpeall an chontae. Sholáthar Comhairle Chontae Laoise €25,000 chun an tionscnamh maith seo a mhaoiniú.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Glanadh suas cois bhóthair ag daoine áitiúla le linn Seachtain Ghlantacháin Laoise

Foireann Chomhairle Chontae Laoise ag glacadh páirt i Seachtain Ghlantacháin Laoise 2008

Bailte Slachtmhara

Déanann 26 baile agus sráidbhailte suas Cónaidhm Laoise de Bhailte Slachtmhara agus bíonn torthaí ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil ag feabhsú, de shíor. Tá ag éirí go hiontach leis an gcomórtas áitiúil bliantúil, chomh maith, agus bíonn an breithiúnas ar siúl le linn Iúil agus Lúnasa. Bhí oíche spraoi duaiseanna ar siúl i nDeireadh Fómhar chun na h-éachtaí go léir le linn 2008 a cheiliúradh. Soláthraíodh boscaí bruscair do gach coiste ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair, faoi seach, iniamh faoi Scéim Boscaí Bruscair Rothach an t-Samhraidh agus díoladh €31,000 go coistí bailte slachtmhara i rith na bliana.

Duaiseanna Cónaidhm Bhailte Slachtmhara Laoise – Buaiteoirí i Rannóg A

Deontais

Bronnadh Deontais Pobail do 69 grúpa timpeall an Chontae le haghaidh tionscnamh éagsúil ionas go mbeadh tairbhe don dtimpeallacht agus chun conláistí áitiúla a fheabhsú. Bé uasmhéid an deontais a bronnadh faoin scéim seo ná €700. Fuair cúig ghrúpa cúnamh airgid faoi Chiste Páirtíochta Clár Oibre 21 atá mar chomhthionscnamh idir Chomhairle Chontae Laoise agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá i gceist go gcabhróidh sé le meabhraíocht timpeallachta agus le forbairt inmharthana. Dháil an Ciste Tionscnaimh Pobail €1,500 do gach ball tofa de cuid Chomhairle Chontae Laoise chun tionscnaimh thairbheacha a mhaoiniú ina gceantair féin.

Eagraíonn Comhairle Chontae Laoise i dteannta le Cónaidhm Laoise de B. na T. an comórtas 'Ealaíon ó Bhruscar' le haghaidh bhunscoileanna gach bliain. Bhí 20 iontráil faighte agus breithiúnas déanta orthu i 2007 le bronnadh na nduaiseanna i Mí na Nollag.

Searmanais Duaiseanna Ealaíon ó Fhuíoll Scoil Náisiúnta Ros an Fhionn Ghlaise

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Meabhraíocht & Oideachas Timpeallachta

Clár na Scoileanna

D'éirigh go hiontach le comórtas na mBunscoileanna Slachtmhara le 18 scoil ag fáil stádas saor ó bhruscair – méadú 100% ar 2007. Bhí sear-manas duaiseanna ar siúl in Ionad Pharóiste Phort Laoise agus chonaic buaiteoirí na nduaiseanna scannán beoite a ghlaoitear 'The Last Penguin" air a dhein mic léinn an Chroí Ró Naofa, Port Laoise é. Léim méid na Scoileanna a Bronnadh Scoileanna Glasa Dóibh go 35, chomh maith, i 2008. Comhghairdeas do gach aoinne a bhí páirteach ann. Bhí cúrsa traenála bunscoile de fhaid seachtaine ar siúl ag Oifigeach Meabhraíochta Timpeallachta agus Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise le linn 2008. Thaispeáin an cúrsa, a fuair ceadú ón Roinn Oideachais agus ó Ionad Oideachais Laoise conas is féidir le múinteoirí gnéithe timpeallachta a chur san áireamh ina gcuraclam ó lá go lá.

Seachtain Mheabhraíochta Mhuiríne

Tugadh an tionscnamh nua seo isteach i 2008 i dtreo is go bhféadfadh daoine níos mó a fhoghlaim faoi mhuirín a dhéanamh, agus conas gur féidir le múirín cabhrú le timpeallacht níos fearr agus an tslí gur féidir leis laghdú a chur ar mhéid an airgid atá caite ar tháillí fuíll. Thug an t-Oifigeach Meabhraíochta Timpeallachta agus Gairneoir an Chontae cuairt ar 5 áit difriúil i gContae Laoise chun múiríní a chur chun cinn. Tá i gceist é a dhéanamh mar ócáid bhliantúil as seo amach.

Duaiseanna Timpeallachta

Thug Comhairle Chontae Laoise aitheantas dó agus bhronn sí duaiseanna ar ghrúpaí pobail éagsúla mórthimpeall an Chontae le linn Bhronnadh na nDuaiseanna 2008 as ucht páirt a ghlacadh i gCónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara, an Dúshlán Bruscair Idir-Phobail agus i dTionscnamh Gníomhaíochta Pobail nua, gur ghlac Baile Laigheanáin agus Cluain na Slí páirt ann. Tá i gceist é seo a dhéanamh mar ócáid bhliantúil toisc gur éirigh chomh maith san leis an Tionscnaimh Gníomhaíochta Pobail.

Ag Tabhairt aghaidh ar an Dúshlán Inbhuanaitheachta

Bhí comhairliú poiblí ar siúl i 2008 bunaithe ar 'Fhís Choitianta Inbhuanaithe Amháin le haghaidh Contae Laoise' chun cur leis an obair gur thug an Chomhairle faoi i 2007 ag cur cruth glas ar a gcuid imeachtaí inmheánacha. Dáileadh an páipéar chomhairliúchán seo do thart ar 500 páirtí difriúla (le Baill Tofa, Bord Forbartha Chontae Laoise, Feidhmeannach Fora an Phobail, Scoileanna, Grúpaí Pobail, Gnóthaí áitiúla i dteannta le Gníomhaireachtaí Náisiúnta) agus cuireadh fáilte roimh ráitis agus aigh-neachtaí bunaithe ar spriocanna ar conas contae níos inbhuanaithe a bhaint amach. Bhí cruinniú comhairliúcháin poiblí ar siúl i Mí na Samhna, chomh maith, chun breis smaointí a fháil. Meastar go mbeidh Plean 'Fís Inbhuanaithe Choitianta Amháin le haghaidh Chontae Laoise' foilsithe i 2009.

Cuir Cuma Glas ar do Sheimineár Gnó

D'fhoilsigh Oifigigh Mheabhraíochta Chomhshaoil i Réigiún Bainistíochta Fuíll Lár na Tíre leabhrán a ghlaoitear 'Treoir do Ghnó chun Bainistíocht Stuama ar Fhuíoll a Dhéanamh'. Ag an am gcéanna leis seo dháil Oifigeach Meabhraíochta Timpeallachta Comhairle Chontae Laoise an leabhrán seo agus chuir sé é chun cinn le cabhair gnóthaí áitiúla. Déanadh óstáil ar sheimineár gnó, chomh maith, ar bhainistíocht fhuíoll inbhuanaithe agus ar fhuinneamh le haghaidh ghnó agus ag deireadh an tseimineáir bhí clin-ic 1-le-1 ar siúl chun breis eolais a fháil ó Ghníomhaireacht Fhuinnimh Lár na Tíre, ó Bhord Fiontair an Chontae agus ó Oifigeach Feidhmiú Chomhshaoil Chomhairle Chontae Laoise.

Bailiúcháin Athchúrsála Shoghluaiste

Bhí 3 bhailiúchán athchúrsála soghluaiste seolta i Móinteach Mílic, i Ráth Domhnaigh agus i Maighean Rátha i dteannta le WEEE Éireann. Bhí thart ar 18 tonna de earraí leictreonacha agus leictreacha bailithe le linn na 3 bailiúchán – seo mar an gcéanna le thart ar 920 Teilifís a athchúrsáil. Míle buíochas do gach aoinne a ghlac páirt agus gur dhein na bailiúcháin seo ina mhór-éacht.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Caomhnú Timpeallachta

Tá foireann Caomhnaithe na Timpeallachta freagrach as caighdeán an aeir agus an uisce a fheabhsú i Laois i dteannta le bheith ag déileáil le gearáin timpeallachta ón bpobal.

Caighdeán Uisce

Bhí Dréacht-Phleananna Bainistíochta Réigiúin na n-Abhantrach foilsithe ar an 22ú Nollaig, 2008, agus táid á dtaispeáint do bhaill an phobail faoi láthair chun a smaointí a fháil faoin ábhar. Tá Laois clúdaithe ag Réigiún Abhantrach an Oir Dheiscirt agus ag Abhantrach na Sionainne. Beidh na pleananna seo mar bhonn na hoibre go bhfuil gá le bheith déanta chun cloí le cuspóirí Treorach Chreatlach an Uisce chun caighdeán an uisce a fheabhsú sa chás go bhfuil sé riachtanach le haghaidh stádas "maith" agus chun caighdeán an uisce a chosaint a mheastar atá "go maith".

Lean an Fhoireann Caomhnaithe Timpeallachta le monatóireacht a dhéanamh ar uiscí dromchla agus talún Laoise faoi cláir mhonatóireachta Treorach an Chreatlach Uisce, Rialacháin Fosfaracha agus Substaintí Dainséaracha. Bhí samplaí tógtha ó aibhneacha chun teacht ar stádas bitheolaíochta na n-uiscí faoi Chlár Mhonatóireachta Scóir Riosca Abhainn Bheag. Tugadh aghaidh ar chlár de shuirbhéanna feirme i gceithre fo-dhobhair abhainn i 2008. Tógadh samplaí de uisce dromchla ós na fo-dhobhair cheantar seo, chomh maith chun a fháil amach cad raibh an truailliú ag tarlú.



Fuarthas agus déanadh fiosrú ar 113 gearán ina iomlán maidir le truailliú uisce i 2008. Mar thoradh ar na gearáin seo, d'eisíodh 32 Fógra faoi Rannóg 12 de Achtanna an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go 1990. Bhí páirtí amháin ionchúisithe go buacach trí an Cuairt Dúiche i 2008 de bharr nár cloígh sé le Fógra Rannóg 12 a eisíodh i 2007.

Tá suirbhéanna feirme ag leanúint i Laoise. Bhí abhantrach Chúirt Eircín agus an Sráidbhaile críochnaithe i 2008 agus tá suirbhéanna go maith chun cinn in abhantracha Ghabhail agus Gleann Leathan. Bhí 232 cigireachtaí feirme déanta i 2008.

Gníomhaíocht	Uimh.
Clár Monatóireachta Treorach an Chreatlach Uisce (Déanta ag GCC)	184
Clár Monatóireachta Rialacháin Fosfair	588
Clár Monatóireachta na Substaintí Dainséaracha	32
Scóir Riosca na Sruthán Beag	73
Monatóireacht Abhantrach na Suirbhéanna Feirme	274
Samplaí tógtha de bharr Gearán	126
Samplaí de dhoirteadh ceadúnaithe	43
Iomlán	1320

Tábla: Méid na samplaí tástáilte i 2008.

Tá gá le ceadúnas faoi Rannóg 4 de Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 sa chás go bhfuil eisilteach trádála nó séarachais scaoilte amach go uiscí dromchla nó go uisce talún. Tá ocht gceadúnas sa chontae faoi láthair, agus tá ceithre cinn díobh gníomhach. Bhí ár gceadúnas nua chun scaoileadh amach go uiscí dromchla eisithe as an nua i 2008. Déanadh monatóireacht ar gach ceadúnas gníomhach i 2008.

D'aimsíodh an cúrsa uisce truailliithe seo de bharr ghearáin

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Caighdeán an Aeir

Bhí ceadúnas amháin eisithe i 2008 faoi Rannóg 30 de Acht Truailliú Aer 1987 le haghaidh scaoileadh go aer ó áis asfailt. Tá dhá shaghas ceadúnas dá leithéid gníomhach sa chontae.

Fuarthas agus déanadh fiosrú faoi 50 gearán i 2008 a bhaineann le caighdeán aeir. Bhí nádúr na ngearán éagsúil ó dó bruscair, deannach ó thógáil agus gníomhaíochtaí cairéil agus bholtaí. Tógadh agus déanadh anailís ar 36 sampla deannaigh i 2008.



Tá rialacháin ann faoi na h-Astúcháin le haghaidh Chomhdhúil Orgánach Luaineach ó Rialacháin Tuaslagóir Orgánach 2002 ar bhunaíochtaí Tirimghlanadh clárú le Comhairle Chontae Laoise agus teastas géilliúlachta leis na rialacháin seo a lorg. Tá riachtanas cosúil leis ann le haghaidh Críochnaitheoir Feithicle faoi Theorannú ar Chomhdhúil Orgánacha de bharr úsáid Tuaslagóir Orgánach i bpéinteanna, i vearnaisí agus in athchríochnú feithicle de réir Rialacháin na dTáirgí 2007. Bhí teastas amháin eisithe go tirimghlanadh amháin agus bhí naoi gcinn de theastais eisithe do chríochnaitheoirí feithicle i 2008.

Truailliú Fuaime

Fuarthas tríocha cúig gearán maidir le fuaim i 2008. Bhí sé cinn déag des na gearáin seo mar cinn teaghlaigh agus ins na cásanna seo mholfadh an Chomhairle do dhaoine na fadhbanna mar madraí ag tafann, ceol ard a phlé ar dtúis agus teacht ar réiteach aontaithe. Bhí éagsúlacht ag baint leis an naoi ngearán déag eile mar uaireanta cloig feidhmiúcháin, tógáil, trádáil agus talmhaíocht.



Bainistíocht Fuílla

Áiseanna Athchúrsála

Bhí 42 banc tógála athchúrsála ar fáil mórthimpeall an chontae roimh deireadh 2008. Bhí 7 mbanc tógála uasghrádaithe ó 240 lítear go 1100 lítear ag na háiteanna seo a leanas: - Baile Colla, Sean Chuadh, An Baile Fionn, Cill Ala, Ard Lios, Béilic Mhaoilíre agus an Baile Nua.

Thosaigh obair ar thógáil Áis Conláiste Pobail Chúil an tSúdaire i nDeireadh Fómhair, 2008, lena bheith críochnaithe roimh lár-Feabhra, 2009.Beidh an áis seo á rith ag an earnáil phríobháideach agus beidh sé ar oscailt Dé Luain, Dé Céadaoin, De hAoine & Dé Sathairn gach seachtain. Táthar ag súil go mbeidh an áis seo ag feidhmiú roimh Aibreán 2009.
.
Tugadh Polasaí Banc Tógála nua isteach le linn 2008 ag éileamh ar fhorbairtí trádála/cónaithe nua áiseanna banc tógála a sholáthar mar chuid de phróiseas an dearadh/na pleanála. Sé an sprioc dlús le haghaidh bhanc tógála ná sraith amháin per daonra de 1,250.

Feidhmiú Fuílla

Cead tugtha ag Comhairle Chontae Laoise le haghaidh leasú iomlán ar shuíomh líonta talún mídhleathach Bhaile Mhuiris. Tá an obair le tosú in Aibreán/Bealtaine, 2009. Tá gach cás feidhmithe mór eile ag dul ar aghaidh i gcónaí. Bhí monatóireacht géar déanta ar rialacháin don táirgeoir freagrach m.sh. WEEE agus Rialacháin Cadhnraí i dteannta le Rialacháin Fuílla Rothaí le linn 2008. Bhí Ceadúnais Áis Fuílla próiseáilte nuair ba chuí. Bhí 5 Áis Cóireála Fuílla Údaraithe do Dheireadh-Saol Feithicle ag feidhmiú roimh dheireadh 2008.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Suíomh Ais Sibhialta Nua ag Cúil an tSúdaire

Líonadh Talún

Bhí ceall 14 á líonadh le linn 2008. Bhí timpeall 55,000 tonna de chumas fágtha i gceall 14 ag deireadh 2008. Thosaigh obair dhúnta síos ar an mion-cheall iarthair i Nollaig, 2008, agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe roimh lár-Feabhra, 2009.

Bhí Córas Teiliméadrach Scada curtha isteach agus coimisiúnaithe i 2008 a éascaíonn cian-mhonatóireacht ar leibhéil láisteáite, ar úscadh gáis, feidhmiú bladhma agus ceamaraí slándála. Bhí ceadú imlíne tugtha ag an GCC i 2008 le haghaidh ceall nua 15 a bheidh suite soir ós na ceallaí línithe 13 agus 14. Tá dearadh na cille seo ar siúl go leanúnach ó Meitheamh, 2008. Beidh ceall 14 lán roimh Márta, 2010 agus caithfidh ceall 15 a bheith tógtha agus críochnaithe roimh an am seo chun fuíoll a ghlacadh go leanúnach.

Bhí tanc stórais láisteáite nua curtha isteach agus coimisiúnaithe i 2008 le haghaidh na ceallaí neamh-línithe 1 go 5. Bhí an bladhma gás athraithe i 2008 ó réigiún an mhurlaigh neamh-línithe go ceantar ceall 12 ag an taobh ó thuaidh den suíomh.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Táscairí Feidhmíochta – Seirbhísí Timpeallachta

Suíomh ag 31/12/2008

E.3 Méid na dteaghlach gur soláthraíodh iad le bailiúchán fuíll leithscartha le haghaidh:

(i)	Ábhar in-athchúrsáilte tirim	77.15% *
(ii)	Orgánacha	0 *

E.4 Fuíoll teaghlaigh bailithe ó thaobh an cholbha agus fuíoll teaghlaigh bailithe ó áiseanna athchúrsála, atá curtha le haghaidh athchúrsála:

(i)	Fán gcéad fuíoll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála	28.83%
(ii)	Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála.	4,555
(iii)	Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó fhuíoll bailithe ó áiseanna athchúrsála (i.e. bainc tógála, suímh conláiste Sibhialta, stáisiúin aistrithe agus áiseanna athchúrsála eile).	3,328

E.5 Fuíoll teaghlaigh bailithe atá curtha chuig an líonadh talún

Tonnáiste	11,242
Fán gcéad an fhuíll teaghlaigh bailithe	71.7%

* Bunaithe ar theaghlaigh a bhaineann úsáid as bailiúchán ar thaobh an cholbha sa chontae

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

E.6 - Áiseanna Athchúrsála

Suíomh ag 31/12/08

Catagóir	Colún A Méid na Suíomh Tógála	Colún B Méid na Suíomh Conláiste Sibhialta	Colún C Méid Iomlán na nÁiseanna	Colún D Méid na suíomh per 5,000 den daonra
Gloine	42	1	43	3.21
Cannaí	42	1	43	3.21
Teicstílí	5	1	6	0.45
Cadhnraí	0	1	1	0.07
Ola	0	1	1	0.07
Cairtchlár	0	1	1	0.07
Iris Leabhair	0	1	1	0.07
Gloine Pláta	0	1	1	0.07
Miotal	0	1	1	0.07
Plaisteach	0	1	1	0.07
WEEE	0	1	1	0.07
Páipéar Nuachta	0	1	1	0.07
Adhmad	0	1	1	0.07
Lampaí Fluaraiseacha	0	1	1	0.07
Bruscar Fál	0	1	1	0.07
Boinn	0	1	1	0.07

E.7 - Bac ar Bhruscar & Caomhnú Timpeallachta - Suíomh ag 31/12/08

Méid iomlán na Maor-Bhruscair lán-aimseartha	3
Méid iomlán na Maor-Bhruscair páirt-aimseartha	2
Méid na Maor-Bhruscair (páirt aimseartha agus lán aimseartha) per daonra 5,000	0.37
Méid na bhFíneálacha ar an Spota eisithe	735
Méid na bhFíneálacha ar an Spota Díolta	488
Méid na bhFógraí eisithe (Faoi Rannóga 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht Truailliú Bruscair 1997)	14
Méid na n-ionchúiseamh tógtha (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	132
Méid na n-ionchúiseamh tógtha de bharr neamh-íocaíocht de Fhíneálacha ar an Spota	132
Méid iomlán na n-ionchúiseamh slánaithe (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	15
Méid na n-ionchúiseamh slánaithe (a bhain le neamh-íocaíocht de fhíneálacha-ar-an-spota)	15

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

% na gceantar laistigh den Údarás Áitiúil atá:

Neamhthruaillithe (i.e. Saor ó Bhruscar)	8.33%
Truaillithe Abhar le bruscar	65%
Truaillithe go holc le bruscar	23.33%
Truaillithe go h-an olc le bruscar	3.3%
Truaillithe go dona le bruscar	0%

E. 8 - Gearáin agus feidhmiú Gearáin Timpeallachta

Suíomh ag 31/12/08

Méid iomlán na gcásanna faoi phróiseas gearáin a bhaineann le truailliú timpeallachta (maidir le fuíoll, bruscar, uisce, truailliú uisce, truailliú fuaime, truailliú aeir)	903
Méid na ngearán fiosraithe	903
Méid na ngearán socraithe sa chás nach raibh aon ghníomhaíocht bhreise riachtanach (25 pending)	753
Méid na gcás feidhmithe tógtha	125

E. 9 Fán gcéad na Scoileanna ag glacadh páirt i bhfeachtais Chomhshaoil

Suíomh ag 31/12/08

Bunscoileanna	67.14%
Meánscoileanna	81.82%

COSAINT SÍBHIALTA LAOISE

Is eagraíocht deonaithe é Chosaint Sibhialta Laoise go bhfuil a bhaill bródúil friotháil air mar sheirbhís taca d'ard chaighdeán.

Fórsa Cosanta Síbhialta Laoise ar dualgas

Tá na baill deonacha ioldána agus is príomh-ghníomhartha an eagrais ná:

Garchabhair
Soláthar seirbhís gharchabhrach agus othar carr.

Seirbhísí Tarrthála
Athshlánú uirbeach, cuardach tuath oscailte le haghaidh daoine atá i n-easnamh go bhfuil an t-aon ghadhar sábhála agus tarrthála K9 H.R.D. laistigh des na húdaráis áitiúla acu. Cuardach agus tarrtháil bunaithe san uisce.

Múchadh tine
Cleachtais chaidéalaithe agus dréimire, ag caidéalú uisce tuile agus uisce a sholáthar don bpobal.

Seirbhís Mhaor agus Monatóireacht Raid-ghníomhaíochta
Aimsiú raid-ghníomhaíocht agus monatóireacht.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Scileanna Leasa
Béilí teo, deochanna agus tacaíocht síc-sóisialta.

Cumarsáid Raidió
Oibriú dhá stáisiún raidió neamhspleácha MSA., MAA. agus Raidió Banda Muirí. Tá na córais seo á rith ónár Aonad Tacaíochta Oibríochta Speisialta.

Freagra Éigeandála:

Ag freagairt do Éigeandála Móra.

Chabhraíomar ag ócáidí le linn 2008 mar Pharáid Lá 'Le Pádraig, An Picnic Aibhléise, An Fleadh Domhanda, feachtais Cuardaigh agus Sábhála agus aon fheidhm shibhialta a bhí á rith ag Údaráis Áitiúla Laoise.

Tá ionaid traenála suite i Sráid Bhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Má tá suim agat sa mhéid sin thuas agus go bhfuil tú idir aois 16-65, déan teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil ag (057) 8864000 nó ríomh-phost ag lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt chuig ár suíomh idirlín ag www.laoiscivildefence.org.

SEIRBHÍSÍ TINE LAOISE

Seirbhís Tine

Do fhreagair an tseirbhís fheidhmeach 837 eachtra i 2008. Astu seo, bhí 486 mar thinte agus bhí na cinn eile mar ghlaonna seirbhíse speisialta; 141 tionóisc trácht bhóthair, 48 eachtra tuile, 20 sileadh ola ar bhóithre agus meascán de eachtraí eile.

Cleachtadh Imbhualadh Trácht Bhóthair

Clár na Scoileanna

Bhí Clár Náisiúnta na Scoileanna ar shábháilteacht tine seachadta i 65 scoil ag cloí leis an gClár Sábháilteachta Tine don bPobal. Díríodh ar an dtríú rang i ngach scoil agus ghlac 1857 dalta páirt ann.

Bainistíocht Éigeandála Móire

Tháinig cur i bhfeidhm an Doiciméad Creatlach Náisiúnta ar Bhainistíocht Éigeandála Móire a bhí eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun críche.

Tháinig an Plean do Éigeandála Móra le haghaidh Chomhairle Chontae Laoise bunaithe ar an Doiciméad Creatlach feidhmeach i bhfeidhm ar an 30ú Samhain, 2008. Bhí Cleachtadh idir-ghníomhaireachta do Éigeandála Móra, go raibh an FSS, An Garda Síochána, agus an t-Údarás Áitiúil á rith ar an 1ú Deireadh Fómhair, 2008.

Teastas Sábháilteachta Tine agus Iarratais Phleanála

Bhí Teastais Sábháilteachta Tine próiseáilte le haghaidh 141 forbairtí trádála i 2008 agus tugadh comhairle don Údarás Pleanála maidir le 248 iarratas Pleanála.

Traenáil

I dteannta le traenáil bunúsach le haghaidh iontrálaithe nua don tseirbhís, thug foireann an Bhriogáid Tine faoi thraenáil sainiúil ins na haicmí seo a leanas – cúrsa Teagascóra Tionóisc Trácht Bhóthar, úsáid troisc shlabhra, cothabháil dréimire, úsáid caidéil agus an Chéad Fhreagróir.

Traenáil don Seirbhís Tine

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Soláthar Trealaimh Tábhachtach

Leanadh leis an gclár trealaimh tine a thabhairt suas chun dáta le ceannach trealamh athshlánaithe tionóisc, trealamh cumarsáide agus cúnaimh thraenála.

Stáisiúin Nua Thine

Críochnaíodh Stáisiún Tine nua dhá bhá i gCúil an tSúdaire.

D'oscail Mr. Tony Kileen T.D., Aire Stáit Timpeallachta & Fuinnimh an Stáisiún Tine nua i Mainistir Laoise ar an 22ú Aibreán, 2008.

Ag casadh an fhóid ag Stáisiún Tine Chúil an tSúdaire

Stáisiún Tine Mhainistir Laoise

Clár Caipitil na Seirbhísí Tine

Ceapadh foireann deartha le haghaidh dearadh agus tógáil Stáisiún Tine nua i Ráth Domhnaigh.

D'ordaíodh dhá Fhearas tine Rang B agus déanadh athnuachan ar an ardán hiodrálach reatha.

Ardán Hiodrálach

Táscairí Feidhmíochta	2007	2008
F. 1 - Méid ama ar an meán a thóg sé i nóiméid na Briogáid Tine a shlógadh		
- Tinte	5.1	5.15
- Eachtraí Eile	-	5.35
F.2 - % na bhfreagraí ó am an ghlaoigh go teacht i láthair		
Tinte níos lú ná 10 nóiméid	31.87%	45.19%
Eachtraí eile níos lú ná 10 nóiméid	-	35.62%
Tinte idir 10 agus 20 nóiméid	52.14%	43.52%
Eachtraí eile idir 10 agus 20 nóiméid	-	48.93%
Tinte sa bhreis ar 20 nóiméid	15.99%	11.30%
Eachtraí eile níos mó ná 20 nóiméid	-	15.45%
F. 3 – Teastais Sábháilteachta Tine		
Méid na dTeastas Sábháilteachta Tine a fuarthas	135	114
Méid próiseáilte (leis na cásanna a meastar go rabhadar neamhbhailí san áireamh)	150	114
Méid na n-iarratas a meastar go rabhadar neamhbhailí	-	6

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

SEIRBHISI UISCE

Tá feidhmeanna na Seirbhísí Uisce roinnte i gceithre chuid;

- Oibríocht Leanúnach agus Cothabháil Scéimeanna Uisce agus Fuíoll Uisce
- Clár Uisce Tuaithe
- Clár Infheistíochta Caipitil
- Soláthar agus cothabháil Reiligí

Soláthraíonn Seirbhísí Uisce tacaíocht, chomh maith, don Roinn Pleanála agus téann siad i gcomhairle leis an bpobal faoi ghnéithe pleanála bainteach le seirbhísí uisce agus fuíoll uisce.

Oibríocht agus Cothabháil Leanúnach

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as soláthar agus cothabháil soláthar uisce dóthanach agus cóireáil fhuíoll uisce agus áiseanna cur de láimh a chloíonn le Treorach Uisce Óil an AE agus le Treorach Cóireála Fuíoll Uisce Uirbeach an AE.

Soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise timpeall 24,149 méadar ciúbach uisce faoi láthair sa ló. Tá timpeall 50% den uisce seo soláthraithe don earnáil teaghlaigh, 21% don earnáil trádála agus meastar go bhfuil an chuid eile mar Uisce gan Tuairisc air (UGT). Laghdaigh an mhais d'uisce gan tuairisc an bhliain seo caite, de bharr roinnt sileadh móra a fuair an Fhoireann Brathadóireachta agus deisithe leanúnacha ag an fhoireann ceantair.

Uisce Fuíll

Thosaigh tógáil ar uasghrádú 5000PE ar Áis Cóireála Fuíll Uisce Chúil an tSúdaire. Soláthróidh an cumas breise cóireála le haghaidh an ualaigh breise atáthar ag súil leis ó iarratais phleanála déanacha.

Ceadúnas Scaoileadh Fhuíll Uisce

Éilíonn na Rialacháin (Údarú) Scaoileadh Fhuíll Uisce, 2007 (Uimh. S.I. 684 as 2007) go ndéanfaidh an Áisíneacht Chaomhnaithe Comhshaoil údarú ar gach scaoileadh fhuíoll uisce de chuid an údaráis áitiúil. Sé an chúis atá leis seo ná truailliú uisce a sheachaint agus tagann sé ar aghaidh ó riachtanais a lorgaíonn an Treorach Chreatlach Uisce.

Do fhostaigh Comhairle Chontae Laoise beirt oibrí theicniúil le haghaidh na gceadúnas a ullmhú seachas comhairleoirí a fhostú. Tá iarratais déanta, chuige seo, le haghaidh:

- Port Laoise
- Mainistir Laoise
- Móinteach Mílic
- Cúil an tSúdaire
- Maighean Rátha

Tá sé iarratas breise ag dul ar aghaidh agus níl aon cheadúnas ceadaithe fós. Sé méid iomlán an chostais le haghaidh an chláir cheadúnais do 2008 ná €290,000.

Áis Cóireála Fuíoll Uisce Phort Laoise

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Clár Uisce Tuaithe

Thíos tá achoimre ar roinnt des na tionscnaimh is mó gur tugadh aghaidh orthu an bhliain seo caite faoi Chlár na Scéimeanna Beaga.

- Críochnaíodh Conarthaí Meicniúla & Aibhléise do scéim Soláthraithe Uisce Mhaighean Rátha agus seoladh an chéad uisce go dtí an tais cumar nua. Soláthróidh an scéim maiseanna uisce níos mó ag brú níos mó go Maighean Rátha agus go Baile an Chaisleáin i dteann-ta le Scéim Uisce Grúpa nua a éascú ag Baile Uí Chléirigh.

- Chuaigh an oibrí príobháideach, EPS, i gceannas ar sholáthar uisce Swan in Iúil, 2008. Tógadh áis cóireála agus taiscumar nua agus soláthraíonn sé uisce óil ard chaighdeánach go Swan, Log a' Chuirrín, an Maide Beag agus an Baile Nua.

- Críochnaíodh toll-pholl nua agus áis cóireála uisce nua i Nollaig 2008 ag Aitinneach. Beidh an soláthar uisce nua a fheidhmiú ag Comhairle Chontae Laoise agus tógfaidh sé áit soláthar Scéim Uisce Grúpa go bhfuil laige ins an caighdeán ann.

- Bhí dhá tholl-pholl taiscéalta druileáilte i mBaile Ruadháin agus d'aimsíodh soláthar uisce ard chaighdeánach go mbeidh breis for-bartha déanta leis i 2009. Beidh an t-eolas a bailítear ós na toll-phoill úsáidte chun uasghrádú mór a dhearadh do sholáthar reatha an bhaile.

- Thosaigh tógáil i Mainistir Laoise ar thaiscumar nua agus uasghrá daíonn sé córais soláthair. Tabharfaidh na huasghrádaithe slándáil níos mó don t-soláthar, go háirithe i míonna an t-samhraidh, i dteannta le brú níos mó ar an ngréasán uisce reatha.

Táid seo a leanas san áireamh i gClár Uisce Tuaithe na Comhairle:

- Scéimeanna Uisce Grúpa
- Scéimeanna Uisce agus Séarachais Beaga
- Deontais le haghaidh Fearais Uisce Tobar Aonaracha

Scéimeanna Uisce Grúpa

Soláthraíonn scéim uisce grúpa soláthar uisce príobháideach do 2 theach nó níos mó trí fhoinse soláthair comónta nó roinnte agus córas dáilte.

Cabhraíonn an Chomhairle le grúpaí trí oibriú i bpáirtíocht leo agus trí:

- Comhairle agus treoir a thabhairt ar fhoirmiú agus ar fheidhmiú na scéimeanna grúpa
- Chomhairle theicniúil a sholáthar ar fhadhbanna foinse agus soláthair, ar ghréasáin dáilte, ar chaighdeán agus ar chóireáil uisce, dearadh scéime, &rl.
- Ag tabhairt cumas do ghrúpaí soláthar uisce a thógáil ó phríomh-líonra uisce poiblí sa chás go bhfuil sé seo indéanta
- Comhairle agus cúnamh a thabhairt ar sholáthar tairiscintí agus luachála
- Scéimeanna grúpa cúnamh deontais suas go 85% den gcostas ceadaithe, le teorainn €6,475 per teaghlach
- Maoirseacht ar chaighdeáin tógála
- Fóirdheontas bliantúil a sholáthar le haghaidh chostais feidhmithe agus cothabhála a bhí caite ag an grúpa sa scéim.

Scéimeanna Uisce & Séarachais Beaga

Thug an Rannóg Seirbhísí Uisce aghaidh air nó dhearnadar bainistíocht ar na tionscnaimh seo a leanas i 2008:

Méadú ar Sholáthar Uisce Mhaighean Rátha/Bhaile an Chaisleáin
Uasghrádú Gréasáin SGU Céim 2 Bhaile Chalaidh
Uasghrádú Gréasáin SGU Céim 3 Bhaile an Chalaidh
Méadrú Domhanda SGU Bhaile Cholla
SGU Bhaile Phiocáis Í – Teach ar Shuíomh Cóireála
SGU Chill Eine – Ceangal le SGU Bhaile an Chalaidh
Uasghrádú SGU Chill Eine
SGU Bhaile Phiocáis - príomhlíonra briste a athrú
Scéim Uisce Grúpa Bhaile Uí Chléirigh
Scéim Soláthair Uisce Grúpa Mhaigh Eanaigh (Ceangal le Baile an Ridire)

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Scéim Uisce Grúpa Mhaigh Fhada Uimh 3
Uasghrádú SGU Fraochmhá – Céim 4
Uasghrádú SGu Eiréil – Caighdeán
Uasghrádú SGU Eiréil - An Phríomhlíonra lochtach a Aistriú
SGU Chúl Coill – Uasghrádú
SGU Cluain Aine – Céim 2
SGU Áitinneach– Uasghrádú Táthcheangail
GWS Raoire Beag – Uasghrádú Táthcheangail
Méadú ar Sholáthar Uisce Dharú/Bhaile na Cille
Taiscumar Nua Cnocán na Croiche
Méadú ar Sholáthar Uisce Bhaile Ruadháin
Soláthar Uisce Mhainistir Laoise – Taiscumar Nua
Uasghrádú phríomha Uisce Bhaile an Chaisleáin
Uasghrádú sealadach FUS Cúil an tSúdaire
Cosaint Foinse Mhainistir Laoise
Tionscnamh Léitheoireachta Méadar
Monatóirí Clóirín & Muirtiúlachta
Athnuachan Tanc Chnocán na Croiche

Caighdeán Uisce

Tá feidhmeanna reachtúla ag Comhairle Chontae Laoise maidir le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar uisce óil sa chontae mar atá siad leagtha amach i Rialacháin an AE (Uisce Óil) 2000.

Níl tuairisc an GCC ar chaighdeán an uisce óil soláthraithe le haghaidh 2007 foilsithe fós. Bhí géilliúlacht iomlán, áfach, ag Laois le caighdeáin an uisce óil ins an soláthar uisce poiblí i gcomhréir leis an meán náisiúnta. Go ginearálta bhí géilliúlacht an–mhaith i leith táscaire na gcaighdeán den gcuid is mó.

	Micrea	Ceimiceach	Comhartha
Iomlán	96.7%	99.0%	95.9%
Poiblí	99.3%	98.9%	97.9%
SGU Poiblí/ Príobháideach	100%	100%	99.6%
SGU Príobháideach	96.2%	98.5%	95.6%

Caomhnú Uisce

Críochnaíodh an clár le haghaidh méadair uisce a chur isteach i 2008 i gcomhréir leis an doiciméad Creatlach Polasaí Praghsála. D'aithin agus dheisigh an fhoireann brathadóireachta sileadh, i bpáirtíocht leis an fhoireann ceantair sileadh le mais iomlán measta ag 1,200,000 lítear/sa ló. Laghdaíodh leibhéil tairgeadh uisce i dtreo deireadh 2008 mar thoradh ar ráta silte laghdaithe.

Doirteadh don Séarachas

Tá gá le ceadúnas, faoi Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 agus a rialacháin, le haghaidh aon chomhlacht a scaoileann eisilteach trádála (le uiscí fuaraithe san áireamh) go dtí an séarachas. Bhí ceadúnas amháin eisithe i 2008. Do forbraíodh cur chuige nua le haghaidh iarratais ceadúnais chun an próiseas a dhéanamh níos éadroma ar ghnóthaí beaga. Táthar ag súil go mbeidh iontógáil agus géilliúlacht níos mó ann i 2009.

Clár Infheistithe Caipitil

Oifig Tionscnaimh Caipitil

Mhéadaigh an fhoireann Oifige Tionscnaimh go dtí trí innealtóir, teicneoir amháin agus ball riaracháin foirne amháin tar éis cead ón Rialtas agus bunú Oifig Tionscnaimh Caipitil na Seirbhísí Uisce. Tá Oifig na dTionscnamh Caipitil freagrach as Scéimeanna Uisce agus Fuíll Uisce a sheachadadh a cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi Clár Infheistithe na Seirbhísí Uisce 2007-2009.

Scéim Feabhsaithe Scéim Soláthair Uisce Chúil an tSúdaire

Críochnaíodh conradh céim ar aghaidh chun méid mór uisce a sholáthar go Cúil an tSúdaire ó fhoinsí tobair nua ag Bóthar Chathail Brugha La Bergerie agus an Dubh Loch. Críochnaíodh dearadh sonrach na príomh scéime i 2008 tar éis trialacha chun teacht ar chaighdeán agus ar mhéid an t-sileadh uisce ós na trí thobar molta. Tá ullmhúchán na ndoiciméad conartha le bheith críochnaithe ag deireadh Feabhra, 2009, le haghaidh a gceadú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Soláthar Uisce Cúil an tSúdaire & an Mhóinteach Mílic

Cuireadh dearadh sonrach na scéime seo chun cinn i 2008. Críochnaíodh conradh céim ar aghaidh go raibh tógáil príomhlíonra uisce 7km agus druileáil tobair táirge chun méid mór uisce a sholáthar go Móinteach Mílic ó fhoinse tobair nua ag Eidheann. Thosaigh an conradh druileála táirgeadh ar na 9 gcinn de thobair a bhí fágtha i Samhain, 2008. Tá tástáil caidéalaithe le tosú i Feabhra 2009. Beidh conradh iniúchta suímh á fhógairt i Feabhra, 2009 agus beidh Doiciméid Chonartha eisithe go Comhairle Chontae Laoise le haghaidh a gceadaithe ins an 3ú Ráithe de 2009.

Scéim Fheabhsaithe Phort Laoise & Móinteach Mílic
Tá an suíomh ullmhaithe le haghaidh leagan an phríomhlíonra ardaithe agus tá an t-oibreoir ag úsáid an rige druileála chun ardú aeir a dhéanamh ar an dtobar.

Scéim Feabhsaithe Séarachais Phort Laoise

Críochnaigh Ó Murchú Idirnáisiúnta Teo. Conradh tógála na n-Oibreacha Feabhsaithe Séarachais (Gréasán) le linn 2008. Tógadh trí stáisiún caidéalaithe nua, chomh maith.

Thosaigh an conradh Dear-Forbair-Feidhmigh le haghaidh Áis Cóireála Fuíll Uisce Phort Laoise a thógáil i 2007. Bhí stádas an chláir Dear-Forbair 90% críochnaithe ag deireadh 2008. Bhí an próiseas cóireála fuíll uisce coimisiúnaithe i Meán Fhómhair, 2008. Tá cur isteach triomadóir dríodair á chríochnú faoi láthair.

Scéim Séarachais do Bhailte Laoise ina nGrúpaí

Bhí na doiciméid chonartha le haghaidh chonradh na n-áiseanna cóireála aighnithe chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh chead chun dul ar aghaidh chuig tráth na dtairiscintí. Críochnaíodh comhaontais ceannaithe talún agus Codanna 8 de gach suíomh ICFU. Bhí cuireadh do chonraitheoirí chun réamh-cháiliú fógartha in Eanáir 2009 – gearr liostáil le bheith ar siúl in Aibreán 2009. Táthar ag súil le Ceadú na nDoiciméad Conartha in Aibreán, 2009.

Críochnaíodh oibreacha fiosraithe suímh gréasáin i mBealtaine, 2008. Críochnaíodh Codanna 8 le haghaidh 4 stáisiún caidéalaithe. Críochnaíodh doiciméid chonartha gréasáin agus d'aighníodh iad don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i Feabhra, 2009 le haghaidh cead chun dul ar aghaidh chuig na tairiscintí.

Scéim Séarachais Sráidbhailte Laoise ina nGrúpa

Críochnaíodh an Tuairisc Staidéar Féidearthachta deiridh le haghaidh Scéim Séarachais Sráidbhailte Laoise ina ngrúpa agus d'aighníodh é don Roinn i 2007. Tá Comhairle Chontae Laoise ag feitheamh faoi láthair ar chead na Roinne dul ar aghaidh leis an scéim seo.

Scéim Feabhsaithe Séarachais Mhóinteach Mílic

Déanadh athbhreithniú ar scóip tionscnamh Leathnaithe Séarachais Mhóinteach Mílic i 2007. Dhírigh scóip Céim 1 ar athnuachan agus ar fheabhsúcháin comhlíonta na stáisiúin caidéalaithe reatha agus ar an áis cóireála fuíoll uisce. Dearadh é seo agus cuireadh ar aghaidh é chuig tráth na dtairiscintí le linn 2008 agus tá sé le bheith ag tosú i Márta, 2009.

Bhí na Comhairleoirí N. O' Dwyer ceaptha i Márta, 2008. Thosaigh conarthaí oibreacha suirbhé (Suirbhé Srutha agus Báistí, Staidéar Ailtireachta agus Suirbhéanna Srutha agus Ualaigh, suirbhé Lidar, ceantar neamh-tréscaoilteach agus TCI/CUB) i Lúnasa, 2008. Tá an Réamh-thuairisc Dréachta le bheith in Iúl, 2009.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Scéim Séarachais Cúil an tSúdaire Ioma/Baile an Bhriotáis/Cillín Ard

Fuarthas cead le haghaidh Ioma, Baile an Bhriotáis agus Cillín Ard a chur isteach i Scéim Séarachais Chúl a' tSúdaire tar éis coimre leasaithe a aighniú don Roinn.

Ceapadh Comhairleoirí N. O'Dwyer i Márta, 2008. Thosaigh conarthaí oibreacha suirbhé (Suirbhé Sruth agus Báistí, Staidéar Ailtireachta agus Suirbhéanna Srutha agus Ualaigh, suirbhé Lidar, ceantar neamh-tréscaoilteach agus TCI/CUB) i Lúnasa, 2008. Tá an Réamh-thuairisc Dréachta le bheith in Iúl, 2009.

Scéim Soláthair Uisce Ghráig Uí Chuilinn

Bhí hidreagheolaí an UFF ceaptha i 2007 chun Réamh-thuairisc a ullmhú a aithníonn suímh oiriúnacha le haghaidh toll-pholl taiscéalaíochta agus doiciméid tairiscintí le haghaidh an chonartha druileála a chur isteach. Críochnaíodh conarthaí druileála taiscéalaíochta agus tástála caidéal i Nollaig, 2008. Tá tuairisc an UFF le bheith i Feabhra, 2009.

Scéim Fheabhsaithe Soláthar Uisce Darú

Tá Céim 2 de sholáthar uisce Aiteannaigh ag tosú leis an dearadh anois, chun múnla Deartha Dharú/Bhaile na Coille a bheith forbartha chun luacháil a dhéanamh ar na réitigh.

Reiligí

Lean Comhairle Chontae Laoise ag feidhmiú fiche seacht reilig mórthimpeall an chontae ag Mainistir Laoise, Eanach Tirim, Baile an Chalaidh, Béal Átha na Coille, Baile Adaim, Baile Finn, Baile Uí Laighneáin, Teach na Bearbha, an Bhuiríos, Cam Ros, Baile an Chaisleáin, Cluain na Slí, Ioma, Darú, Cillín Ard, Cill Uisean, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, Maigh Eanaigh, Port Laoise, An Ráithín, Ráth Domhnaigh, Ros Fhionnghlaise, Sean Chua, Sléibhte, An Sráidbhaile agus Tigh Mochua.

Tá Cláraitheoirí Reilige fostaithe do gach Reilig de chuid na Comhairle le freagracht orthu do dhíolachán plásóga agus cothabháil a dhéanamh ar rolla na reilige. Cuid tábhachtach den rannóg is ea na taifid a chothabháil. Thosaigh aistriú i 2008 de shonraí láimhe ó chláraitheoirí go formáid leictreonach agus leanfaidh sé i 2009.

Dhein máinlia crann suirbhé i 2008 ar roinnt reiligí agus déanadh roinnt oibreacha leasúcháin ansin.

Chabhraigh an Chomhairle, chomh maith, le Coiste Reilige Bhaile Fhinn Calvaire a chur suas ins an reilig nua.

Clár Caipitil

Críochnaíodh an próiseas talamh a cheannach le haghaidh reilig Ros Fhionnghlaise a leathnú i 2008 agus tosóidh na hoibreacha forbartha i 2009.

Deontais Reilige

Meallann an Chomhairle obair na gcoistí reilige áitiúla trí dheontas gach bliain. Fuarthas 109 iarratas deontais i 2008 agus díoladh amach €82,300. Tá obair luachmhar á dhéanamh ag na coistí deonacha seo ag cothabháil na reiligí áitiúla.

Tá reiligí rangaithe agus tá deontais díolta amach ar an mbonn seo a leanas:

Rannóg A: Reiligí na Comhairle
Rannóg B: Reiligí Comhairle Níos Lú
Rannóg C: Reiligí Nach cuid na Chomhairle iad
Rannóg D: Reiligí na fuil á úsáid go rialta a thuilleadh

Leithris Phoiblí

Caitheadh €104,000 ar chothabháil na leithreas poiblí i bPort Laoise, i Maighean Rátha agus sa tSráidbhaile. Dhíol an Chomhairle as obair athnuachana ar an sean leithreas poiblí i Maighean Rátha, a athosclaíodh agus tá C.E.P. Amalgamated Mhaighean Rátha Teo. á chothabháil.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Coiste Polasaí Pleanála agus Iompair

Cathaoir: Michael Rice, M.C.C

Baill	Suimeanna Rannacha
David Goodwin, M.C.C.	Martin Keane
Michael Lalor, M.C.C..	Pat Flanagan
John Turley, M.C.C.	Brian Bonham
John Joe Fennelly, M.C.C.	
Jerry Lodge, M.C.C..	
Jack Nolan, T.C.	

Stiúrthóir Seirbhísí:	Gerry Gibson
Innealtóir Sinsir-Bóithre:	Michael O'Hora
Pleanálaí Sinsir:	Angela McEvoy
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsir:	Kieran Kehoe

Tuairisc ar Choiste Polasaí Straitéiseach

Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste seo i 2008. Bhí na polasaithe seo a leanas aontaithe curtha ar aghaidh chuig an Grúpa Polasaí Chorparáideach chun breathnú a dhéanamh orthu sula dtéann sé ós comhair na Comhairle iom-láine:

- Ceansú Tráchta le haghaidh Bhóithre & Eastát Tithíochta
- Aghaidh Siopaí & Scéimh Sráide
- Soláthar Áiseanna Cúraim Leanaí
- Nuashonrú ar Dhul i gceannas ar Eastáit

An Rannóg Pleanála

Is é aidhm iomlán an Plean Forbartha ná forálacha na nAchtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus modhanna tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiceach, sóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn i dtreo is go bhfuil caighdeáin saoil cosanta agus ardaithe agus deiseanna oibre tugtha isteach agus cruthaithe le haird ar phrionsabail inmharthanachta.

Is féidir an Rannóg Phleanála a bhriseadh síos i 4 aicme scartha

(i) Bainistíocht Forbartha
(ii) Pleanáil ar Aghaidh
(iii) Pleanáil a Chur i bhFeidhm
(iv) Smacht ar Thógáil

(i) Bainistíocht Forbartha

Bé 1,510 méid na n-iarratas pleanála a fuarthas i 2008. Ba chóir é a lua, áfach, go raibh 385 des na h-iarratais iomlána neamhbhailí agus bhí ar an iarrthóir iarratas nua a aighniú.

Tugann an tábla briseadh síos de iarratais pleanála bailí a fuarthas agus breitheanna a déanadh le linn 2008.

	2008
Lìon na n-iarratas pleanala a fuarthas	1,125
Lìon na n-iarratas cinntithe	1,191
Lìon na ndeontas	1,007
Lìon na n-eiteach	196

Iarratais mhì-bhailì curtha ar as don iarrthoir	-	25%
Tagartha do oifigì crantar	-	14 laethanta oibre

Bailiú Iarratais Pleanála

Déanadh bailiú ar 1,531 iarratas pleanála i 2008 agus bhí 1,185 bailí agus 346 neamhbhailí. Cé go raibh 23% des na hiarratais pleanála neamhbhailí, b' iad ná príomhchúiseanna ná go raibh fógraí poiblí as data, ainm gníomhairí fágtha ar lár ó léarscáileanna/léaráidí agus gan an tomhas ceart taispeánta ar leagan amach suíomh.

Déanadh achomharc i gcoinne 55 iarratas don Bord Pleanála.

Tionscnaimh Seirbhís Custaiméirí

I 2008 lean scanadh iarratais pleanála mar a bhíodar faighte ag an Údarás Pleanála. Bhí an pobal in ann teacht ar gach iarratas pleanála ar líne

laistigh de dhá seachtaine tar éis don Údarás Pleanála iad a fháil le linn 2008.

Críochnaíodh oibreacha ar láthair nua seirbhíse do chustaiméirí go luath i 2008 agus d'osclaíodh é don bpobal. Fuarthas freagairt an-dearfach ó chustaiméirí faoin leagan amach.

Bhí 481 cruinniú Réamh-phleanála ar siúl i 2008, go raibh deis ag baill an phobail ann cúrsaí pleanála a phlé le pleanálaí sula n-aighnítear iarratas pleanála.

Bhí 27 Teastas Rannóg 5 eisithe ag Comhairle Chontae Laoise i 2008.

Chuaigh Comhairle Chontae Laoise "beo" leis an gCóras Ranníocaíochta Pleanála & Forbartha nua i 2008. Tá córas nua bunaithe ar IT a dhéanann taifeadadh ar na sonraí airgeadais go léir a bhaineann le ranníocaíochtaí forbartha. Tá an córas ceangailte le córas airgeadais príomha Chomhairle Chontae Laoise agus tá sé mar chóras níos tréscaoilteach agus níos éifeachtach le haghaidh taifeadadh a dhéanamh ar na tairiscintí forbartha.

Leanann an gréasán pleanála an-mhealltach le thart ar 400,000 cuairt ar an bhliain seo caite.

(ii) Pleanáil ar Aghaidh

Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag Pleanáil ar Aghaidh i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíochta agus sóisialta Chontae Laoise. Tá i gceist go soláthróidh Plean Forbartha Chontae Laoise 2006 – 2012, a tugadh isteach in Eanáir 2006, creatlach straitéiseach agus comhthéacs polasaí ina ndéanfaidh an Údarás Áitiúil a gcinneadh pleanála laistigh de.

Thug Comhairle Chontae Laoise isteach Athrú ar Phlean Forbartha an Chontae 2006-2012 agus ar Phleananna Ceantair Áitiúil maidir le caighdeáin Pháirceála Gluaisteán le haghaidh forbairtí oifige ag cruinniú na Comhairle i Meán Fhómhair, 2008.

Tá an roinn gafa go gníomhach anois le hullmhú pleananna úsáide talún ag gach leibhéal síos go pleanáil sráidbhaile agus máistir-phleanáil. Tá an Roinn Pleanála ar Aghaidh ag déanamh Comhairliú leis an bpobal forleathan mar aon leis an bh-Fóram Pobail Chontae le linn ullmhú gach Plean. Ceadaíonn sé seo do gach páirtí le suim acu ionchur a bheith acu i bhforbairt a cheantar, a shráidbhaile, a bhaile féin & rl.

Ag dul ar aghaidh ó chlár bhuacach ullmhúcháin ar phlean an tsráidbhaile i 2007, bhí na Pleananna Baile seo a leanas formhuinithe ag na Comhairleoirí Ceantair le linn 2008 an Sráidbhaile, AnEala, Tigh Mo-chua, Baile na Coille, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin, Ros Fhionnghlaise, Cluain na Slí, Ard Lios, Aiteannach, Cam Ros, Cúil Ruáin, An Chúl Choill, Sean Chua agus Baile Finn

Scéim Athnuachan Uirbeach

D'oscail an Taoiseach Mr. Brian Cowen T. D. Ceantar na Cearnóige Sibhialta ag Ascaill James Fintan Lalor, Port Laoise, in Aibreán 2008 go bhfuil Spás Conláiste Poiblí, carrchlós 2 urlár, tír-dhreachadh crua agus bog agus troscán sráide san áireamh ann.

Scéim Athnuachana Bhaile

Cáilíonn cúig bhaile i gContae Laoise do dhreasú cánacha faoi na Scéimeanna Uirbeacha agus Baile. Is iad na bailte a cháilíonn ná Port Laoise, Maighean Rátha, Móinteach Mílic, Cúl a' t-Súdaire agus Ráth Domhnaigh.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Scéim Deontais Caomhnaithe 2008

Tá an Deontas Scéime Caomhnaithe feidhmithe ar bhonn bliantúil. I 2008, bhí dáileadh €121,000 ar 17 iarrthóir buacach. Tá an scéim an-tháb-hachtach i dtaobh na struchtúr cosanta a chaomhnú sa Chontae agus leanann Comhairle Chontae Laoise á chur i bhfeidhm.

Seimineár Caomhnaithe

Bhí Seimineár Caomhnaithe ar siúl ar an 18ú Deireadh Fómhair, 2008, ins an Teach Oidhreachta, Mainistir Laoise agus bhí slua maith ag freastal air. Déanadh bronnadh mar iad seo a leanas ar an lá:

- Oidhreacht Fhorbartha Laoise – Willie Cumming, FNOA
- Struchtúir Cosanta a Chothabháil – Jackie Donnelly, RCSRÁ
- Deontais Chaomhnaithe – Angela McEvoy, A/Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Chontae Laoise
- Foirgnimh Cheann Tuí i Laois – Sinead Hughes, Taifeadadh Ailtireacht & Taighde
- Bheith ina shealbhóir ar thigh cheann tuí –Michael Dempsey, Baile Shéamuis

Catherine Casey, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Laoise ins an Teach Oidhreachta, Mainistir Laoise – Seimineár Caomhnaithe, 2008.

Seachtain Náisiún na g-Crann 2008

Soláthraíonn Comhairle Chrann na h-Éireann agus na h-Urraithe Coillte agus O2 méid áirithe crann óg gach bliain. Cuireann Comhairle Chontae Laoise na crainn ar fáil do ghrúpaí pobail mórthimpeall an Chontae. Mhaoinigh Comhairle Chontae Laoise roinnt crann níos mó a bhí ar fáil, chomh maith, dos na grúpaí pobail. Tá an scéim oscailte do chomhchaidreamh cónaitheoirí, do ghrúpaí bailte slachtmhara agus do ghrúpaí forbartha áitiúla eile agus do scoileanna.

Scéim Aghaidh Siopa 2008

Cuireadh an deontas ar fáil i 2008. Bhí dhá iarratas ann ón tús le haghaidh maoiniú faoin scéim agus ceadaíodh ceann amháin díobh.

Suímh Thréigthe

Dhein an Rannóg Pleanála Ar Aghaidh suirbhé forleathan ar shuímh tréigthe laistigh den gContae go raibh 50 suíomh curtha le rolla na suíomh tréigthe mar thoradh air. Bhí ar úinéirí oibreacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar chruth a lán struchtúir laistigh den gContae de bharr seo.

(iii) Pleanáil a Chur i bhFeidhm

Réamhrá

Déanfaidh an t- Údarás Pleanála iarracht deimhin a dhéanamh de go gcloítear le coinníollacha cead pleanála agus forbairt neamhúdaraithe a sheachaint, ar chomhréir leis na riachtanais reachtúla faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha, 2000-2007.

Forbairt Neamhúdaraithe

Forbairt neamhúdaraithe is ea nuair atá forbairt déanta gan aon chead pleanála cuí a fháil nó nuair nach bhfuil sé measta mar bheith díolmhaithe faoi na Rialacháin Pleanála & Forbartha 2001. Ina theannta san, tá forbairtí atá á dhéanamh ná fuil i gcomhréir leis an cead pleanála tugtha mar fhor-bairtí neamhúdaraithe

Feidhmeanna

Féachann an t-Údarás Pleanála i ndiaidh gach gearán scríofa de fhorbairt neamhúdaraithe nuair a fhéachann sé mar go bhfuil bunús maith leis. Tá foirm gearáin caighdeánach le fáil ar líne.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Céimeanna Gnásúla Ginearálta

Nuair a bhfaightear gearán scríofa bona fide, beidh fiosrú déanta agus beidh breith déanta ar bhailíocht an ghearáin. D'fhéadfadh tús a bheith curtha leis na céimeanna Forfheidhmiúcháin a thagann ina dhiaidh san. D' Fhéadfadh Litir Rabhaidh a bheith eisithe laistigh de 6 seachtaine ón am a fuarthas an litir faoin ngnó. Mura bhfuil freagra sásúil faighte tar éis an Litir Rabhaidh a eisiúint, d'fhéadfadh breis gníomhaíochta Forfheidhmiúcháin teacht ina dhiaidh san trí Fhógra Forfheidhmiúcháin a fhriotháil.

Tugann an Fógra Forfheidhmiúcháin fráma ama le haghaidh ghéilliúlachta agus mura gcloítear leis tógfar tuileadh gníomhaíochta mar atreorú chuig ár gcomhairleoir dlíthiúil. Bíonn costais idir riaracháin agus dlíthiúil san áireamh ann, chomh maith. Is féidir le eisiúint Fógra Forfheidhmiúcháin dul ar aghaidh fiú amháin mura bhfuil Litir Rabhaidh curtha.

Forbairtí ins an bhForfheidhmiúchán

Tá rannpháirtíocht an phobail níos mó anois leis an gCóras Forfheidhmiúcháinde bharr go bhfuil an t-Údarás Pleanála faoi dhualgais breathnú a dhéanamh orthu agus freagra a thabhairt ar ghearáin. Is fianaise breise é méid na bhfiosraithe ó Oifig Fear an Phobail de rannpháirtíocht méadaithe ón bpobal. Tá cumhachtaí dlíthiúla láidre le fáil chun cumas a thabhairt don Údarás Pleanála déileáil le ciontóirí agus bhí méadú mór ins na fíneálacha íoctha, i dteannta le pionós fíneála den íosmhéid sa chás go bhfuil duine ionchúisithe le cion maidir le forbairt neamhúdaraithe. Bhí Comhairle Chontae Laoise gníomhach i 2008 ag féachaint ar ghearáin faoi fhorbairtí neamhúdaraithe.

Ceadú Ócáidí Amuigh

Tá ócáid amuigh sonraithe mar ócáid poiblí a bhíonn ar siúl don gcuid is mó nó go h-áirithe faoin aer amuigh nó i struchtúr gan díon, nó le cuid de dhíon, nó le díon sealadach nó le díon in-ais-tarraingthe nó faoi chanbhás nó struchtúr dá leithéid ina bhfuil ceol, rince, léiriúcháin spraoi poiblí nó aon ní dá leithéid san ar siúl ann.

Tá ar lucht eagraithe ócáidí dá leithéid ceadúnas d'fháil ón Údarás Pleanála sa chás go bhfuil slua de 5,000 duine ann nó níos mó. Samplaí:Picnic Aibhléise ar siúl i Sráidbhaile, Co. Laoise i 2004, 2005, 2006, 2007agus 2008.

Fógra Cláraithe Cairéal

Bhí gach Cairéal ná raibh buntáiste Chead Pleanála acu, nó a fuair Cead pleanála thar chúig bhliain roimh fheidhmiú Chuid 261, faoi Chuid 261 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, cláraithe leis an Údarás Pleanála. Fuair Comhairle Chontae Laoise 78 iarratas le haghaidh chláraithe, agus bhí 60 cairéal cláraithe mar chairéil ag feidhmiú. Tá an Comhairle ag déanamh monatóireachta faoi láthair ar ghéilliúntas na gcairéal go bhfuil coinníollacha dá leithéid curtha orthu faoi Chuid 261.

Ag Dul i gCeannas ar Eastáit

Thosaigh Comhairle Chontae Laoise leis an bpróiseas cúram eastáit a thógáil air féin ar iarratas ó fhorbróirí agus/nó ó chumainn cónaitheoirí. Deimhníonn an t-Údarás Pleanála go gcaithfidh an t-eastát a bheith ag cloí le coinníollacha an chead phleanála faoi mar a bh leagtha amach ó thús. Tugann Comhairle Chontae Laoise suas a pholasaí ceannasaíochta suas chun dáta de réir threoirlínte an Aire.

Chuathas i gceannas ar 6 eastáit i 2008.

(iv) Smacht Tógála

Déileálann an Rannóg Smachta Tógála le fógraí tosaithe faighte agus déanann siad cigireachtaí ar fhoirgnimh chun deimhin a dhéanamh de go gcloíonn siad leis na rialacháin Smachta Forbartha éagsúla.

Méid na bhFógraí Tosaithe Bailí Faighte	507
Méid na bhFoirgneamh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe Bailí	675
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu	162
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu mar % des na foirgnimh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe bailí	24%

Polasaí Pleanála agus Iompair

Rialú Tógála agus Pleanála

Tithe Aonaracha	31/12/07	31/12/08
Líon na n-iarratas cinntithe	705	466
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	408 (58%)	271 (58%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	295	194
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0	1
Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	75	72
% na ndeontas	70%	75.75%
% na n-eiteach	30%	24.25%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	84%	90.91%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	16%	9.09%

Orbairt Tithíochta		
Líon na n-iarratas cinntithe	91	57
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	47 (52%)	25 (44%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	42	32
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	2	0
Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	79	77.47
% na ndeontas	45%	68.42%
% na n-eiteach	55%	31.58%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	87%	81.82%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	13%	18.18%

Eile: gan ghá le EIA		
Líon na n-iarratas cinntithe	1020	657
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	839 (82%)	494 (75%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	180	163
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0	0
Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	75	74.79
% na ndeontas	92%	90.11%
% na n-eiteach	7.6%	9.89%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	48%	76.67%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	52%	23.33%

Polasaí Pleanála agus Iompair

Eile: gá le EIA	31/12/07	31/12/08
Líon na n-iarratas cinntithe	6	11
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	1 (17%)	1 (9%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	4	10
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0	0
Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	95	94.6
% na ndeontas	83%	100%
% na n-eiteach	17%	0%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	0%	0%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%	100%

Cur i bhfeidhm na Pleanála		
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh fiosrú fúthu	167	149
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a caitheadh amach	-	27
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh réiteach orthu trí chainteanna. (58 – cásanna 2007 agus 94 ó bhliana eile)	152	206
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodh trí litir ghearáin	82	143
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodhtrí Fhógraí Forfheidhmithe	20	61
Líon Iomlán na gciontuithe	0	6

Uaireanta ar Oscailt agus Comhairliúcháin		
Uaireanta oscailte sa tseachtain ar an mheán	32.5	32.5
Líon na gcruinnithe réamh-phleanála a bhí ann	993	568
Anméid ama ar an meán (i laethanta) ó rinneadh iarratas ar chomhchomhairle le pleanálaí an údaráis áitiúla go dtí go mbíonn cruinniú foirmiúil comhchomhairle réamhphleanála ann.	10	7 (laethanta oibre)
Foirgnimh iniúchta mar % de fhoirgnimh nua ar cuireadh in iúl don Údarás Áitiúil fúthu	12.25%	24%

Polasaí Pleanála agus Iompair

Bóithre

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as agus déanann siad cothabháil ar 2,278 km de bhóthar agus 28 km de mótar bhealach.

Faid na mBóithre de réir a Rangaithe

Mótar Bealach	23.4 km
Príomhach Náisiúnta	59.6 km
Tánaisteach Náisiúnta	79.7 km
Bóithre Réigiúnacha	317.9 km
Contae/Príomh Bóithre Eile	1,718 km
Iomlán	**2,198.6 km**

Dáiltí Deontas Bhóthar 2007

Fuair Comhairle Chontae Laoise dáileadh iomlán de €101,484,168 le haghaidh bóithre Náisiúnta & Neamhnáisiúnta an chontae i 2008. Bhí €12.6m de seo ar fáil le haghaidh caiteachais ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

Scéimeanna Feabhsaithe Sonracha

Fuair Comhairle Chontae Laoise ciste ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh na scéimeanna seo a leanas i 2008:

Droichead Chill Mhuilinn €2,600,000

Bhí cruinniú éisteachta ar siúl ag an mBord Pleanála maidir le dréacht ordú ceannach éigeantach na scéime seo i Nollaig 2005. Ceadaíodh an scéim i 2006 agus chuaigh an dáileadh do shealúchas ceannaíodh i 2006. Ceannaíodh tuileadh talún i 2007 agus i 2008. Meastar go mbeidh doiciméid chonartha sínithe leis na conraitheoirí buacacha, John Craddock Teo. agus beidh comhaontas faoi dhroichead críochnaithe le h-Iarnród Éireann go luath i 2009. Meastar go mbeidh an scéim seo críochnaithe i Samhain, 2009. Tá ath-líniú an Bhóthair R420 Cúil an tSúdaire go dtí Mainistir Eimhín san áireamh mar aon le droichead thar an bhóthar iarainn phríomha Bhaile Átha Cliath/Luimneach/Corcaigh.

Ceangal-bhóthar an Tóchair - €1,280,000

Thosaigh tógáil ar Scéim Cheangal-bhóthair an Tóchair i Samhain, 2008. Tá an bóthar déanta suas de bhealach singil dhá lána, siad san Ceangal-bhóthar an Tóchair, ó acomhal Ascaill Father Browne go dtí an Nód Náisiúnta Iompair & Cuan Intíre molta agus gach aon saghas oibre coimhdeach a ghabhann leis. Táthar ag súil go mbeidh Céim 1 den scéim seo críochnaithe i Márta/Aibreán, 2009.

Ciste Clár

D'fhógair an Aire Pobail, Tuaithe agus Cúrsaí Gaeltachta go bhfuil 39 Roinn Toghchánacha intofa anois do mhaoiniú faoi chlár CLÁR. Clár infheistithe le haghaidh cheantair thuaithe le míbhuntáiste orthu is ea Clár. Fuair Comhairle Chontae Laoise €79,911 faoi chomh-choiste CLÁR/An Roinn Iompair le haghaidh oibreacha na mbóthar Áitiúla Príomha, Áitiúla Tánaisteacha, Áitiúla Treasacha agus Droichid. Bhí scéimeanna CLÁR déanta ins an Baile Finn, an Chill, Na Fearnáin agus Móinín an Leasa i 2008.

Bearta Slánaithe Sábháilteachta Bhóthar

Fuair Comhairle Chontae Laoise €67,000 chun ocht Beart Scéimeanna Slánaithe Sábháilteacht Bhóthar ar áiteanna éagsúla mórthimpeall an Chontae agus ar Scéimeanna Bhóithre-Neamh Náisiúnta i 2008. Bhí ath-líniú acomhail i gceist ins na scéimeanna seo, soláthar líniú, marcáil

bhóthar agus comharthaí chun sábháilteacht bhóthar a fheabhsú. Bhí R434 (Crosaire an Mhuighin), R429 (Crosaire Bhéal an Phoill) agus an R430 (Casadh ag Slat Uachtarach).

Sábháilteacht Bhóthar

Dáileadh 2000 veist ard-fheiceálach ar bhunscoileanna i Laois chun sábháilteacht bóthar agus meabhraíocht a ardú i gcás mhac léinn agus tuismitheoirí, i dteannta le bannaí láimhe agus frithchaiteoir mála scoile. Lean ann fhoghlaim i mBunscoileanna agus i Meánscoileanna tríd an gClár Tiomáin ar son do Shaoil atá dírithe ar mhic léinn de aois a 17 agus an Clár Rothaíochta Sábháilte atá deartha le haghaidh daoine de haois 10 go 12. Leanann an Garda Síochána agus an Coiste Sábháilteachta Bóthair ag obair chun méid agus olcas na dtionóisc bóthar i Laois a laghdú.

Mic Léinn ag Scoil Bhríde, Cnoc Maí

Cothabháil Bhóithre Náisiúnta

Bhí dhá scéim fhorleagan pábhála ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha críochnaithe i 2008. Fuarthas leithdháileadh de €200,000 le haghaidh forleagan pábhála des na codanna den N7 ag Maighean Rátha, atá timpeall 800m i bhfad. Fuarthas dáileadh breise de €200,000 le haghaidh oibreacha forleagan pábhála ag áiteanna difriúla ar an N8.

Bóithre Neamh-Náisiúnta a Chothabháil

Dhein Comhairle Chontae Laoise oibreacha cothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an chontae, ar aon dul le blianta eile. Tá oibreacha draenála, cóiriú gruaimhín, deisithe cosán, comharthaí a chur suas agus a athrú, ath-líniú, soláthar stud, glanadh sráide agus bailiú bruscair agus bacainn/sreangú sábháilteachta a athrú san áireamh ins na hoibreacha seo.

Bhí oibreacha Neartaithe agus Cóirithe Dromchla déanta i 2008, faoi an gClár Oibreacha Bhóithre Il-Bhliantúla 2008-2010 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Chontae mórthimpeall an chontae. Bhí iomlán de 56 km Bóithre Réigiúnacha agus Chontae neartaithe agus bhí 83 km de dhromchla cóirithe i 2008. Scéimeanna Maoinithe Táille Forbartha Cuireadh roinnt scéimeanna a bhí maoinithe trí Tháillí Forbartha chun cinn i 2008.

Scéimeanna Maoinithe na dTáillí Forbartha

Chuathas ar aghaidh le roinnt scéimeanna trí Táillí Forbartha i 2008.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Feabhsú Bóthar Uí Chillí Ard

Tá €800,000 dáilte don scéim seo. Thosaigh obair ar an suíomh seo agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i 2008.

Castaí Chros na n-éan i nGráig Uí Chuilinn

Tá Conraitheoirí David Walsh ceaptha agus táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe i mBealtaine, 2009, ag costas €1,000,000.

Bealach Fithiseach Thuaidh Phort Laoise

Bhí obair déanta i 2008 ar fhiosraithe talún agus ar shuirbhéanna topa-grafacha fán mbealach. Tá dearadh sonrach na scéime seo á chríochnú faoi láthair. Meastar go mbeidh codanna an bhóthair seo seachadta trí fhorbairt ar an dtalamh ata i gcreasa. Tá comhairliú ag dul ar aghaidh i gcónaí leis an UNB chun an scéim seo a chur ar aghaidh níos mó.

Cuar-Bhealach Deisceart Phort Laoise

Bhí an próiseas OCE tosaithe agus ceadaithe ag ABP i Nollaig, 2008. Beidh an scéim á fhorbairt ag forbróirí príobháideacha laistigh de chomhthéacs na gcead pleanála a bhí tugtha le hais slí na scéime.

Athlíniú Bóthar na Buiríse

Fuarthas cead Cuid 8 le haghaidh na scéime seo i 2007. Bhí comhairleoirí ceaptha go luath i 2008 chun aghaidh a thabhairt ar an dearadh sonrach, atá críochnaithe anois. Tá an OCE don scéim seo le bheith ag tosú i 2009. Lorgófar tairiscintí agus tá an tógáil le bheith ag tosú i 2009 agus le súil go mbeidh sé críochnaithe i 2010.

Feabhsúcháin Tráchta Sráidbhaile Ráth Domhnaigh

Críochnaíodh an dearadh sonrach i 2008 agus thosaigh an tógáil i Samhain, 2008, leis an aidhm Céim 1 a críochnú i 2009 ag costas €600,000.

Seachbhóthar an tSráidbhaile

Tá ceadú Cuid 8 i bhfeidhm anois le haghaidh bealach iomlán an Seachbhóthair.

Scéimeanna Eile

Bhí roinnt Codanna 8 eile tugtha ar aghaidh i gceantair atá tionchar ag for-bartha molta ar aidhmeanna bhóthar viz:

- Bóthar Faoisimh Inmheánach Mhainistir Laoise – Cuid Ráth Mhaol.
- R445, Bóthar Maighean Rátha, Port Laoise
- R445, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise
- Bealach Fithise Theas Phort Laoise/Bóthar Mílic

Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla

Fuarthas dáileadh €324,000 ón Roinn Iompair i 2008 maidir le sin thuas agus críochnaíodh 9 gcinn de thionscnaimh. Baineann Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla le bóithre príobháideacha i Laois. Tá Deontas 85% de chostas iomlán na n-oibreacha soláthraithe má chosnaíonn an scéim sa bhreis ar €25,393. Sa chás go gcosnaíonn scéim níos lú ná an méid seo tá 90% soláthraithe.

Rannpháirtíocht an Phobail in Scéim Oibreacha Bóthar

Lean an scéim seo i 2008 (€220,000) agus tugadh faoi 9 dtionscnamh go buacach i dteannta le pobail áitiúla.

Scéim Mótarbhealach M7 Phort Laoise go Baile an Chaisleáin/M8 Phort Laoise go an Chúl Choille

Tá an M7 Phort Laoise – Baile an Chaisleáin/M8 Phort Laoise – Scéim Mótarbhealach PPP Chúl Coille mar chuid den bhfeabhsúchán ar bhealaigh náisiúnta príomha an N7 agus N8 atá molta faoin bPlean Náisiúnta Forbartha. Nascfaidh an scéim, i ndeireadh bháire, leis an Scéim Bhaile an Chaisleáin go h-Aonach Urmhumhan (Scéim N7) ar scéim N7 agus N8 Chúl Coille go Caiseal (Scéim N8) ar an N8.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Struchtúr 27 – Droichead N7 Ard Reatha

Tógáil Cheannbhrat Crua an Dola Phláis

Tá Port Laoise - Cúl an Chnoic agus Port Laoise - Baile an Chaisleáin á nascadh mar scéim amháin. Seo ceann des na tionscnaimh atá á fhógairt ag an UBN i Meitheamh 2000 faoi Bhabhta II de chlár Bóithre PPP. Luíonn bealach Port Laoise - Baile an Chaisleáin ar bhealach an N7 Luimneach go Baile Átha Cliath. Luíonn bealach Phort Laoise-Cúl Coille ar bhealach an N8 Corcaigh go Baile Átha Cliath. Tá faid an dá chuid le chéile timpeall 40 km.

Tugadh an conradh PPP i mBealtaine, 2007, do feadhnacht Teoranta Grúpa Bóithre Ceilteacha (Port Laoise) atá déanta suas de BAM PPP in aice le Iridium Concesiones de Infraestructuras S.A. agus BDN cpt.

Sé atá sa scéim ná airgeadú, dearadh, tógáil agus oibríocht an bhóthair nua agus na n-áiseanna dola. Tá an scéim nua-thógtha i dtimpeallacht 'plás glas' den gcuid is mó. Tá dé-bhealach de thimpeall 41 ciliméadar agus timpeall 3 km de cheangal-bhóithre carráiste singil, timpeall 15 cil-iméadar de chúl-bhóithre, acomhail scartha de ghrád 3 agus Scéim mótarbhealach go mótarbhealach. Tá timpeall 46 struchtúr nua, 2 struchtúr reatha, timpeall 29 lintéir struchtúracha agus Plá Dola amháin. Tá tógáil ar siúl i gcónaí agus táthar ag súil leis an oscailt i Meán Fómhair, 2010.

Táscairí Feidhmíochta

R.1

Faid i gciliméadair de Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha feabhsaithe agus á gcothabháil faoin gClár Athchóirithe suas go 31/12/08	– 139.575 km.
Faid i gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha tógtha faoi scéim deontas na bhfeabhas sonrach gach bliain	– 0 km

Bord Forbartha Contae Laoise

Ballraíocht an Bhoird

Rialtas Áitiúil

Mr. James Deegan, MCC, Comhairle Chontae Laoise (Cathaoirleach)
Mr. Peter Carey, Bainisteoir an Chontae, Comhairle Chontae Laoise
Mr. Michael Rice, MCC, Comhairle Chontae Laoise
Mr. John Bonham, MCC, Comhairle Chontae Laoise
Mr. Brian Stanley MCC, Comhairle Chontae Laoise
Mr. John Moran, MCC, Comhairle Chontae Laoise
Ms. Rotimi Adebari, TC, Comhairle Baile Phort Laoise

Forbairt Áitiúil

Ms. Mary Callinan, Bord Fiontar an Chontae
Ms. Lena Ging, Bord Fiontar an Chontae
Ms. Ann Goodwin, LEADER Laoise
Ms. Julia Booth, LEADER Laoise
Mr. Pat Fitzgerald, Cumann Forbartha Mhóinteach Mílic
Ms. Diane Burke, Tionscnamh Pobail Gníomhach Phort Laoise
Ms. Fionn Bardon, Coiste Cúraim Leanaí Laoise

Gníomhaireachtaí Stáit

Ms. Mary Delaney, FSS Lár na Tíre
Mr. Pat Campbell, FÁS
Mr. Con Feighery, Teagasc
Ms. Anne O 'Keefe, CGO Laoise
Mr. Barry Egan, Fiontar Éireann
Mr. Pat Byrne, Fiontar Éireann
Ms. Brid Moody, IDA Ireland
Mr. Jim Buckley, Dept. of Social & Family Affairs
Mr. Seamus Murray, an Roinn Oideachais & Eolaíochta
Ard-cheannfort D. Sheehan, Garda Síochána
Mr. Kevin Kidney, MERTA

Páirtithe Sóisialta

Ms. Margaret Ryan, an Earnáil Gnó
Ms. Miriam Hamilton, Earnáil na gCeard-chumann
Mr. Michael Bergin, an Earnáil Feirmeoireachta
Mr. Brian Booham, Fóram Pobail
Ms Sarah Shakespeare, Fóram Pobail

Stiúrthóir Pobail & Fiontair, Forbairt Eacnamaíochta & an Contae a Chur Chun Cinn: Declan Byrne

Bhí 4 cruinniú ar siúl ag Bord Forbartha Chontae Laoise le linn 2008. Bhí dul chun cinn mór déanta ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí tosaíochta an Bhoird. Bhí léirithe déanta don Bord i rith na bliana acu seo a leanas:

- Mr. Kieran Kehoe, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin – Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Mr. Liam O'Callaghan, Bainisteoir Sláinte Laoise/Uíbh Fháilí, FSS – Dul chun cinn maidir le Straitéis BFC – Gníomhaíochtaí FSS
- Mr. Pat Campbell, Bainisteoir Ionad Traenála, FAS – Ról FAS i gcás dúnadh comhlachta

"I dtreo Plean Comhtháite le haghaidh Chontae Laoise".

Ms. Benedicta Attoh, Coiste Náisiúnta Comhairleach ar Chiníochas agus Idir-chultúr

"Cur chun cinn, léirmhíniú & Bainistíocht Oidhreacht Cultúrtha Chontae Laoise".

Mr. Caimin O'Brien, Seandálaí le Seirbhísí Náisiúnta na Leachtanna, RCSRA

"Pobal sábháilte sláintiúil le dea-caighdeán saoil".

An t-Ollamh Niall Moyna, Scoil Sláinte & Feidhmíocht Daonna, Dámh na h-Eolaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.

Bord Forbartha Contae Laoise

"Mar ar chuaigh Údarás na mBóthar Náisiúnta i bhfeidhm ar bhunú 'Grúpa Forbartha Eacnamaíochta Dún Dealgan".

Mr. Peter Malone, Cathaoirleach ÚÍdarás na mBóthar Náisiúnta

"Deiseanna spóirt a fhorbairt i Laois".

Mr. John Delaney, POF, Cumann Sacar na hÉireann & Mr. Peter Gerard, Stiúrthóir Cumarsáide, Cumann Sacar na hÉireann

Tasc-ghrúpaí an Bhoird

Lean Tasc-ghrúpaí an Bhoird ag cur a gcuid tosaíochtaí chun cinn mar a bhí leagtha amach in Athbhreithniú Straitéiseach an Bhoird 2005–2008

Ár bhféidearthacht a chur chun críche – Athbhreithniú Straitéiseach 2009 – 2012

Thosaigh an Bord ag obair ar athbhreithniú ar an Straitéis don dTréimhse 2009 – 2012, mar a lorgaíodh é ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá an Plean Athbhreithnithe agus Cur i bhFeidhm le bheith críochnaithe roimh Aibreán, 2009.

Iniúchadh ar na hÁiseanna

Ar iarratas ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, bhí iniúchadh ar na háiseanna pobail reatha ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí deonacha, sibhialta nó chaitheamh aimsire déanta ag Comhairle Chontae Laoise.

Forbairt Phobail & Fiontair Laoise (Comhghreamú)

Lean obair ar fhorbairt struchtúir aontaithe nua le haghaidh an Chláir Fhorbartha Tuaithe, a bhí seachadta cheana ag LEADER agus an Clár Forbartha Áitiúil Iniamh Sóisialta (Cumann Forbartha Iniamh Sóisialta Mhóinteach Mílic agus Tionscnamh Gníomhaíochta Phobail Phort Laoise), a dhéanfaidh gach forbairt tuaithe agus cláir iniamh shóisialta a sheachadadh sa chontae. Bunaíodh an comhlacht – Bord Forbartha Pobail & Fiontair Laoise (ag trádáil mar Páirtíocht Laoise anois) – i 2008 agus bhí gach stiúrthóir ceaptha. Ceapadh Mr. Michael Bergin mar Chathaoirleach an Chomhlachta, agus tar éis agallaimh, bhí Mrs. Anne Goodwin ceaptha don post mar POF.

Tionscnaimh Caipitil Shóisialta

Lean obair ar Tionscnaimh Caipitil Sóisialta le linn 2008, i dteannta le grúpaí pobail agus deonacha i ngach ceantar. Críochnaíodh ceithre thionscnamh agus d'osclaíodh iad don bpobal i rith na bliana:

- Forbairt Ionad Pobail Bhaile Chuilinn Bhig, Móinteach Mílic agus an talamh in aice leis.
- Forbairt an Cheantair Ghlais ag an Dúnán, Crochta Ard.
- Soláthar áis óige ag Ionad Pobail Cam Ros atá tiomnaithe.
- Forbairt Siúlóid Líneach, Port Laoise.

Meastar go mbeidh na h-Áiseanna Óige ag Ionad Pobail Cúil an tSúdaire críochnaithe agus oscailte don bpobal go luath i 2009.

Grúpa Oibre Bearta Iniamh Sóisialta (BIS)

Tá an Grúpa MIS freagrach as comhoibriú a fhorbairt i seachadadh na seirbhíse do ghrúpaí atá faoi eisiamh sóisialta. Thosaigh Comhairle Chontae Laoise, le tacaíocht ón n-Grúpa BIS, i 2007 ar chur i bhfeidhm na Straitéise Frith-Bhochtaineachta do Chontae Laoise. D'fhorbair an grúpa, chomh maith, Straitéis Idir-ghníomhaireacht sa chontae don Lucht Siúil, atá á chur i bhfeidhm faoi láthair. Beidh ceapadh Oibrí Fiontair an Lucht Siúil san áireamh, a sholáthróidh tacaíocht agus abhcóideacht don Lucht Siúil ag bunú fiontair agus ag glacadh páirt sa bhfostaíocht phríomha.

Gréasán na dTuismitheoirí Aonaracha

Dhein coiste gréasáin Tuismitheoirí Singil Laoise sraith de acmhainn dá bhall a fhorbairt agus cláir traenála dóibh, chomh maith. Tá an grúpa ag déanamh dhíchill faoi láthair ceangail níos láidre a fhorbairt le soláthraithe seirbhísí/gníomhaireachtaí chun cabhrú leo le fadhbanna a éiríonn aníos do thuismitheoirí singil maidir le iompar, le oideachas breise, le buntáistí Leasa Sóisialta, le lóistín, &rl.

Bord Forbartha Contae Laoise

Tacaíochtaí le haghaidh Mionlach Eitneach

Lean an rannóg pobail agus fiontair ag tacú le grúpa tacaíochta Mionlach Eitneach Laoise agus leanadar ag obair ar a bhallraíocht a leathnú. I dteannta leis an Roinn Spóirt agus le h-Ionad Fóillíochta Phort Laoise, ghlac an grúpa páirt i lá idirchultúrtha ar an 6ú Nollaig ag an Ionad Fóillíochta. Bhí ócáid chultúrtha ar siúl ag an ngrúpa le haghaidh Gach Grúpa Eitneach sa chontae ar an 13ú Nollaig i Móinteach Mílic.

Comórtas Bród As d'Áit Náisiúnta

Chuaigh dhá iontráil ó Laois isteach ins an comórtas Bród As d'Áit, tar éis iad a bheith ainmnithe ag Comhairle Chontae Laoise – dhein Ionad Pharóiste Phort Laoise ionadaíocht ar Laois ins an rannóg Áis Pobail, faid is gur dhein Cumann Tithíochta Deonach Mhóinteach Mílic ionadaíocht ar Laois ins na Seirbhísí do Shean Daoine. Bhronn Comhairle Chontae Laoise teastais don dá iontráil mar aitheantas dá rannpháirtíocht i gcomórtas na bliana seo.

Ionad Pharóiste Phort Laoise An t-Uachtarán Máire Mac Giolla Íosa leis an gComhairleoir James Deegan, Mr. Declan Kelly, Ionad Pharóiste Phort Laoise agus Mr. Peter Carey, Bainisteoir an Chontae. (Grianghraf: Sean Byrne)

Cumann Tithíochta Deonach Mhóinteach Mílic – Comhairleoir James Deegan, Tom Dowling, Cathaoirleach Bród As d' Áit, Comhairleoir Paddy Bracken, Seamus Sexton, Frances O' Loughlin, Comhairleoir Tom Higgins, Méara Phort Láirge agus Christopher Moran, Cathaoirleach Comhar Éireann. (Grianghraf: Sean Byrne)

Bhí Uachtarán na hÉireann, Ms Maire Mac Giolla Íosa, mar an aoi oinigh ag na Duaiseanna Gala Bród As d'Áit an Oileáin go Léir ag Ionad Pobail Ceapach Choinn, Port Láirge ar an 6ú Samhain. D'fhógair an t-Uachtarán na buaiteoirí do lucht féachana de thimpeall 500 duine, go raibh ion-adaithe ó gach ceann den 113 grúpa ainmnithe san áireamh ann agus bhí óstaíocht déanta ar ag Comhairle Chontae Phort Láirge.

D'éirigh go hiontach le Laois ins an cúpla bliain atá caite ins an comórtas Bród As d'Áit agus níorbh eisceacht 2008. D'aithníodh an dá iontráil ó Laois as ucht an chabhair iontach a thugadar dá bpobail faoi seach – Bhuaigh Ionad Paróiste Phort Laoise an chéad duais i Rannóg 6 as ucht a Áis Pobail agus fuair Cumann Tithíochta Deonach Mhóinteach Mílic an dara duais i rannóg Cúraim do Shean Daoine.

Tionscnaimh Óige

Comhairle na nÓg 2008

Bhí Comhairle na nÓg ar siúl ar an 13ú Samhain i gcoláiste Phort Laoise. Ghlac timpeall 180 mac léinn an chúigiú bliain agus an idirbhliain ón 11 nó an 12 meán scoil i Laois, i dteannta le mic léinn ó Youth Reach i Móinteach Mílic páirt ar an lá, go raibh cabhair á fháil ó roinnt éas-caitheoirí. Pléadh trí théama – Tábhacht Spórt & Gníomhaíocht Fisiceach, Mí-úsáid Substaintí agus ár gCóras Oideachais a Mhaoiniú.

Ceapadh cúig mac léinn ó Laois – Richie Westman, John Delaney, Jennifer McDermot, Laura Birch agus Jim Gibbons – chun ionadaíocht a dhéanamh ar Laois ag Dáil na nÓg Náisiúnta a bhí ar siúl ar an 20ú Feabhra, 2009, i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath.

Comhairle na nÓg

Bhí ullmhú leanúnach ar siúl le linn na bliana le haghaidh forbairt Comhairle Óige Laoise. Bhí toghcháin le haghaidh 26 post ar an gcomhairle ar siúl in Aibreán/Bealtaine, le gach meánscoil sa chontae ag glacadh páit. Bhí traenáil scileanna Cumarsáide & Coiste ar siúl ar an 29ú Meán Fhómhair.

Bord Forbartha Contae Laoise

Polasaí Cosanta Leanaí

Bhí "Polasaí Cosanta Leanaí" dréachtaithe agus aontaithe ag na hearnálacha cuí go léir. Bhí an Polasaí formhuinithe ag an Fhoireann Bainistíochta agus ag an gCoiste Páirtíochta. Beidh Oifigeach Cosanta Leanaí ceaptha anois agus beidh traenáil cuí le haghaidh na foirne soláthraithe.

Ag cur Acht an Éagumais i bhFeidhm

Chuir Comhairle Chontae Laoise clár de thart ar €425,000 i bhfeidhm i 2008 chun áiseanna a dhéanamh agus áiteanna a dhéanamh níos insroichte do dhaoine le míchumas orthu. Bhí oibreacha feabhsaithe déanta ar bhóithre agus ar chosáin mórthimpeall an chontae, i Halla an Chontae, i Reilig Ioma agus ag na hoifigí Ceantair ag Cúil an tSúdaire agus Gráig Uí Chuilinn, Bhí stoc curtha i Leabharlannaí an Chontae, chomh maith, le bailiúchán mór de Leabhair Chlos-tre-alaimh, Earraí Leabharlanna Il-mheáin agus Crua Earraí Ríomhaire, gur féidir le daoine le míchumas orthu iad a úsáid. Feabhsaíodh suíomh idirlín na Comhairle agus na pointí eolais IT le linn na bliana chun deimhin a dhéanamh de go raibh teacht iomlán ar na seirbhísí ar líne do bhaill an phobail go léir. Tugadh Duais eRialtais Áitiúil na hÉireann iomlán is fearr don suíomh idirlín de bharr na h-oibre seo. Dhein Cumraigh Teoranta, Éire, Iniúchadh Sroichte ar 24 baile & sráidbhaile i Laois. Cuirfidh toradh an iniúchta in iúl don gComhairle faoi na hoibreacha riachtanacha don todhchaí.

Fóram Pobail Chontae Laoise

Bíonn Feidhmeannach an Fhóraim ag bualadh le céile gach mí agus ag oibriú trína chlár le haghaidh 2008. Críochnaíodh na tionscnaimh seo a leanas i 2008:

Scéim Rabhán Deataigh 2008: Tá na baill páirteach go gníomhach le dáileadh agus le seachadadh 1,000 rabhán deataigh trasna an chon-tae le haghaidh 2008.

Seoladh Phlean Mhíchumais: Sheol Páirtíocht Spóirt Laoise, i dteanna leis an bhFóram Pobail, a Phlean Míchumais 2008/2009 ar an 11ú Samhain. Dáileadh an foilseachán do gach grúpa pobail & deonach sa chontae.

Tacaíochtaí Pobail & Leabhrán Deontais: Foilsíodh agus dáileadh Treorach Tacaíochtaí & Deontais Pobail, le eolas ann ar na deontais éagsúla agus na tacaíochtaí atá le fáil faoi láthair ó Chomhairle Chontae Laoise, do gach grúpa Pobail & Deonach sa chontae.

Ag Ceiliúradh Daoine Níos Sine: Bhí ócáid ar siúl ag an Fóram Pobail, ag Páirtíocht Spóirt Laoise & LEADER Laoise do Shean Daoine agus do Ghrúpaí Scortha Gníomhach ar an 19ú Bealtaine in Ionad Pharóiste, Port Laoise.

Comhlacht Pobail & Fiontair Laoise: Chabhraigh na baill leis an bpróiseas toghcháin do phoist an Stiúrthóir pobail & deonach ar Chomhlacht Pobail & Fiontair Laoise.

Pobal ar Aire/Faire Comharsanachta: Sheol an Garda Síochána, i dteannta an Fhóraim Pobail a Phlean ar Phobail ar aire/ Faire Comharsanachta ar an 26ú Márta.

Baill Nua: Ceapadh trí bhall nua do Fheidhmeannach an Fhóraim Pobail ag na Toghcháin a bhí ar siúl go luath i Márta – Ms. Sheelagh Coyle, Ms. Sarah Shakespeare, agus Ms. Sylvia Roujet, i dToghroinn Ceantair Móinteach Mílic, Ioma agus Phort Laoise faoi seach.

Tuairisc ar Chomharthaí Náisiúnta Seirbhíse

Rannpháirtíocht & Comhar Phobail

Céatadán na Scoileanna Áitiúla atá gafa leis an gComhairle Óige Áitiúil/Scéim Chomhairle na nÓg

Ócáid Meán Scoileanna - 100%

Bainistíocht Airgeadais

Ceannaire Airgeadais: Gerry Murphy
Cuntasóir Airgeadais/Bainistíochta: Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Cáin Mótair, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim, Párolla agus Pinsean, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséid agus Ráitis Airgeadais Bhliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí uile a bhaineann leis.

Rátaí

Ba é 64.63 an Ráta Bhliantúil Ginearálta ar Luacha.

Ba é an t-Iolraitheoir Luacha In-ráta le haghaidh Port Laoise agus Móinteach Mílic ná:

Port Laoise: 66.63 Móinteach Mílic: 67.43

Muirir Uisce

I 2008 bhí 2,385 úsáideoirí tráchtála ann agus rinneadh méadarthomhas ar 2,127 acu san. Bhí táille seasta ann do na tomhaltóirí eile. Tá sé ar intinn againn go mbeidh méadair ag úsáideoirí uile neamh-tíos faoi Aibreáin 2009. Ba é €5.18 in aghaidh 1000 galún an muirear le haghaidh uisce méadarthomhaiste i 2008. Bhí táille seasta €60.00 in aghaidh na bliana anuas ar sin.

Íocaíocht Dhéanaí Cuntais

I ndiaidh tabhairt isteach an Acht um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála) 2002, tá soláthraithe tráchtála i dteideal íocaíochtaí úis ar mhéideanna dlite dóibh i ndiaidh

a) an dáta sonraithe faoi théarmaí conartha scríofa, nó
b) 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó sheachadadh na n-earraí, nuair nach bhfuil conradh scríofa ar bith nó mura sonraíonn an conradh dáta íocaíochta.

Glacann Comhairle Contae Laoise le téarmaí an Achta um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála). Chun géilleadh don Acht agus na Rialacháin a chinntiú, cuirtear stampa dáta ar na sonraisc a faightear san rannóg Cuntais Iníoctha agus déantar scrúdú seachtainiúil ar sonraisc gan íoc atá ag druidim leis an dáta sonraithe. Sa chás go mbíonn ús íocaíochta dhéanaí iníoctha, seoltar ráiteas a shonraíonn an ús chuig an soláthraí chomh maith leis an íocaíocht. Ní féidir leis an gnás atá sonraithe thuas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinnte a sholáthar le haghaidh géilleadh don Acht.

Is iad na gnáth tréimhsí íocaíochta sonraithe i conarthaí scríofa i gcoitinne ná:

Conarthaí Tithíochta - 10 lá oibre
Conarthaí Bóithre - 28 lá
Conarthaí Uisce - 14 lá /1 mí

Staitistic Íocaíocht Dhéanaí: 2008

An líon iomlán íocaíochtaí déanacha os cionn €250	2
Luach íocaíochtaí dhéanaí os cionn €250	€3,837.26
Meán tréimhse íocaíocht dhéanaí re 175 lá:	27
Codán i Euro de íocaíochtaí dhéanaí uile maidir le íocaíocht iomlán:	0.0015% (€3,837.26/€259,562,119.27)
Suim Iomlán úis íoctha ar íocaíochtaí dhéanaí:	€16.80

Córais Bhainistíochta Airgeadais - Feabhsúcháin

Tugadh isteach córas nua le haghaidh Ranníocaíochtaí Forbartha. Tá Ranníocaíochtaí Forbartha mar córas Féichiúnaithe anois. Feabhsóidh sé seo na bailiúcháin go mór ins an gceantar seo.

Bhí córas nua admhála tugtha isteach, chomh maith. Is iad na buntáistí príomha den gcóras nua seo ná soiléireacht níos mó i gcódáil na n-admhálacha.

Bainistíocht Airgeadais

Bhí ordaithe ceannaithe a chur trí ríomhphost go soláthraithe agus feabhsúcháin ar an gcóras íocaíochta le níos mó sonraí san áireamh, i measc feabhsaithe eile.

Táimid a déanamh feabhsúcháin an t-am ar fad ins an aicme cártaí Ceannaithe ar Luach Íseal (CLI). Táimid ag déanamh athbhreithniú faoi láthair agus ag déanamh códú ar ghnáthaimh ins an aicme seo chun an próiseas a dhéanamh níos éifeachtaí. Tá an próiseas ag dul ar aghaidh i gcónaí. d' Fheabhsaigh sé seo éifeachtacht i rannóg Iníoctha na gCuntas agus thug sé buntáistí do sholáthraithe.

Bhí an Buiséad Bhliantúil le haghaidh 2008 ullmhaithe ins an formáid nua faoin gCóras Costála. Beidh na Ráitis Airgeadais Bliantúla do 2008 ullmhaithe ins an formáid nua, chomh maith.

Cáin Ghluaisteán

Leanann an Roinn Cánach Ghluaisteán ag soláthar seirbhísí atá in úsáid go forleathan ag an bpobal. Clúdaíonn an Córas (Comhad Tiomána Feithicle Náisiúnta) CTFN gach cáin ghluaisteán agus gach ceadúnas tiomána.

B' iad na hidirbhirt iomlána a dhein OMC Laoise i 2008 ná 81,249.

Rátaí Nua CO2

Beidh cáin gluaisteán do fheithiclí nua cláraithe air, nó ina dhiaidh an 1ú Iúil, 2008 déanta amach bunaithe ar seacht gcinn de bhandaí CO2. Beidh an cháin ó €104 sa bhliain dos na gluaisteáin is glaise go €2000 le haghaidh gluaisteáin leis na rátaí astaithe is airde. Beidh rátaí cáin Gluaisteán grádaithe mar a théitear suas na bandaí CO2.

Ceadúnais Feithicle

Bé an teacht isteach iomlán do 2008 ná €12,576,685, i gcomparáid le €11,901,090 i 2007. Bé méid na gceadúnas feithicle (dioscaí) a eisíodh i 2008 ná 56,812 i gcomparáid le 56,044 i 2007.

Ceadúnais Tiomána

Bé €196,660 méid na bhfáltas (le dúbailtí san áireamh) le haghaidh 2008 i gcomparáid le €148,605 le haghaidh 2007. Bé 11,262 méid na gceadúnas tiomána a eisíodh i 2008 i gcomparáid le 9,422 i 2007. Ní foláir do gach iarrthóir dá chéad Ceadúnas Foghlaimeora Teist Teoirice a dhéanamh. Is é an uimhir fóin chun glaoch a dhéanamh do theist 1890 606 106.

Tástáil Feithicle

Bhí Teastais ar Ród acmhainneachta le haghaidh feithiclí trádála/earraí eisithe i leith 5,887 feithicle le linn na bliana i gcomparáid le 5,337 do 2007. Tá teist RCORÁ riachtanach gach bliain do gach feithicle trádála/earraí.

TNG: Teist Náisiúnta Gluaisteán

Tá tástáil feithiclí príobháideacha ar siúl ar bhonn leanúnaí ó Eanáir 2000. Tá Lárionad Laoise ag Lárionad Gnó Lios na m-Bard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Bíonn an chéad Teist tar éis 4 bhliain agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Cairr seanré an t-aon feithicle ná caithfear an teist seo a dhéanamh orthu.

Uaireanta Cloig Oscailte: 9 a.m. – 3.30 p.m., ó Luan go h-Aoine le am lóin san áireamh.

Céadatán bearta Mótarchánach:	31/12/08
Adhéileáiltear leo leis an gcustaiméir	83% (57,859)
Adhéileáiltear leo tríd an bpoist	17% (12,021)
Líon uaireanta ar oscailt sa tseachtain	31.125

Bainistíocht Airgeadais

D'athraíodh na táscairí feidhmíochta i 2008 chun gach iarratas do cheadúnas tiomána agus gach iarratas do cháin feithicle tríd an bpost a chur san áireamh.

(a) on the same day	17,770 (76.29%)
(b) on the third day or less	5,421 (23.27%)
(c) on the fifth day or less	35 (0.15%)
(d) over 5 days	67 (0.29%)

Bailiú Cánach

Iasachtaí Tithíochta	31/12/07	31/12/08
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht	95%	94%
% na riaráiste:		
(i) 1 mí d'aois	14%	4%
(ii) 2 – 3 mhí d'aois	19%	20%
(iii) thar 3 mhí d'aois	67%	76%

Rátaí Trádála

Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht	91%	90%

Táillí Uisce Neamh-Theaghlaigh

Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht	68%	47%

Cuntas Airgeadais

Caiteachas ag Grúpa Cláir Net	Caiteachas 2008 €	Adhmhálacha 2008 €	GlanCaiteachais 2008 €
Tithíocht & Foirgníocht	12,548,252	10,655,519	1,892,733
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	18,875,714	13,635,555	5,240,159
Soláthar Uisce	10,793,189	4,536,206	6,256,984
Spreagthaí & Rialúcháin an Forbart	4,888,287	1,458,690	3,429,597
Cosaint an Chomhshaoil	10,014,210	7,093,253	2,920,957
Caitheamh Aimsire & Conláistí	4,482,775	777,337	3,705,438
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	5,170,706	4,413,495	757,211
Seirbhísí Ilghéitheacha	4,152,995	3,141,409	1,011,586
Admhálacha / Caiteachas Iomlán	70,926,127	45,711,464	

Glanchostas Clár le cistiú ó Rátaí Contae agus Rialtas Áitiúil	25,214,663
Rátaí	9,017,455
Cistiú Rialtais Áitiúil	19,360,800
Fuílleach don Bhliain roimh Aistrithe	3,163,591
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí	(3,158,746)
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí	4,845
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir, 2008	(534,218)
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig, 2008	(529,373)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid ag 01.01.08	(8,140,580)
Deontas	113,567,650
Adhmhálacha eile	47,199,904
Aistrithe	3,149,028
Caiteachas	169,057,293
Iarmhéid ag 31.12.08	(13,281,290)

Comhairle Baile Phort Laoise

Bainisteoir: Gerry Gibson
Cléireach Baile: John Clarke
Innealtóir Baile: Philip McVeigh

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir William Aird tofa mar Mhéara ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Baile Phort Laoise a bhí ar siúl ar an 26ú Meitheamh 2007. Toghadh an Comhairleoir Brian Stanley mar Leas Mhéara.

Baill ar Bhoird/Choistí

Coiste Polasaí Tithíochta, Sóisialta & Cultúrtha:

An Comhairleoir Brian Stanley – Cathaoirleach
An Comhairleoir William Aird – Ball
An Comhairleoir Catherine Fitzgerald – Ball

Coiste Polasaí Cur Chun Cinn Forbartha Eacnamaíochta & Chontae:

An Comhairleoir Mary Sweeney
An Comhairleoir Tom Jacob
An Comhairleoir Rotimi Adebari

Coiste Polasaí Pleanála & Iompair:

An Comhairleoir Jerry Lodge
An Comhairleoir Jack Nolan

Cruinnithe Míosúla

Bíonn cruinnithe Bhaile Port Laoise ar siúil ar an gcéad Mháirt de gach mí.

Seirbhísí príomha Soláthraithe

Cothabháil agus deisiú tithíochta, Seirbhísí Mhaor Scoile, Tionscnaimh Timpeallachta, Leithreas, Glacadh Fáiltiú Sibhialta & Nascadh Bailte.

Buiséad 2007 - €117,190

I 2008, Sholáthar an Chomhairle Bhaile tacaíocht dóibh seo a leanas:
Coiste Paráid Lá Le Pádraig, Bailte Slachtmhara Phort Laoise, Cumann Muintir Rossvale Court, Cumann Muintir Bhóthar Ó Luigheach, Grúpa Muintir Phlás na Trioge, Grúpa Pobail Ascaill Marian, Cumann Muintir Chearnóg Naomh Sheáin, Cumann Náisiúnta le haghaidh Tacaíocht Tuismitheoirí Teo., Cumann na g-Cúramóirí, Cumann Macra na Feirme Phort Laoise, Cumann Tuismitheoirí le Chéile, Club Dornálaíochta Phort Laoise, Tionscnamh Oideachais Plás Uí Mhórdha, Rang Ceoil Naomh Bríd agus Soilsiú na Nollag.

Comhdhálacha

Thug an Comhairle Bhaile tacaíocht agus dhéan sé ionadaíocht ag na comhdhálacha seo a leans:

- Comhdháil Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Catharaha na hÉireann
- Seimineár Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Cathartha na hÉireann

Buaic Phointí le linn 2008

Thug an Chomhairle Bhaile taca, agus chuireadar fáilte roimh forbairtí éagsúla i bPort Laoise, ach go háirithe:

- Cearnóg Shibhialta Phort Laoise
- Oscailt oifigiúil Ionad Fóillíochta Phort Laoise
- Páirc Mhiondíola Nua Phort Laoise
- Feidhmíocht Phort Laoise ins na Duaiseanna Sraith Frith-Bhruscair an GEFB
- Cuairt ónár gcairde Comh- Baile i Coulounieix-Chamiers, An Fhrainc
- Forbairtí Tithíochta Poiblí, Deonacha & In-acmhainn
- Feabhsúcháin bóthar agus cosán mórthimpeall an Bhaile

Fáiltithe

Bhí fáiltithe ar siúl ag onórú iad seo a leanas i 2008:
Foireann Pheil na mBan, Buaiteoirí Chraobh Uile Éireann faoi 14, Cumann Náisiúnta de Phroifisiúnaigh ón Nigéar, Eagraíocht Náisiúnta do Dhaoine Dífhostaithe agus Cumann na g-Cúramóirí

Peil na mBan Phort Laoise – Buaiteoirí Féile Faoi-14 Uile Éireann

Chomairle Baile Mhóinteach Mílic

Bainisteoir: Declan Byrne
Cléireach Baile: Pamela Tynan
Innealtóir Baile: Wesley Wilkinson

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Denis O'Meara tofa mar Chathaoirleach ag an g-Cruinniú de chuid Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic. Ceapadh an Comhairleoir Joe Melia ina Leas Cathaoirleach

Ionadaíocht ar Eagraíochtaí Eile

Coiste na Logainmneacha

Dhein Comhairleoir Bobby Delaney ionadaíocht ar an gComhairle Baile ar Choiste na Logainmneacha do Chontae Laoise.

Coiste Fho-Dhlite Mhóinteach Mílic

Dhein Comhairleoir Michael Gormley, Cathaoirleach DEnis O'Meara agus iar Chathaoirleach Joe Melia ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar Fho-Dhlite an Choiste, ag déileáil le gach fadhb bainistíochta tráchta sa bhaile.

Chomhar-Árachais Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann

Dhein an Comhairleoir Marc Connolly ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar na heagraíochtaí thuas.

Comhchaidreamh Údarás Cathracha na hÉireann

Dhein Comhairleoirí Patrick J. Bracken agus Michael Gormley ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar a Chomhdháil Cinn Bhliana agus ar a Seimineár Cinn Bhliana, chomh maith.

Coistí Polasaí Straitéiseach

Tá an Comhairleoir Denis O' Meara mar ionadaí ar CAS Seirbhísí Comhshaoil & Uisce agus tá an Comhairleoir Marc Connolly mar ionadaí ar an CAS Tithíochta Sóisialta agus Cultúrtha.

Fáiltiú Sibhialta CLG Mhóinteach Mílic – 1ú Márta 2008

Bhí rince is dinnéar CLG Mhóinteach Mílic agus CLG Ban Ascaill Sáirséil ar siúl ar an 1ú Márta, 2008, ins an Ostán Oidhreachta, Port Laoise. D' fhreastal an Chathaoirleach agus Cléireach an Bhaile ar an ócáid seo ar son an Chomhairle Baile agus dhearnadar bronnta foirmiúla de dheis-mireachtaí don dá chlub.

Fáiltiú Sibhialta Macra – 3ú Aibreán, 2008

Bhí Fáiltiú Sibhialta ar siúl ag an gComhairle Baile ag onórú Macra Mhóinteach Mílic ag dul ar aghaidh ó chruinniú Mí an Aibreáin. D' fhreast-al baill na Cléire áitiúil, baill Mhacra, Baill Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic, Cléireach an Bhaile, Leas Bhainisteoir an Chontae agus Aíonna ar an ócáid seo. Bhí bronnadh foirmiúil déanta do Mhacra ag an gCathaoirleach agus ag na Baill.

Lá Scáth na bPost

Bhí an chéad lá Scáth na b-Post Náisiúnta ar siúl ar an 23ú Aibreán. Tionscnamh náisiúnta é 'Scáth na b-Post' dírithe ar dheis uathúil a thab-hairt do dhaoine le míchumas orthu fostaí sa láthair oibre a "scáthú" faid

is a théann sé nó sí trí ghnáth lá oibre. Is é aidhm iomlán Lá Scáth na b-Post Náisiúnta fostaíocht lucht post a lorg le míchumas orthu a dhéanamh soghluaiste faid is a ardaítear meabhraíocht na Fostaíochta Tacaíochta ina theannta san. Thug na baill tacaíocht d'aon ghuth don scéim seo.

40ú Comóradh Cumann Creidmheasa Mhóinteach Mílic

Bhí 40ú Comóradh Cumann Creidmheasa Mhóinteach Mílic ar siúl i Meitheamh, 2008. Bhí fáiltiú ar siúl ins an Cumann Creidmheasa go raibh roinnt Comhairleoirí Baile i láthair ann. Mhol an Chomhairle an Chomhairle go foirmiúil, ar son pobal an Mhóinteach Mílic, an obair dheonach ollmhór a dhein baill an Chumainn Chreidmheasa don bpobail áitiúil.

Ceantair Pháirceála Mhóinteach Mílic agus Fo-Dhlite Carrchlóis

Críochnaíodh oibreacha ar an gcéad chéim des na fo-dhlite le linn míonna an tsamhraidh. Bhí soláthar páirceála díol agus taispeáin ag Cearnóg Uí Chonchúir, bá lódála, Bá Bus agus Ranc Tacsaí lasmuigh de Oifig an Phoist san áireamh iontu seo.

Chuaigh pleananna de chéim a dó des na hoibreacha trí an próiseas cigireachta poiblí, chomh maith, agus táthar ag súil go dtosóidh an obair go luath i 2009. Dhein na baill monatóireacht ar an dul chun cinn le linn na bliana agus thugadar a dtuairimí agus a chabhair do Choiste na bhFo-Dhlite. Tá an Coiste déanta suas de ionadaithe ó Chomhairle an Bhaile, Cumann Forbartha Mhóinteach Mílic agus Trádálaithe Áitiúla leis an Comhairleoir Paddy Bracken mar an cathaoirleach a dhein tuairisciú ar an dul chun cinn ag cruinnithe Míosúla an Chomhairle Bhaile.

Oibreacha Comhshaoil/ Deontais

Bhí Oibreacha Uasghrádaithe Comhshaoil éagsúla déanta mórthimpeall an bhaile le linn 2008. Bhíodar seo a leanas san áireamh ins na hoibreacha seo:

- Péinteáladh troscán sráide agus d'athraíodh é san áit go raibh damáiste déanta dó.
- Ceannaíodh sé phota bláth mór breise agus cuireadh plandaí samhraidh agus geimhridh ins na potaí uile.
- Soláthraíodh dhá bhosca bruscair guma choganta nua agus cuireadh iad ag an Ionad Pobail agus ag Oifig an Phoist.
- Ceannaíodh sé bhinse poiblí nua agus cuireadh iad suas ag áitean-na éagsúla timpeall an Bhaile.

Tionscnamh Uasghrádaithe Droichead an Chlochair

D'eagraigh Cléireach an Bhaile cruinniú le Ms, Ciara Flynn, Páirceanna Náisiúnta & Seirbhís Fiabheatha, a bhí ar siúl ar an 8ú Meán Fhómhair. Tugadh cead don fhorbairt pleanáilte ina dhiaidh san ó SPNFB agus críochnaíodh an tionscnamh i nDeireadh Fómhair.

Seachtain Ag Dul In Aois go Dearfach Mhóinteach Mílic – 4ú Meán Fhómhair

Ceiliúradh náisiúnta é an tSeachtain ag dul in aois go dearfach den obair gur dhein sean daoine agus a dhéanann fós dár bpobal. Socraíodh d'aon ghuth ag Cruinniú Míosúil na Bealtaine go ndéanfadh an Comhairleoir Melia & Comhairleoir Whelan ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar an gCoiste Ag Dul In Aois go Dearfach. Bhí amhránaíocht ar an sean-nós & rince, scéalta á insint agus bhí siopaí oibre ar shláinte, sáb-háilteachta & airgeadais san áireamh i measc roinnt des na hócáidí a eagraíodh.

Modhanna Ceansaithe Tráchta

Bhí boscaí buí soláthraithe ag an slí isteach go Páirc Kirwan, Páirc Ó Tuama & Eastáit Pattison. Bhí ceithre rampa curtha síos ag Roinn Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise ag Baile Cuilinn Beg.

Faiche Imeartha le haghaidh Mhóinteach Mílic

Bhí Cruinniú Speisialta ar siúl i Deireadh Fómhair idir Chomhairle Chontae Laoise agus ionadaithe poiblí áitiúla ag déanamh ionadaíochta ar an gComhairle Bhaile agus ar comhairleoirí Ceantair Chontae Mhóinteach Mílic agus baill an Oireachtais. Bé a chomhaontaigh an cruinniú go rogh-nófaí Páirc Smith le haghaidh na faiche imeartha agus tá an Comhairle Chontae ag dul ar aghaidh anois le pleananna leis an aidhm acu an faiche imeartha a sholáthar i 2009.

Chomairle Baile Mhóinteach Mílic

Sábháilteacht Uisce

Cuireadh Baoithe Tarrthála Sábháilteachta Uisce suas ag na háiteanna éagsúla cois na habhann i Móinteach Mílic mar a bhí molta ag Comhairle Sábháilteachta Uisce na hÉireann.

Cruinniú leis na Gardaí

Bhí Cruinniú Speisialta leis An Garda Síochána ar siúl le linn na bliana. Dhein na baill imlíniú ar fhadhbanna éagsúla agus ábhar buartha mórthimpeall an bhaile. Labhair an Sáirsint Cawley na baill ag cur in iúl dóibh go ndéanfadh na Gardaí a n-dícheall figiúirí coire a laghdú i Móinteach Mílic.

D'aontaíodh d'aon ghuth go scríobhadh Cléireach an Bhaile don Ard-Cheannfort chun bualadh leis na baill chun líon na nGardaí i Móinteach Mílic a phlé.

Uasghrádú Séarachais Mhóinteach Mílic

Chuir Comhairle Chontae Laoise trealamh aeraithe nua isteach i 2008 ag an Áis Cóireála Fuíoll Uisce. d' Fheabhsaigh sé seo an leibhéal cóireála ag an Áis trí chumas na háise a mheaitseáil leis an ualach reatha.

Cuireadh Áis Cóireála Sealadach nua isteach, chomh maith, i 2008. Táthar ag súil go soláthróidh sé seo cumas cóireála suas go 5,000 CE (Coibhéis an Daonra) i dteannta le cumas an Áis Cóireála reatha.

Tá cur chuige dhá Chéim i gceist le tionscnaimh mhóra caipitil. Tá feabhas ar na stáisiúin chaidéalaithe reatha agus ar an dtanc stórais uisce stoirme i gceist le Céim 1. Tá Céim 2 ina thionscnamh fad-théarmach go bhfuil soláthar áis cóireála fuíoll uisce san áireamh ann chun an daonra gur dhócha a bheidh ann don gcéad 20 bliain eile a chlúdach i dteannta le leathnaithe ar an ngréasán.

Soláthar Uisce

Tógadh agus déanadh coimisiúnú ar scéim soláthar uisce nua i Márta, 2008, chun uisce a sholáthar ó fhoinse tobair nua ag Eidheann. Sholáthar an Roinn maoiniú €2.1m don dtionscnamh seo. Tá an soláthar nua á mhéadú de réir a chéile agus tá monatóireacht déanta air ón bhfoinse seo faid is atá an soláthar ó shean Áis Catholes a laghdú. Tá nach mór 50% den soláthar seo go Móinteach Mílic á sheachadadh anois faoi láthair ó fhoinse nua ag Eidheann. Chabhraigh cur isteach ós na Baill le cúpla bliain anuas leis an mbreith an obair seo a dhéanamh.

Bród as an Ait Dúchais Náisiúnta 2008

Tháinig Cumann Tithíochta Deonach, Cúirt Wolf Tone, Móinteach Mílic sa dara h-áit i Rannóg Chúram do Sheanóirí ag ócáid Bhronnadh Duaiseanna Bród as do Áit Dúchais a bhí ar siúl i Ceapach Choinn, Co. Phort Láirge ar an 8ú lá de Mhí na Samhna, 2008.

Bunú agus Oibríocht Comhchoiste Póilíneachta
Thuairiscigh an Leas Bainisteoir ar conas a oibreoidh an Comhchoiste Póilíneachta ag Cruinniú Míosúil na Samhna de Chomhairle Bhaile Móinteach Mílic. Chuir sé in iúl dos na baill go mbeidh an coiste déanta suas de 2 Oifigeach Comhairle, 9 mBall Tofa, 3 Bhall ón Oireachtas, 2 Oifigeach Garda agus 3 duine ag déanamh ionadaíochta ar son an earnáil Phobail agus Deonach. Mhínigh sé go mbeidh na cruinnithe ar siúl gach trí mhí agus beidh na meáin agus baill an phobail ag freastal air.

Chur na baill fáilte d'aon ghuth roimhe agus d'aontaigh siad le Bunú an Choiste.

Cruinnithe Gnó

Mar a bhí blianta eile bhí slua diamhrach ball i láthair ag cruinnithe inar ndearnadh uiríolla faoi ghnéithe tábhachtacha a bhí ina ábhar buartha acu. Ina measc siúd bhí oibreacha timpeallachta, bainistíocht tráchta, oibreacha bóthar agus deisithe cosán, comharthaíocht, soilsiú poiblí &rl. san áireamh.

Gníomhaíochta Eile

Club Sóisialta

Bhí 2008 mar bhliain an-rathúil don gClub Sóisialta agus tá ballraíocht de 276 ann faoi láthair. Bhí a lán ócáidí ar siúl i 2008.

Tarraingt Mhíosúil

Bíonn Tarraingt ar siúl ar an g-Céad Aoine de gach mí do Bhaill Club Sóisialta. Tá na duaiseanna mar seo a leanas:

Duais a h1: €50 Duais a 2: €30 Duais a 3: €20

Tráth na gCeist Boird

Rith an Club Sóisialta an rannóg in-tigh de Thráth na g-Ceist Boird i Márta, agus d' éirigh go hiontach leis. Fuair Trófaí Tráth na g-Ceist baile nua sna Cúrsaí Corparáideacha agus san fhoireann a bhuaigh bhí Catherine Gorman, Gerry Ryan, Alec Bland agus Marie O' Hora.

Tóraíocht Taisce

Shocraigh Christy Crawford & Alec Bland tóraíocht taisce iontach timpeall Laoise ar an 29ú Bealtaine, chun go mbeadh Port Laoise, Baile an Róine & Mainistir Laoise san áireamh ann. Ba iad an fhoireann a bhuaigh ná Geraldine Campion, Sean Mullins agus Joan Dowling.

Cóisir Dheireadh an t-Samhraidh

Bhí cóisir Deireadh an t-Samhraidh ar siúl i Halla an Chontae ar an 15ú Lúnasa, le Eunice agus a foireann ag ullmhú agus ag friotháil bia a bhí den scoth. d' Fhreastal slua iontach air.

Cóisir Oíche Shamhna

Bhí cóisir culaithe bhréige Oíche Shamhna ar siúl ag Ionad Sky ar an 17ú Deireadh Fómhair, le siamsaíocht soláthraithe ag 'Glitter bugs'. d' Fhreastal thart ar 100 duine ar oíche iontach agus bhaineadar go léir taitneamh as.

Aifreann Bhliantúil

Bhí Aifreann Bliantúil do bhaill mharbha agus do fhoireann ó Chomhairle Chontae Laoise eagraithe ag an gClub Sóisialta i Seomra na Comhairle. Bhí mórán daoine ag an Aifreann agus soláthraíodh sólaistí san ceaintín ina dhiaidh.

Cóisir Nollag na Leanaí

Bhí Cóisir Nollag na Leanaí ar siúl ar an 13ú Nollaig ins an ceaintín. Bhí siamsaíocht iontach ann le Dora an Taiscéalaí, Banríon, Bart Simpson, Foghlaí Mara agus Daidí na Nollag, gan amhras, agus ceann dá lucharacháin, a tháinig sa Bhriogáid Dóiteáin, a bhuíochas san do John Ging. Bhí an dioscó soláthraithe ag ár DJ féin Joe. Buíochas le gach aoinne a chabhraigh é a dhéanamh mar lá iontach amach do thart ar 130 leanbh a fhreastal air.

Cóisir na Nollag

Bhí Coisir na Nollag Bhliantúil ar siúl ar an 19ú Nollaig i d-Tigh Ósta na h-Oidhreachta, Port Laoise, le ceol agus dioscó na hoíche soláthraithe ag 'Eden'. Díoladh amach na ticéid don chóisir le 128 ticéad díolta.

Cumann Gailf

Bhí Pat Keogh mar chaptaen an Chumainn Gailf i 2008. Bhí a lá, mar chaptaein ar siúl i gClub Gailf Mountrath i Mí Iúil agus bhí lá den scoth ag gach aoinne. Bhí Duais an Chaptaein buaite ag Barry Larkin agus bhuaigh sé Imreoir Ghailf na Bliana don bhliain 2008, chomh maith. Bhuaigh Pat Keogh Corn Uí Chinnéide ag lá amach na foirne a bhí ar siúl in An Tulach Mór.

Eolaire Úsáideach

Aras an Chontae
Port Laoise
Teil: (057) 8664000
Facs: (057) 8622313
Rphoist: corpaffairs@laoiscoco.ie
Uaireanta ar Oscailt: 9.00 am go 5.00 pm (Am Lóin san air)
Láithrean Gréasáin: www.laois.ie

Oifig an Airgid
Bloc 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8674308
Uaireanta ar Oscailt: 9.00 am go 3.30 pm (Am Lóin san air)

An Oifig Pleanála
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664039
Facs: (057) 8622491
Uaireanta ar Oscailt: 9.30 am go 4.00 pm (Am Lóin san air)

Oifig Mhótarchánach
Bloc 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664009
Facs: (057) 8621184
Uaireanta ar Oscailt: 9.00 am go 3.30 pm (Am Lóin san air)

An Oifig Spóirt agus Fóillíochta
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664007
Facs: (057) 8622313

Oifig na nEalaíona
Block 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8674342
Facs: (057) 8674382

Ceannáras an Leabharlainne
Block 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8674315
Facs: (057) 8674381

An Limistéar Thiar
Teach an Cúirte, Buiríos Mór Osraí
Teil: (0505) 41123
Facs: (0505) 41188

An Limistéar Thoir
Bóthar Corcaigh, an tSráidbhaile
Teil: (057) 8625227
Facs: (057) 8625227

limistéar lárnach,
Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise
Teil: (057) 8664168
Facs: (057) 8660135

Oifig Cheantar an Ghráig
Bóthar na Sleaty, Ghráig, Ceatharlach
Teil: (059) 9165960

Oifig Cheantar Cúil an tSúdaire
1 Lána na Páirce, Cúil an tSúdaire
Teil: (057) 8636533

Athcóirithe Tithe
Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise
Teil: (057) 8622177
Facs: (057) 8622177

An Oifig Deartha Bóithre
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664000
Facs: (057) 8622633

Réadlann
Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise
Teil: (057) 866416
Facs: (057) 8663502

An Clós Innealra
Clonboyne, Port Laoise
Teil: (057) 8621148
Facs: (057) 8621148

Oifig an Tionscaimh um Bóithre Náisiúnta
Clonboyne, Port Laoise
Teil: (057) 8664850
Facs: (057) 8664858

Láithreán Líonta Talún
Kyletalesha, Port Laoise
Teil: (057) 8620653
Facs: (057) 8660858

CC Cosanta Sibhialta
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664000
Facs: (057) 8625058